


SCÁTHLÁN

Iris Chumann Staire
agus Seanchais
Ghaoth Dobhair



uimhir

3

Scáthlán

3

Eagarthóir:

DÓNALL P. Ó BAOILL

Márta 1986



Seán Ó Gallchóir
1912 - 1984

Cumann Staire agus Seanchais Ghaoth Dobhair

TIOMNAÍONN MUID
SCÁTHLÁN 3

I gCUIMHNE

JOHNNY SHEÁIN
UÍ GHALLCHÓIR

DUINE DE BHUNAITHEOIRÍ
CHUMANN STAIRE AGUS SEANCHAIS
GHAOTH DOBHAIR,

AN CHÉAD EAGARTHÓIR
AR AN IRIS SEO,

AGUS

CARA LINN AR FAD

A FUAIR BÁS
MÍ LÚNASA 1984.

Cumann Staire agus Seanchais Ghaoth Dobhair

Uachtarán: Mícheál Ó Gallchóir (Micí 'n Chóp)
Rúnaí: Máire Mhic Niallais.
Cisteoir: Muiris Ó Fearraigh.

Tá an Cumann fíor-bhuíoch dár gcuid scríbhneoirí—gan a gcuidiú ní bheadh iris ann. Buíochas fosta dóibh sin a thug grianghrafanna agus do na clódóirí, Donegal Democrat, Béal Átha Seanaigh.

Cumann Staire agus Seanchais Ghaoth Dobhair

Ballraíocht bliana : £2.00

Tig cóip de **Scáthlán 3** a fháil fríd an
phost ach £3.50 a chur chuig:

AN RÚNAÍ,
AN SCÁTHLÁN,
DOIRÍ BEAGA,
LEITIR CEANAINN.

EAGARALT

Seo chugaibh Scáthlán 3. Is beag a shíl muid nuair a bhí Scáthlán 2 ag teacht amach in onóir Phadaí Mhicheáil Airt gur in onóir dhuine de choiste agus de bhunaitheoirí Chumainn Staire agus Seanchais Ghaoth Dobhair a bheadh an chéad uimhir eile den iris. Ach sin mar atá an saol. Tá Johnny Sheáin ar shiúl uainn — fear a rinne gach dícheall le bonn ceart a chur faoin obair thábhachtach seo cruinniú na gceannóg staire agus seanchais a bhaineann lenár bparóiste sa dóigh go mbeadh aithne againn orainn féin agus fios ag na glúnta nach dtáinig go fóill cá as ar fhás agus ar phréamhaigh siad. Tá mórán le déanamh go fóill againn ach más fíor go mbíonn gach toiseach lag chan fhuil feidhm dúinn a bheith éadóchasach. Seo an tríú himleabhar de Scáthlán.

I Scáthlán 3 tá iarracht déanta againn cuid den tseanchas agus den stair a bhaineann leis na hainmneacha atá ar bhailte, ar aibhneacha, ar chnoic, ar ghleanntaí, ar oileáin agus ar bheanna cladaigh an pharóiste a léiriú agus cur síos fiúntach a thabhairt ar na gnéithe is suimiúla a bhaineann leo. Tá aiste fhada agus gearraiste againn ar stair na paróiste agus ar shaol na ndaoine sa 19ú céad. Tugann muid fosta focla na n-amhrán agus an ceol atá leo a bhí istigh ar chomórtais a bhí againn i mí Iúil agus i mí na Nollag, 1983. Tá píosa againn fosta fá dhlíthe a bhain le hiascaireacht ar aibhneacha agus locha na háite thart ar an bhliain 1914 faoi stiúir an Gweedore Hotel.

Bíonn muid ag brath i gcónaí ar scríbhneoirí agus tá ár mbuíochas tuillte arís acu sin a chuidigh linn an t-eagrán seo a chur amach. Beidh fáilte againn i gcónaí roimh mholtaí agus go háirithe roimh pháisí eolais nó roimh chuntais scríofa ó bhun nó as páipéir nuafochta a d'oirfeadh le cur i Scáthlán. Is iomaí áit a bhfuil rud is fiú a thaisciú ach fios a bheith againn é a bheith ann. Má chuirtear i scríbhinn é mairfidh sé sábhailte agus léighfidh daoine é. Is cúis lúchaire dúinn go bhfuil Scáthlán á léamh go fada fairsing agus go bhfuil scoltacha ag baint úsáid as mar bhunús le staidéar ar an stair áitiúil agus ar ghnéithe eile den chultúr. As sin uilig a thiocthas fás agus bláth air.

Chan fhuil rud a b'fhearr le Johnny Sheáin a fheiceáil ná daoine a bheith ag caint agus ag caibidil arís ar a ndúchas. Tá súil againn gur cloch bheag ar an charn a bhí súil aige féin agus ag coiste an chumainn a thógáil, Scáthlán 3. Agus más eadh tá mé cinnte gur mó ná sásta a bheadh Johnny linn.

Croithneoidh muid thú a Johnny ach ó chuir tú an síol is againne atá an Fómhar le baint agus le tarrtháil. Bímis ag buan.

An tEagarthóir.

ÁR gCUID SCRÍBHNEOIRÍ

An Dr. Dónall P. Ó Baoill

As Míin-an-Chladaigh ó dhúchas é. Tá sé obair in Institiúid Teangeolaíochta Éireann i mBaile Átha Cliath ón bhliain 1973 mar thaighdeoir ar chúrsaí teangeolaíochta.

Dónall Mac Giolla Easbaig

Taighdeoir agus saineolaí ar logainmneacha é. Tá sé ag obair in Oifig na Logainmneacha, An tSuirbhéireacht Ordanáis, Baile Átha Cliath.

Nuala Ní Ghallchóir

Múinteoir meánscoile í i mBaile Átha Cliath. Tarraingt mhór ag Gaoth Dobhair uirthi áit ar as a muintir.

Noel Ó Gallchóir

Múinteoir iarbhunscoile é atá ag múineadh faoi láthair i bPobalScoil Ghaoth Dobhair.

An tAthair Seán Ó Gallchóir

Tá an tAthair Seán ina Leas-PhríomhOide ar PhobalScoil Chloich Cheannfhaola san am i láthair.

Máire Mhic Niallais

Bean ildánach. Sáite i mórán eagrais ag obair go dúthrachtach ar son na teanga. Is í rúnaí an chumainn staire agus seanchais.

An tAthair Cathal Ó Gallchoir:

Mac é Cathal do Johnny Sheáin atá anois ag saothrú ar na misiúin sa tSeapáin.

Micí An Chóip:

Tháinig sé chun na paróiste thar thrí scór bliain ó shoin. An-suim aige i ngach gné dár ndúchas. Duine de bhunaitheoirí an Chumainn Staire agus Seanchais é agus is é atá ina Uachtarán air ó thús.

Nóra Bean Uí Bhaoil:

IarOide scoile í atá anois ina cónaí i Loch na nDeorán sna Rosa.

CLÁR

Leathanach

Gan Saoirse Gan Só - Noel Ó Gallchóir	1
Machaire Chlochair agus a mbaineann dó - Nuala Ní Ghallchóir	25
An t-áthrach a tháinig ar Ghaoth Dobhair le mo linn - Míic an Chóip	29
Ag amharc siar ar Innis Oirthear - Nóra Bn. Uí Bhaoill	31
Gweedore Hotel, Fishing Regulations	33
An Eargail - Cathal Ó Gallchóir	37
Johnny Sheáin 1912-1984 - An tAthair Seán Ó Gallchóir	43
Cuimhní ar Johnny Sheáin - Máire Mhic Niallais	46
Seanchas agus Dinnsheanchas i nGaoth Dobhair - Dónall P. Ó Baoill	48
Logainmneacha Ghaoth Dobhair - Dónall Mac Giolla Easpaig	65
Comórtas Amhrán i gCuimhne ar Phádraig Mhícheáil Airt ...	90

GAN SAOIRSE GAN SÓ*

Noel Ó Gallchóir

'Níl tréimhse i stair na hÉireann is mó is díol bróin agus náire liom ná an 19ú céad' — Máirtín Ó Cadhain a scríobh na focla sin agus é ag trácht ar an fhéinmharú cultúra a d'imir muintir na hÉireann orthu féin in imeacht na haoise sin. Tá rún agamsa sa léacht seo súil a chaitheamh ar an tréimhse chéanna, ach in áit staidéar a dhéanamh ar na fátha go raibh an teanga sna smeachanna deireanacha ag deireadh an chéid go dtí gur chuir Conradh na Gaeilge tús le haithbheochan, beidh mé ag iarraidh léargas a thabhairt ar fheachtas an talaimh anseo sa tréimhse chéanna. Más brón agus náire na mothúcháin a chorraigh Ó Cadhain, 's iad an brón agus an bród a chorraigh mé féin agus mé ag fáil aithne ar mo mhuintir i gcáipéisí na staire: brón, an fhulaingt, an cruatan, an leatrom; bród — a bhfearlacht, a bhfiúntas, a bhfilliúntacht.

'D'éirigh siad roimhe idir an mheán lae agus an neoin fána gcuid sleasa fada, gormcheocha, néaltaí nimhe ag siabhadh fána mbathais mar a bheadh folt fionn fada ag scabadh le síon, iad gágach le srutháin agus giobach le fraoch agus garbh le scileach agus le crua-chonamar creagach'¹ — a mhacasamhall siúd de radharc a chonaic na teaghlaigh a b'éigean a gcuid tailte maithe in Oirthear Dhún na nGall agus sa chomharsanacht sin a fhágáil sa seachtú céad déag, agus ba sin an radharc céanna a chonaic na tiarnaí talaimh a tháinig gan mhoill ina ndiaidh lena saibhreas a dhéanamh. Is ar an choimhlint sin idir an chosmhuintir agus na tiarnaí talaimh i nGaoth Dobhair agus sa chomharsanacht i mblianta corracha an chéid seo caite atá an léacht seo dírithe.

GAOTH DOBHAIR

Ba mhaith liom ar dtús súil a chaitheamh ar an cheantar seo trí fhuinneog na staire — taraigí liom ar an turas gearr seo siar ar bhóthar na smaointe, isteach cúl na hEargala. Tá muid ag amharc ar Dhún Lúiche — Lugh Lámhfhada, a bhí pósta ar iníon de Bhalor Béimeann, Balor na Súile Nimhe, pearsa mhíotaseolaíochta. Loch Dhún Lúiche 'go ciúin sa ghleann ina luí' — dhá ghleann, Gleann Nimhe (an nimh a tháinig as súile Bhaloír nuair a maraíodh anseo é) agus Gleann Tornáin (Naomh Tornán, Proinsiasach).

Tá muid anois ag bualadh bóthair cois abhainn an Chláidigh — tá muid ag an Chúirt, An Gweedore Hotel, ceanncheathrú na Hills, tiarnaí, ar feadh beagnach céad bliain. Anonn an tArd Donn linn, síos Dobhar. Tá an Ghaoth thíos fúinn ar chlé — caineál caol uisce ag teacht isteach ón fharraige agus a thugann a ainm dár bparóiste. Deirtear gur anseo a tháinig Armada na Spáinne, i dtír — Tobar na Spáinne, logainm sa cheantar — agus ag béal na gaoithe, Inis Cúil (Skull Island) an áit a bhfuil cnámha na máirnéalach ina luí.

Tá muid anois ar an Bhun Bheag — an áit a raibh ionad gnó George Hill agus cuan gnoitheach trádála i lár an chéid seo caite. Cuireann eaglais Phrotastúnach an Bhun Bhig agus an reilig os a comhair amach in iúl dúinn go raibh coimhlint anseo idir dhá chreideamh, dhá chultúr, dhá thraidisiún. Má shiúlann sibh cois farraige liom, tá muid ag siúl i measc na gcéad chónaithe a bhí ag an phobal sa pharóiste — na cloigneacha. Cuireann Machaire Gathlán cumhaidh orainn — reilig na paróiste, reiligí na paróiste:

'Tá daoine istigh ann a chaith seal go haerach,
Ní shiúlfaidh siad thart fán chladach níos mó'

Cuireann an sean-Teach Pobail i nDoirí Beaga ag smaoineamh muid ar na hionaid adhraidh a bhí ag ár muintir — ar dtús i Machaire Gathlán, an áit a bhfuil na ballóga ina seasamh go fóill; ansin i scáthlán beag adhmaid i bhfoscadh an ghleanna i nDoirí Beaga — sa bhliain 1760, teach pobail ceann tuí — 1858, teach pobail úr, sean-teach pobail Dhoirí Beaga.

Soir an bealach mór linn agus muid ag éisteacht le píobáí an Phiobaire Mhóir ar an Luinnigh — Tarlach Mac Suibhne, a bhuaigh Craobh an Domhain i Chicago in 1893. Soir linn cois an chósta go dtí an Ghlaisigh agus seanchas na bruíne a bhí idir Maolmhuire an Bhata Bhuí agus Feilimí Cam Ó Baoill inár n-intinn — an tréimhse a chaith clann na beirte ar an scoil ansin go dtí gur chroch an Baollach mac Mhaol Mhuire ar Chladach na Croiche i nGabhla. Ansin Cnoc Fola, Cnoc na Naomh, Taobh a' Leithéid, An Mhucais, An Eargail, Sléibhte Dhoire Bheatha, Sliabh Chroílí — dún daingean cosanta thart orainn. Smaoineann muid ar athair ag iompar mic ar theanntaí go Reilig Thulach Beaglaoidh, trasna na gcnoc agus é ag glacadh a scíste ag na Seacht Leachta. Táchíonn muid an fharraige agus cuimhníonn muid gur amach ón chósta seo a chuaigh an Wasp go tóin poill sa bhliain 1884 agus 57 ar bord ar a bealach go hInis Tráigh Thall le tionóntaithe a dhíshealbhú. Smaoineann muid ar eachtraí móra na staire — ar Phádraig Mhicheáil Airt, ar bháthadh na bliana 1880, ar mharú an Mháirtínigh.

Tá muid i nGaoth Dobhair — cuid de pharóiste Thoraigh go 1650, i bParóiste Thulach Beaglaoidh go 1834, i bparóiste Thulach Beaglaoidh Thiar ó 1834 go dtí gur tugadh Gaoth Dobhair mar ainm coitianta uirthi. Tá muid i mBarúntacht Chill Mhic Néanáin, in aontas 'Poor Law' Dhún Fionnachaidh; 44,000 acra, 68 míle cearnach — áit lom bhocht, fáinne cnoc thart orainn — portach síos go dtí an fharraige.

SÍOL AN AIGHNIS

Cad chuige gur sa 19ú céad (go háirithe ó 1840 ar aghaidh) a thosaigh ceist na talún ag tógáil a cinn in Éirinn go ginearálta agus i nGaoth Dobhair go háirithe? Tá síol an aighnis seo le fáil beagnach trí chéad bliain roimhe seo mar gur i ndiaidh an Phlandáil Ultach 1609, Cath Scairbh Sholais 1650 agus briseadh na Bóinne 1691 a thosaigh daoine as an lagán agus as na ceantracha máguaird a chur fúthu ar thalamh bocht caoráin iarthar Thír Chonail — teaghlach mar Chlann Uí Dhochartaigh, Uí Chnámhsí, Uí Shearcaigh, Uí Ghrianna, Mhic Suibhne, Uí Ghallochóir agus Uí Bhaoill. Díbríodh iad seo le áit a dhéanamh do phlandálaithe Uladh agus Chromail.

Chomh maith le sin bhí tionchar díreach ag an Phlandáil Ultach ar an cheantar seo, mar gur bhunaigh Rialtas Shasana Coimisiún i mí Mheán Fómhair 1609 faoi Arthur Chichester le fiosrú a dhéanamh ar an 'unchartered territory' seo, an áit a dtugtar Dún na nGall uirthi inniu. Ba seo an t-am a roinneadh an Chontae ina barúntachtaí agus tugadh an talamh do Shasanaigh, D'Albanaigh agus do Phrotastúnaigh, ainmneacha cosúil le Sandford, Dutton agus McCullogh. Sin agat síol an aighnis — ar thaobh amháin, na teaghlaigh Ghaelacha a díbríodh chomh maith leis an chorradh is 200 a bhí ina gcónaí anseo cois farraige agus ar na hoiléain; ar an taobh eile bhí na plandóirí ó Shasana agus ó Albain a fuair talamh agus a raibh creideamh agus cultúr faoi leith acu. Cad chuige gur sa 19ú céad a thosaigh an t-achrann idir shliocht an dá dhreama seo?

DAONRA — FOROINNT — CÍOSANNA AGUS CÁNACHA

Sa chéad áit tháinig méadú mór ar dhaonra na paróiste sna blianta roimh an Ghorta Mhór. Claonadh náisiúnta a bhí anseo — glactar leis go raibh daonra de 4 mhilliún sa tír in 1785 ach go raibh 6.8 milliún ann in 1821 agus 8.2 milliún in 1841 (nuair a rinneadh an chéad daonáireamh oifigiúil). Ní raibh ina gcónaí i nGaoth Dobhair sa bhliain 1650 ach thart fá 200 duine. Sa bhliain 1837 áirítear go raibh tuairim is 4,000 duine sa pharóiste.

Is é an toradh a bhí ar an ardú daonra seo nó go raibh an talamh á fho-roinnt de shíor agus go raibh sé ag éirí níos gainne de réir imeacht an ama.

Sa dara háit bhí ualach trom cíosanna agus cánacha le híoc ag na daoine — deachmhaithe (tythes), cíos an tiarna talaimh, ráta na mbocht, gearrthaíocha (cesses) agus cíosanna sealadacha eile.

ÚINÉIRÍ ÚRA:

An fáth is tábhachtaí a ba chúis leis an achrann nó go dtáinig athrú iomlán beagnach ar úinéireacht an talaimh sa cheantar i dtriochaidí agus i ndaichidí an 19ú céad, agus gur athraigh saol na ndaoine dá réir. Sa bhliain 1838 cheannaigh Lord George Hill níos mó ná leath de pharóiste Ghaoth Dobhair. Ba ón Chaptaen Charles Frederick Stewart a bhí ina chónaí i dTeach Chorrán Binne a cheannaigh sé an Gweedore Estate² agus cheannaigh sé Mín Corbhaic ó John Austin in 1862 agus Cnoc An Stolaire.³ Níor choinnigh an Captaen Stewart ach ceantar amháin i nGaoth Dobhair, Cnoc Fola, agus nuair a fuair sé bás in 1840 fuair a mhac, Rev. Charles Stewart, an talamh, agus ina dhiaidh sin, Mrs. Áine Stewart (beanchéile nó iníon Rev. Stewart). Cheannaigh Mrs. Russell Dún Lúiche ó Mr. Dombraín a bhí ina chigire ar na Coastguards anseo ar feadh scór go leith bliain ar £6,500 in 1844 nó 1845. Ba in 1845 a cheannaigh Rev. Alexander Brown Nixon an Ghlaisigh agus Bun An Leaca — bhí sé i seilbh Mr. Copeland agus Mr. Finlay, tiarna neamhláithreacha (i gcónaí as láthair) roimhe sin. Ba i gCloich Cheann Fhaola is mó a bhí an talamh ag na hOlfartaigh (teaghlach ón Ollainn a raibh tailte acu sa cheantar ó 1628), ach bhí dhá bhaile fearainn i nGaoth Dobhair acu Glais Dobharchú agus Bun An Inbhir (seanainm ar Phort Uí Chuireáin an lae inniu). Ba sa bhliain 1844 a cheannaigh John Obins Woodhouse cuid mhór de pharóiste Chloich Cheann Fhaola agus baile fearainn amháin i nGaoth Dobhair, Mín an

Chladaigh a dhíol sé le Mr. Joule i dtús na seascaidí. Cheannaigh Mr. Key Eastát Chroithlí ó Mrs. Russell. Tháinig Mr. Ross agus Mr. Heburn i ndiaidh Mrs. Russell i nDún Lúiche agus bhí baile fearainn amháin Muine Mhór ag Lord Leitrim.

Mar sin de, taobh amuigh de Chnoc Fola agus de thailte na nOlfartach, tháinig athrú iomlán beagnach ar úinéireacht pharóiste Ghaoth Dobhair i lár an 19ú céad. Ó thaobh na bhfigiúirí de ghlac úinéirí úra seilbh ar 40,000 acra nó tuairim is 90% de thalamh an cheantair. Beidh tionchar an athraithe seo á phlé agam go háirithe ar eastát George Hill níos moille ach is fiú rud amháin a lua anseo. Ainneoin gur dhúirt Patrick Mc Kye, máistir scoile de chuid an cheantair in achainí a chur sé chuig Tiarna Liefteanant na hÉireann in 1837 go raibh muintir na háite:

"in the most needy, hungry and naked condition of any people" agus cé gur dhúirt George Hill go raibh fíor-dhrochdhóigh ar na daoine nuair a tháinig seisean, mar sin féin, níl aon amhras ach gur chun olcais a chuaigh saol na ndaoine faoin bhaicle úr tiarnaí talaimh seo. Deir údar amháin:

"Before 1838 there were no resident landlords in Gweedore and apparently no land agents. There were a great many absentee proprietors, some of them claiming only a single townland with a nominal rent of a few pounds".⁵

Rinne Patrick Mc Kye tagairt ina achainí do "no resident gentlemen". Rinne údar eile tagairt don ghaol a bhí idir an Captaen Stewart agus a chuid tionóntaithe:

"Captain Stewart was an indulgent and popular owner, who hardly ever insisted on money in the way of rent-payments from his tenantry. The usual mode of payments was by assisting annually at the bringing home of his turf. The tenantry of Gweedore used to go to Hornhead with their horses and side-creels to carry home his turf for him — a distance of twenty miles from their homes. They usually remained there for a week and were liberally fed and housed — both themselves and their horses. The competition between the prowess of their horses in doing work and those of the natives of Hornhead were usually keen and was often a theme for conversation for a time after returning home. It is evident that Captain Stewart was a great favourite with his tenantry. Those tenants who had no horses or men to send to the turf gathering usually paid the landlords in so many dozen of rabbit skins, which animal was very plentiful in the district at the time"⁶

Tchífidh muid go dtáinig athrú mór ar an ghaol sin i ndiaidh Chaptaen Stewart agus go háirithe ar thailte George Hill.

LORD GEORGE HILL

Ba George Hill (1801-1879) an cúigiú mac a bhí ag Dara Marquis Downshire (Co. an Dúin). Ba ó Shasana a tháinig na Hills (Clann Devonshire) ó thús ama in am na banríona Éilíse. Bhí Sir Moses Hill ina oifigeach airm ag an Iarla Essex in 1573.⁷ Tá ainm an teaghligh le feiceáil in áiteacha cosúil le Hill Hall, Hillsborough agus Hilltown. Bhí George Hill ina mhajor san arm agus ina M.P. do Charraig Fheargusa in 1831-32. Ba



a dheartháir Arthur (a bhí ina thaidhleoir ag rialtas Shasana) a fuair tailte an athara, ach is cosúil gur fágadh airgead ag George agus leis an airgead sin agus le tuilleadh a chruinnigh sé óna chairde a cheannaigh sé 14,189 acra i nGaoth Dobhair. Mr. Dombraín a chuir ar an eolas é go raibh Captaen Stewart ag díol an chuid is mó dá eastát sa pharóiste. Cheannaigh George Hill eastát amhain ó Stewart ar £6,000 in 1838 agus trí eastát eile ina dhiaidh sin. Bhí teach aige in aice le Rath Meáltáin — Ballyare House — agus bhíodh sé ina chónaí ansin sealanna agus sa Gweedore Hotel, óstán a thóg sé i dtús na ndaichidí, sealanna eile. Bhí sé ina ard-shirriam ar Dhún na nGall in 1845. Phós sé dhá uair beirt dheirfiúr. In 1834 phós sé Cassandra Jane, iníon E. Knight ó Godmersham Park, Canterbury, Kent. I ndiaidh a báis in 1842 phós sé a deirfiúr Louisa in 1847.

RUNDALE

Mheas George Hill gur an córas rundale máthair an oilc sa pharóiste. Córas roinnte talaimh a bhí ann a bhfuil a bhunús le fáil san Ioruaidh agus in Albain. Bhí trí phríomh-shaintréith ag an chóras Rundale:

Clacháin:

Bhíodh tithe na ndaoine ina ngrúpaí ar a dtugtaí '*CLACHÁIN*'. Meastar go raibh thart fá 500 clachán sa chontae seo ag tús an 19ú céad agus ar an mheán 20-30 teaghlach i ngach ceann. In Árann Mhór in 1844, bhí daonra de 1,500 agus 11 clachán agus 40-50 teach i ngach clachán. Ní raibh siad cosúil le sráid bhailte an lae inniu sa mhéid agus nach raibh ord nó eagar orthu mar a éilíonn údaráis pleanála an lae inniu agus nach raibh na gnáthsheirbhísí acu — córas séarachais, tithe leanna, siopaí, teach pobail agus a leithéidí — mar a bhíonn inniu.

Níor thaitin an córas tithíochta seo le Hill:

"Their houses too were in clusters, another great evil: particularly as it is much tended to the spread of fever and other infectious diseases: in addition to which, the women's time was taken up in wrangling and scolding, the packed state of the little community affording copious sources of civil war: and, worse than all, the men were generally far away from their farms".⁸

Gabhaltas Scaipthe

Is dócha gur an gné is tábhachtaí agus is suntasaí den chóras nó go mbíodh talamh teaghlaigh scaipthe ar fud na paróiste. Bhí buntáistí ag baint le seo — ba ar an phrionsabal seo a bhí an córas bunaithe — sa mhéid agus go mbíodh píosaí talaimh de chineálacha éagsúla ag gach teaghlach — paiste maith curaíochta in aice na farraige de ghnáth; píosa innilte a bhí ag an phobal i gcoitinne ag bun na gcnoc; píosa portaigh nó caoráin agus go minic píosa dumhaigh a d'úsáidítí fá choinne muiríní a sholáthair do dhíonta a gcuid tithe. Bhí an prionsabal seo cothrom ach ní raibh sé i gcónaí praiticiúil. Bhítí de shíor ag foroinnt na ngabhaltas scaipthe seo de réir mar a bhí mic ag pósadh go dtí sa deireadh go raibh cuid acu chomh beag sin is nach bhféadfaí nó nach bhféadfaí iad a oibriú. De réir tuairisc Choimisiún Devon (1844), instear dúinn go raibh feirm amháin 205 acra i nGaoth Dobhair agus taobh istigh de dhá ghlún go raibh 29 gabhaltas ann in 422 áit faoi leith. Bhí an córas seo mí-éifeachtach agus de réir is mar a bhí an daonra ag ardú sa 19ú céad, bhí sé do-oibrithe. Deir George Hill go raibh páirc leathacra ag 26 duine. Mar a scríobh file de chuid na linne:

*"You landlords all, I pray draw near,
A comical story you soon shall hear,
Of a property situated in Donegal,
Held by a hundred tenants in all;
And each having seven young brats to squall.*

*Although each farm was in Rundale,
To divide each plot, they could not fail,
With son or daughter, aye, or mother;
With either uncle, aunt or brother;
And thus they divided with one another.*

*Although each holding wouldn't feed an ass,
It went by the name of the Cow's grass;
For Shane had two, Teague two and a half,
Manus five eights and Margery a calf;
Each portion was only the breadth of a staff."⁹*

Mar a dúirt State of the Nation, 1822:

"Every patch produces a new family, every member of a family a new patch. Hence a country covered with beggars — a complete warren."

Talamh Féarach na gCnoc

Chomh maith le sin, bhíodh talamh féarach coitianta ag na daoine ar na cnoc. Bhíodh an talamh seo giota fada ar shiul ón talamh curaíochta agus, mar sin de, nuair a bhíodh an barr sa talamh, ba ghnáth leis na daoine an stoc a thabhairt leo agus an samhradh a chaitheamh ann — buailteachas a thugtaí ar an imirce shéasúrach seo. Ansin ó dheireadh an Fhómhair go Lá Fhéil' Pádraig, bhíodh cead reatha ag eallach agus caoirigh:

*"From the first week in November until the latter end of April, the entire face of the country resembled a great common where cows, horses and sheep grazed promiscuously."*¹⁰

Deir George Hill:

*" It often happens that a man has three dwellings — one in the mountains (teach sealadach samhraidh), another upon a shore (a ghnáth áit cónaí) and the third upon an island (ina gcónaíodh se san Fhómhar, de ghnáth)."*¹¹

Is minic a bhíodh cearta iascaireachta, bádaí agus eangach i gcoiteann acu — chuirfeadh sé comharchumann an lae inniu i gcuimhne duit. Deir Desmond Mc Court go raibh an talamh ag na daoine go minic le chéile:

*"The normal economic unit was the joint farm which was leased in common by the joint tenants or partners, who co-operated in the work of the farm."*¹²

agus go malairtí píosaí, fiú amháin:

*"To maintain equality of holding over a period of time and especially to accommodate an increasing number of holders within the open-field community, the strips of meadow and arable were redistributed by lot periodically, usually every year or every three years or so."*¹³

Mar sin de cé go raibh an córas Rundale mí-éifeachtach i go leor dóigheanna, bhí na daoine cleachtaithe agus sásta leis agus chothaigh sé spiorad an airnéil agus an chairdis i measc na ndaoine. Níor ghlac siad le athruithe Hill.

SAOTHAR GEORGE HILL

Deirtear go minic gur dhíshealbhaigh George Hill na céadta i nGaoth Dobhair. Is é fírinne an scéil agus na staire nár dhíshealbhaigh sé oiread agus duine amháin. Is fiú staidéar a dhéanamh ar na hathruithe a rinne sé agus meastachán a dhéanamh ar a bhfiúntas.

ATHROINNT

D'fhostaigh Hill Mr. George Montgomery agus Charles Hazlitt Swiney mar shuirbéirí leis an talamh a athroinnt sa dóigh go mbeadh feirm ag gach tionónta in áit amháin, Rinneadh an suirbhé seo ar chostas £600. Bhunaigh sagart na paróiste, Aodh 'ac Pháidín coiste leis na hathruithe a phlé leis na suirbhéirí agus le Hill. B'éigean do na tionóntaithe a gcuid tithe a leagaint agus a aththógáil ar na cutanna úra ar a gcostas féin (600 cut, meánchostas £10 an teach = £6,000). Thug Hill cuairt ar na tithe uilig leis an phróiseas a dhéanamh níos fusa agus thug sé ordú dóibh bheith réidh lena gcuid gabhaltaisí a fhágáil. Mhol na tionóntaithe plean dá gcuid féin — go mbeadh dhá phaiste chaol, fhada de thalamh ag gach duine in áit an

phaiste amháin a mhol Hill.

*"The tenants wished to perpetuate the principle of sharing portions of land of varying quality. Under the arrangement too, they hoped to retain their Clachans."*¹⁴

COMHRÉITEACH

Is cosúil sa deireadh nach bhfuair Hill a dhóigh féin go hiomlán. Bhí sé i gceist ag Hill feirmeacha cearnógacha nó dronuilleogach a chruthú, mar a chruthaigh Captain John Pitt Kennedy i go leor áiteacha ar fud na tíre ag an am seo — gabhaltais nach mbeadh an fhad agus an leithead ach sa choibhneas 3/4:1. Dúirt Hill é féin:

*"Each tenant got a squared farm for himself in place of his former fragments of land."*¹⁵

Níor tharla seo. Ina áit sin, cruthaíodh gabhaltais chaola fhada a raibh cuid de na buanna a bhí ag an Rundale (dar leis na tionóntaithe) acu.

*"It consisted of long narrow strips, which by crossing the contours from valley bottom to hill summit, gave each tenant access to every quality of soil; each holding usually included two strips situated in different parts of the arable."*¹⁶

Chomh maith le sin, siocair go raibh na gabhaltais chomh cúng sin, bhí na tithe iontach cóngarach dá chéile go fóill, dáлта na gclachán. Níos tábhachtaí ná sin arís:

*"It enabled the tenants to retain equal rights of access to the common lands . . ."*¹⁷

Bheadh an deis chéanna ag na tionóntaithe go fóill fáil fhad le talamh féarach na gcnoc, agus leis an dumhaí. Is cosúil go raibh na tionóntaithe sásta leis an chomhréiteach seo ainneoin gur chiallaigh sé go mb'éigean do go leor acu a gcuid tithe a thógáil agus an bhinn ag amharc ar an bhealach mhór, go raibh cuid mhór fáлта le tógáil agus go raibh siúl anfhada ó cheann ceann na feirme. Mar sin de ní fíor a rá go hiomlán gur chuir Hill deireadh le Rundale. Sa chomhréiteach a cuireadh i bhfeidhm, bhí cuid mhór d'iarsmaí an Rundale chomh maith le cuid de mholtaí Hill. Is ins na hathruithe eile a rinne sé a fheiceann muid tús na trioblóide i ré Hill.

ARDÚ CÍOSA

D'ardaigh Hill an cíos i dtús na gceathrachaidí mar chuid d'athstruchtúráil an chórais talaimh — ó £472 in 1838 go £1,100. Is cosúil nár cuireadh na cíosanna úra i bhfeidhm go dtí 1854 agus na blianta ina dhiaidh sin, agus tá na céadta sampla le fáil do na harduithe seo, e.g., an fhianaise a thug Aodh Mac Giolla Bhríde, báillí George Hill agus bailitheoir cánach, don Select Committee in 1858:

"Do you know the townland of Meenaduff?"

I do.

That comprises Meenadreen, Magheralosk and Meenaduff?

It does.

How many families are there on that townland?

There are 35 families.

How many cow's grass?

Fifty four.

What was the old rent?

The old rent of Meenaduff was 11s 3d; of Magheralosc it was from that to 13s 6d; and the new rent of Meenaduff is £1 2s 6d.

The old rent of the cow's grass was 11s 3d to 13s 6d?

Yes.

The new rent is how much?

£1 2s 6d; Magheralosc £1 5s 0d.

The rent is raised from 11s 3d to 13s 6d, the old rent to £1 2s 6d up to £1 5s 0d, the new rent?

*Yes.*¹⁸

Leagadh na cíosa arduithe seo ar gach baile fearainn sa pharóiste.

CUTANNA ÚRA

In 1856 thosaigh Hill a chruthú cutanna úra. Cé go ndearna sé féin riail nuair a bhí sé ag athroinnt an talaimh nach raibh cead fo-roinnt ar bith a dhéanamh, shocraigh sé cutanna úra a dhéanamh le talamh a thabhairt do na lanúineacha pósta a bhí ina gcónaí lena muintir. Chruthaigh sé na gabhaltais úra seo sa spás idir an talamh curaíochta agus talamh féarach na gcnoc, sna "top-lands" nó "outfield", an áit ar ghnáth leis na tionóntaithe móin a bhaint nó barr a chur nó eallach a chur ar innilt. Cé nach raibh cíos ar bith le híoc ar na cutanna úra seo go ceann roinnt de bhlianta, tá go leor fianaise againn don chíos ard a bhain Hill amach chomh luath agus a ghlac siad seilbh orthu. Chaithfeadh na tionóntaithe ansin teach a thógail ar a gconlán féin. Bhí an sagart Seán Ó Dochartaigh go mór in éadan an athraithe seo:

" . . . because it is a means of generating a class of paupers; I believe that it will create pauperism, and that it will create poverty in the district, because the parties entering upon them have no means of cultivating them; they have no houses built upon them; the parties build a mud cabin, and they are thus accustomed to squalidness

*.. .*¹⁹

Dar ndóigh chiallaigh na cutanna úra seo go raibh an ceart slí a bhí ag na tionóntaithe fhad le talamh féarach na gcnoc cailte acu. Cúis mhór mhíshásaimh do na daoine a bhí sna cutanna úra, suaracha seo. Cruatan na ndaoine de bharr athraithe a rinne sé sa chóras, ar dú cíosa agus na cutanna úra — sin iad na torthaí a bhí ar pholasaithe Hill, ach bhí níos measa le theacht go fóill.

COGADH NA gCAORACH

Nuair a d'athraigh Hill na gabhaltais i dtús na gceathrachaidí, choinnigh sé 12,000 acra de talamh féarach na gcnoc do féin. B'ionann sin agus leath an eastáit. Cé gur fhostaigh sé féin beirt shréadaí agus cé go raibh na tionóntaithe iontach míshásta fán ghadaíocht seo, is cosúil nach raibh aighneas faoi go lár na gcaogaidí. Lean na tionónaithe ag úsáid an talaimh seo idir 1841 agus 1854 cé go raibh cíos ceithre pingne le híoc ar gach

ainmhí in aghaidh na bliana. Ba nuair a ghlac Hill céim eile sa phróiseas seo i lár na gcaogaidí a cuireadh tús leis an trioblóid mhór i ré Hill:

*"A lamentable state of affairs has arisen in Donegal which has been until recently one of the most peaceable counties of the U.K."*²⁰

I litir a scríobh Ardeasbog Thuama, an Dochtúir Mac Éil chuig an Tiarna Palmerston i mí Eanáir, 1861, dúirt sé:

*"With the exception of large cities that appear indifferent to those cruel agrarian evictions, because they do not witness them, there is no portion of the rural districts of Ireland that is not at the moment experiencing all the horrors of the sheep-walk system that is sweeping away the inhabitants from the land."*²¹

Sa bhliain 1854 shuigh Hill 10,000 acra den chnoc le feirmeoir as Yorkshire, Mr. Huggup. Fuair na feirmeoirí strainséaracha seo amach go raibh talamh sléibhtiúil iarthuaisceart Thír Chonaill iontach fóirstineach do thógáil caorach — go háirithe do phór a raibh aghaidheanna dubha orthu ó stoc Linton in Albain. Ní raibh sé i bhfad go raibh na cnoic a bhí ag Hill, Woodhouse, Olphert agus Leitrim breactha leis an *caoirigh brocacha* seo.²² Thug na tiarnaí an talamh ar cíos do na feirmeoirí seo. Chiallaigh seo nach raibh cead ag na tionóntaithe úsáid a bhaint as an talamh féarach seo níos mó. Bhí tábhacht faoi leith ag baint leis na cnoic do phobal a bhí beagnach féin-chothaíoch san am. Ba le airgead an stoic a d'foc siad an cíos. D'úsáid siad olann na gcaorach le éadach an teaghlaigh agus éadach leapa a dhéanamh, agus bhí na mná uilig ag déanamh stocaí san am.

Is cosúil gur ag an am seo fosta a cuireadh na cíosanna ardaithe i bhfeidhm. Bhí drochFhómhar ann in 1852, 1854, 1856 agus 1857. Ní dhearna na cutanna úra ach níos mó fadhbanna a chruthú. Ainneoin gur beag feirm a raibh an mheánluacháil níos mó ná 40s air, tugadh orthu uilig ráta na mbocht a foc fosta. Chuir Nixon cíos ar bhaint na feamnaí cois cladaigh, agus thug sé ar a chuid tionóntaithe an áiche aoil a thóg sé féin a úsáid ar 2s 6d an dódh. Is soiléir mar sin go raibh drochdhóigh ar na tionóntaithe i lár na gcaogaidí agus gur an eagla a bhí orthu ná go gcuirfí amach as a dtailte ar fad iad.

Ba na Molly Maguires a bhuail an chéad bhuille i gcogadh na gcaorach nuair a rinne siad ionsaí ar James Sillicoe, sréadaí de chuid Joseph Wright ar Eastát Woodhouse, i mí na Nollag 1856 agus d'iarr siad air greadadh leis 'na bhaile go dtí a thír dhúchais. Ghoid siad 60 caora an oíche sin.²³ Thosaigh na tionóntaithe a mharú na gcaorach — deirtear gur mharaigh siad 1,000 ar fad. Tugadh tuilleadh póilíní go dhá stáisiún poilín i nGaath Dobhair i mí na Nollag 1856 agud dhá dhosaen breise faoin Crime and Outrage Act i mí Feabhra 1857. I mí Mhárta tugadh 20 eile isteach. D'imigh Huggup agus Wright. Tá go leor tuairiscí againn d'achrann na mblianta sin — beairc a leagaint go talamh agus cinn úra á dtógáil, goid agus marú caorach, bagairtí agus fógraí báis agus a leithéidí. Níl aon amhras ach gur theip ar chóras na gcaorach seo agus go bhfuair na tionóntaithe a gcuid féin ar ais gan mhoill.

Ach mar sin féin chuir úinéirí na gcaorach iarratas isteach fá choinne cútímh, agus cé go bhfuil sé soiléir gurbh iad féin a mharaigh cuid mhór acu (agus gur dhíol siad an fheoil) agus go bhfuair cuid acu bás i bhfuacht

COUNTY OF DONEGAL, SUB-DISTRICT OF GWEEDORE.

RETURN, showing the Number and Nature of the several OUTRAGES on the Property of the Scotch and English Settlers in this District since the Month of February 1857; also, the Destruction of Lord Hill's House at Tor, and the Attack and Robbery of the Shepherds at Tor and Alton.

No.	Date of Outrage.	Name of Injured Party.	Nature of Outrage.	REMARKS.
1	3 Feb. 1857	Mr. James Hugguss	180 sheep maliciously destroyed.	On the lands of Meenderrygamph.
2	12 Feb. "	Mr. W. Hunter	42 - ditto	On the lands of Kildrum.
3	14 Feb. "	Mr. James Hugguss	60 - ditto	On the lands of Meenderrygamph, &c.
4	18 Feb. "	Mr. Joseph Wright	125 - ditto	On the lands of Alton.
5	19 Feb. "	Mr. James Hugguss	78 - ditto	On the lands of Tor.
6	23 Feb. "	- ditto	20 - ditto	On the lands of Meenderrygamph, &c.
7	28 Feb. "	Mr. Joseph Wright	87 - ditto	On the lands of Alton.
8	18 Mar. "	Mr. James Hugguss	26 - ditto	On the lands of Meencung, &c.
9	24 Mar. "	Mr. William Hunter	24 - ditto	On the lands of Kildrum, &c.
10	5 Apr. "	- ditto	78 - ditto	- - ditto.
11	6 Apr. "	Mr. James Hugguss	12 - ditto	On the lands of Meenderrygamph, &c.
12	13 Apr. "	- ditto	92 sheep plucked and killed.	On the lands of Tor.
13	16 Apr. "	- ditto	18 - ditto	On the lands of Meencung, &c.
14	25 Apr. "	- ditto	22 sheep killed and plucked.	On the lands of Tor.
15	12 May "	- ditto	7 - ditto	On the lands of Meenderrygamph, &c.
16	21 May "	- ditto	22 - ditto	- - ditto.
17	28 May "	- ditto	51 - ditto	- - ditto.
18	1 Dec. "	Mr. William Hunter	32 - ditto	On the lands of Tor.
19	3 Feb. 1858	- ditto	11 - ditto	- - ditto.
20	15 Feb. "	- ditto	111 sheep maliciously destroyed.	On the lands of Alton.
21	20 Feb. "	- ditto	21 - ditto	On the lands of Meenderrygamph, &c.
22	6 Mar. "	- ditto	9 - ditto	On the lands of Tor.
23	22 Apr. "	- ditto	25 - ditto	On the lands of Alton.
24	23 Apr. "	- ditto	30 - ditto	On the lands of Meenderrygamph.
25	6 Mar. 1857	- Lord George Hill and Robert Cowans.	- - Destruction of a new house being erected for a shepherd, and police barrack; also an attack on Cowans, the shepherd, and robbery of his firearms, &c., and orders to leave the country.	On the lands of Tor. A large party of men entered Cowan's house disguised, by night, by breaking open his door.
26	10 Dec. 1856	James Lillico	- - Housebreaking, and robbery of firearms and watch, &c., and ordered him to leave the country.	On the lands of Alton. A large party of men entered Lillico's house, disguised, by night.

an Gheimhridh diobháil aire, leagadh cíos de £2,800 ar bunadh an cheantair faoin "Malicious Injury Act." (1,600 caora ar £15.0 = £2,000 le cois £800 le costas na bpóilíní a ghlanadh).²⁴ Tugadh cumhacht don Head Constable Young é a chruinniú agus tugadh 300 póilin 'na háite.

APPEAL

Is sna heachtraí sin a fheiceann muid bunús an appeal a shínigh dosaen sagart de chuid an cheantair ar an 18ú Eanáir 1858 chuig "Countrymen and Fellow Christians", ag tabhairt cuntas ar dhrochbhail na ndaoine. Thrácht siad ar an talamh iargúlta, sléibhtiúil, creagach; ar na paistí suaracha talaimh a bhí á saothrú acu; ar na hainchíosanna, ar an bhochtaineacht ar an drochbhia agus ar na bratóga a bhí na daoine a chaitheamh — ach b'é an chúis gearáin ab' mhó a bhí acu nó cailliúint na gnoc agus na cánacha éigeandála a gearradh ar na daoine. Seo an míniú a thug siad ar mharú na gcaorach:

*"The strange sheep imported to these mountains thrive not. Last winter was very prejudicial to sheep, particularly under Scotch treatment; the Donegal mountains proved treacherous and their tracts devious to strangers. The sheep recently placed on this strange pasturage were prone, from their natural instinct, to wander, and the Scotch shepherds were negligent in the duties of their calling. The natural consequence was that large numbers of the sheep strayed; large numbers of them were lost in bog-holes and large numbers perished through the inclemency of the winter and the want of people care."*²⁵

TÁRRTHÁIL

Ainneoin gur beag aird a thug na páipéir Phrotastúnacha ar an achainí, ainneoin gur shéan an Board of Guardians i nDún Fionnachaidh go raibh anró ann agus ainneoin gur dhúirt an Poor Law Inspector Hamilton nach raibh anás ar bith ar na daoine,²⁶ bhí dhá thoradh air:

1. Bunaíodh cuid mhór coistí relief ar an tSraith Bán, i mBaile Átha Cliath, i Londain, i nGlascú, i Meiriceá agus san Astráil mar fhreagra ar an appeal. £6,000 a cruinníodh i Sydney roimh Eanáir 1859 agus d'fhág 1200 duine óg na paróistí seo le saol úr a thóiseacht san Astráil idir 1859 and 1861.²⁷ Thug na páipéir náisiúnacha poiblíocht mhór don chás. Scríobh Daniel McCole ó Dhoirí Beaga chuig an Nation: *"I take this opportunity of writing these few lines to let you know that I have seven of a family, bare and naked, without clothes for day and night. We have no one to work for us but a little boy of fourteen — we have no provisions for our support, all that we had we paid in rent and taxes. I had to pay £12 of money of rent and taxes quite destructive of everything. We are poor and need for want of clothes for day and night."*²⁸
2. Bhunaigh Teach na dTeachtaí i Westminster "Select Committee" le scrúdú a dhéanamh ar an Destitution i nGaoth Dobhair agus i gCloich Cheannfhaola. Chaith siad 15 lá ag éisteacht le 30 finne (sagairt, tiarnaí, tuairisceoirí, dochtúirí, póilíní, gnáthdhaoine agus

	VALUATION.	POLICE TAX.	SHEEP TAX.	TOTAL.
	£. s. d.	£. s. d.	£. s. d.	£. s. d.
Magheraclogher - - -	967 10 8	490 4 11	864 12 7	1,354 17 6
Meenac lady - - - -	386 17 -	205 - 4	289 18 9	404 19 1
Gortahork, Townland of Kieldrum	98 4 -	19 13 3	35 - 4	54 17 3
Dunlewy - - - - -	628 - -	96 1 6	- - -	96 1 6
TOTAL - - - - £.	- - -	811 - -	1,189 11 8	2,000 15 4

araile) agus foilsíodh tuarascáil 478 leathanach. Mheas siad nach raibh anró san áit:

*"... destitution . . . did not and does not exist . . . this poverty among the people is not attributable to the landlords . . ."*²⁹

Breith chlaonta a bhí ann gan amhras ach caithfear cuimhneamh fosta nár tharla díshealbhaithe ar bith sa cheantar mar a tharla i nGleann Bheithe i dtrátha an ama seo.

Rinne an tuarascáil tagairt do sin:

*"No attempt has been made to drive the tenants from their holdings . . ."*³⁰

Mar sin féin is cosúil go raibh anró i bhfad níos mó sa cheantar ag an am seo ná bhí le linn an Ghorta Mhóir.

AN GORTA

Mhaigh George Hill nach bhfuair oiread agus duine amháin bás i nGaoth Dobhair le linn an Ghorta d'ocras nó d'anró. Thug cúpla ball den Central Relief Committee a bhí ag an Society of Friends cuairt ar áiteacha éagsúla sa cheantar in 1846. Duine acu sin ab ea James H. Tuke agus i ndiaidh cur síos a dhéanamh ar a thuras ó Shraith an Urláir go Dún Fionnachaidh tríd *"the poorest and most destitute district in Donegal"* deir sé:

"We remained at Lord George Hill's hotel during the following day and are fully able to add our testimony to the statements which have been made with respect to the admirable zeal and enlightened benevolence of this nobleman; and to the great improvements which have been effected upon the land, and in the conditions of the inhabitants of one of the wildest portions of Donegal."

Tá tagairt déanta fosta do *"the improved cottages and farms of the Gweedore estate"*, agus molann sé stór Hill ar an Bhun Bheag *"having with his usual forethought provided a depot for food which he allowed not only his own but the neighbouring tenants to purchase at prime cost,"* agus cuireann sé síos ina dhiaidh sin ar a thuras 'na Chlocháin Léith fríd pharóiste Theampall Cróine:

*"This is the poorest parish in Donegal."*³¹

Tá a mhacasamhail ráite ag John O'Hagan, dlíodóir ó thuaisceart na hÉireann a thug cuairt ar Chúige Uladh i samhradh na bliana 1845 le cúpla

comrádaí, ina measc John Mitchell agus Charles Gavan Duffy. Mheas O'Hagan gur bhfiú airgead a chaitheamh i siopa Hill agus dúirt sé gur fhág sé slán *"with fervent good wishes for his lordship who is a common benefactor for the whole country around."*

Dalta Tuke cuireann O'Hagan síos fosta ar dhrochdhóigh na ndaoine faoin Marquis Conyngham sna Rosa.³² Dhearbhaigh na finnithe uilg roimh an Select Committee in 1858 go raibh dóigh i bhfad níos measa ar na daoine idir 1854-1858 ná bhí le linn an Ghorta hóir. Mar sin féin, tá sé soiléir go leor ó na finnithe céanna go raibh anás ann le linn an Ghorta agus is cinnte gur chuidigh muileann mine George Hill a bhí ag meilt de lá agus d'oise leo, chomh maith le bia na farraige.

MEASTACHÁN

Is cosúil gur chaill George Hill suim ina eastát i nGaoth Dobhair i ndiaidh Chogadh na gCaorach, gur fhág sé riaradh an eastáit ag a chuid gníomhairí agus gur chaith se bunús a chuid ama i Rath Mealltáin ó sin amach. Fuair sé bás i mí Aibreán 1879 agus tá sé curtha maraon lena chéad bhean, Cassandra Jane, i reilig Eaglais na hÉireann i gConwal i Leitir Ceanainn (os coinne Ardeagalais Adhamhnáin) agus an scríbhinn seo ar an uaigh:

*"Also to the memory of
Lord George A. HILL
who died April 6th 1879
of Balliare House
in his 78th year."*

Níl sé furast breith a thabhairt ar George Hill. Bhí dhá George Hill ann — an George Hill a chonaic Stephen Gwynn *"a very pattern of gentleness and courtesy . . . — . . . 'no man has sone so much to redeem the reproach that rests on Irish Landlordism."*³³ agus an George Hill a chruthaigh i nGaoth Dobhair *"the system where Irish Landlordism is most sordid, cruel and rapacious."*³⁴

Sula ndéanfaidh mé meastachán ar an "dá" George Hill, ba mhaith liom dhá thosca eile a lua a chuideoidh linn tuigbheáil níos fearr a fháil ar Hill agus a chuid tionóntaithe.

1. Gnás Uladh

*"I am not in the slightest degree exaggerating when I say that everything was as suddenly changed as if struck by a magician's wand. The dirty cabins of the roadside were succeeded by neat, pretty, cheerful looking cottages. Regular plantations, well-cultivated fields, pleasant little cottage gardens and shady lines of trees met the eye on every side."*³⁵

Gearmánach ar a bhealach ó Dhún Dealgan go dtí an tlúr sa bhliain 1843 a thug fá deara an t-athrú seo. *Gnás Uladh* a ba chúis leis, nó mar a deirtear "good will" no "tenant right". Chiallaigh an "gnás" seo (a ndearnadh dlí dó i 1881) go raibh gach tionónta i dteideal íocaíocht a fháil ón tionónta úr nó ón tiarna ar son leasaithe a rinne sé ar an talamh. 'Sé an tionchar a bhí ag seo ar na feirmeacha i gCúige Uladh nó gur laghdaigh sé díshealbhaith (mar go gcaithfeadh an tiarna íocaíocht a thabhairt don

tionónta), gur ghlac an tionónta i bhfad níos mó suime ina ghabháltas (trí fheabhas a chur air), agus gur chothaigh sé gaol níos sláintiúla idir an dá pháirtí. Bhí an gnás seo i bhfeidhm ar eastát Hill mar a thugann an sagart Seán Ó Dochartaigh le fios dúinn:

*"Has any land upon which any labour has been expended been taken away by George Hill from the tenants without paying to him the usual amount of tenant right? No — it has not."*³⁶

Is cinnte gur cosaint do thionóntaithe Hill a bhí sa ghnás seo ach níor cheart barraíocht béime a chur ar a thábhacht, mar go bhfuil sé soiléir fosta go raibh an tionónta beo ó bhliain go bliain gan léas nó buaine sealbhaíochta de chineál ar bith agus gur ghnáth leis an tiarna "notice to quit" a thabhairt dó gach bliain.

2. Díshealbhú

Níor tharla a dhath i nGaoth Dobhair ar an scála céanna agus a tharla i nGleann Bheithe ar an 18ú Aibreáin, 1861, nuair a dhíshealbhaigh John George Adair 244 – fir, mná agus páistí – ó 11,602 acra talaimh. Duine de ghlún úr tiarnaí a bhí in Adair a cheannaigh talamh faoi Acht na nEastát i bhFiacha (Encumbered Estates Act) i ndiaidh an Ghorta, agus a raibh sé mar aidhm acu brabach gasta a dhéanamh. Ní féidir comparáid a dhéanamh idir Hill agus Adair mar go ndearna Hill iarracht leasuithe a chur i bhfeidhm, ar a laghad. B'fhiú cuimhneamh chomh maith go raibh Gaoth Dobhair ina heisceacht náisiúnta ó thaobh daonra de sa dara leath den naoú céad déag. Is amhlaidh a laghdaigh daonra na hÉireann go tubaisteach idir 1841 agus 1911 (ó 8.2 milliun go 4.3 milliun), ach is amhlaidh a mhéadaigh daonra Ghaoth Dobhair ó tuairim 4,000 roimh an Ghorta go 5,035 in 1891 (ainneoin go raibh sruth na himirce láidir).

Tá George Hill molta go minic agus cáinte go minic. Dúirt an tAthair Séamas 'ac Pháidin:

*"There was a syndicate of landlords, so to speak, leagued together to subjugate the people; Hill, Olphert, Nixon, etc., but Lord George Hill was the Smith-Barry of the Barry. He was their leader."*³⁷

Mheas Denis Holland nach raibh in Hill ach *"a special blessing on two legs, sent by Providence for the comfort of the neglected Celts of the wilds of Donegal."*³⁸ agus nach raibh sa *"Facts from Gweedore"* a scríobh sé ach *"the cheapest engine by which any man ever won a good name."*³⁹

Mheas an Dochtúir G. F. BRADY go raibh sé ina thiarna mhaith:

*". . . and Lord George Hill . . . striving to do all he could for the poor; I have known him to sit up to two or three o'clock in the morning revising lists, selecting the most destitute, and consulting me as to who I thought were the fittest people to receive relief; his exertions were beyond measure praiseworthy."*⁴⁰

Mheas Carlyle nach mbeadh a leithéidí go deo ann arís:

*"It is the largest attempt at benevolence and beneficence on the modern system ever seen by me or like to be seen. In all Ireland saw no such beautiful soul."*⁴¹

Rinne sé rudaí maith — rinne sé an áit níos nua-aimseartha — thóg sé cé, muilte, siopaí, tithe, eaglais, scoil, bealtaí móra agus go leor

foirgnimh eile. Spreag sé na tionóntaithe feabhas a chur ar a dtithe, ar a bhfeirmeacha agus ar obair na feirme trí dhuaisianna agus deontais a thabhairt do na rudaí faoi leith ab' fhearr: ar an taobh eile den scéal, d'ardaigh sé cíosa. Bhain sé talamh féarach na gnoc de na tionóntaithe.

Tá go leor nach n-aontóidh leis an méid atá ar an leacht cuimhneacháin in Eaglais na hÉireann ar an Bhun Bheag:

"A self-denying Christian, he devoted his life and fortune to civilise Gweedore and to raise its people to a higher social and moral level . . ."

Measaim féin go raibh George Hill maith agus olc. Rinne sé iarracht feabhas a chur ar an cheantar trí sheirbísí agus áiseanna níos nuaimseartha a chur ar fáil, ach os a choinne sin, d'fhulaing muintir na háite go leor de bharr na n-athruithe a rinne sé. Chomh maith le sin, is cinnte go raibh sé santach agus gur é féin is mó a ghnóthaigh de bharr a chuid leasuithe. Mar sin féin, rinne sé rudaí maith agus is féidir a rá nach tíoránach a bhí ann cosúil le go leor tiarnaí talaimh a linne.

SÉAMAS MAC PHÁIDÍN AGUS COGADH AN TALAIMH

Ag caint i nGlaschú dó i mí na Samhna, 1884, dúirt sagart paróiste Ghaoth Dobhair, an Sagart Séamas Mac Pháidín:

*"In this union of priests and people lies the strength of the Irish cause and for this reason have our enemies been always trying to weaken or break the bond that unites us."*⁴²


Bhí an sagart Mac Pháidín ina thúr cosanta ag na daoine in éadan ansmacht na dtiarnaí talaimh ó 1873 ar aghaidh, díreach mar a tharraing an tAthair Seán Ó Dochartaigh aird na n-údaras ar dhrochbhail na ndaoine le linn dó a bheith ina shagart paróiste idir 1849 agus 1857.

AN tATHAIR SÉAMAS MAC PHÁIDÍN


Bhí Mac Pháidín dian mar shagart paróiste. "The old autocratic priest" no "An Sagart Mór" dhá cheann de na teidil a thuill sé do féin. Chuir sé deireadh le damhsa ag na croisbhealaí agus le spórt agus spraoi sna tithe mar go raibh sé in éadan an méid póitín a d'óltaí ar ócáidí dá leithéid agus an tionchar a bheadh aige ar an aos óg. Dúirt sé go raibh an diabhal i dteach ina raibh fídeal. Thug sé ar scaife páistí siúl 'na scoile costarnocht ar feadh seachtaine mar phionós. Ní bheadh leisc air úsáid a bhaint as a chuid doirne nó as a mhaide droighín. Ba ag smaoiniamh ar an tsagart Mac Pháidín a bhí Patrick Mc Gill sa léiriú a thug sé ar an tsagart paróiste in "The Rat Pit" agus "Children of the Dead End" — tíoránach, a bhí chomh holc leis an tiarna talaimh, a bhí beo ar na daoine agus a thóg teach sagairt mór nach raibh gá lena leithéid.⁴³

'Sí an fhealsúnacht a bhí ag Mac Pháidín nó gur cheart go mbeadh na daoine ábalta an cíos a íoc ó thoradh a gcuid talaimh féin. Go hidéalach, b'fhearr leis nach mbeadh tiarnaí ar bith ann — ach mar a bhí, níor chreid sé gur cheart go gcaithfeadh daoine imeacht 'na Lagáin agus thar sáile nó a gcuid maoina a dhíol leis an tiarna a íoc:

"They made the rent and maintained their existence not out of the land. The rent was paid with the American Dollar, the Australian



Taobh istigh den Gweedore Hotel — seomra leapa agus an seomra bí



*sovereign and the Scotch note and the earnings of the poor children some of years as tender as eight who hired themselves away like white slaves to the service of the farmer in bordering counties.*⁴⁴

Nuair a cuireadh ceist air an raibh sé ábalta a chíos féin a íoc, dúirt sé: *"Yes, I am out of the charities of the poor people, but not out of the produce of the land, and I refuse to pay on that principle, without a reduction.*"⁴⁵

D'úsáid Mac Pháidín teanga ghéar go minic agus é ag gríosadh na ndaoine in óráidí, ach chuir sé an bhéim i gcónaí ar an tseasamh daonlathach bunreachtúil. Tchítear dom go raibh sé cosúil le Parnell sa dóigh sin — fear a bhí ag dul i dtreo na láimhe láidre ach nár úsáid í riamh.

Níl aon amhras ná gur i ndiaidh bás George Hill agus teacht a mhic, an Captaen Arthur Hill go Gaoth Dobhair a thosaigh rudaí ag dul 'un olcais. D'éirigh rudaí i bhfad níos measa nuair a tháinig an coirnéal Dopping mar ghníomhaire chuig Hill in 1887, agus is iomaí cás cúirte agus focal garbh a bhí ag Mac Pháidín agus Dopping.⁴⁶ Cé go bhfuil cuntas an tsagairt 'Ac Pháidín ar an achrann claonta agus aontaobhach, mar sin féin tá léiriú maith le fáil ann ar shaothar Chumann na Talún agus go háirithe mar a chuir siad an 'Plan of Campaign' i bhfeidhm.

THE PLAN OF CAMPAIGN

Ar an 23ú Deireadh Fómhair 1886, scríobh Tim Harrington, MP de Pháirtí Home Rule, alt dar teideal 'A Plan of Campaign' sa United Ireland ag moladh plan le laghdú cíosa a éileamh. Thairgeadh na tionóntaithe cíos laghdaithe don tiarna agus mura nglacfadh sé leis an tairiscint, ní íocfadh siad cíos ar bith leis ach choinneodh siad na cíosanna laghdaithe le cuidiú le tionóntaithe eile a díshealbhaíodh. Cuireadh an plan seo i bhfeidhm ar 110 eastát in Éirinn idir 1886 agus 1893.

I mí Eanáir 1888, labhair an tAthair Mac Pháidín ag cruinniú mór i nDoire Airt i bparóiste na dTuath. Bhunaigh sé craobh úr de Chumann na Talún, mhol sé an 'Plan of Campaign' agus d'úsáid sé na focla: "Is mise an dlíodh i nGaoth Dobhair." Mheas na húdaráis go raibh a chuid cainte tréasúil agus gabhadh é faoi Acht Comhéigeán Balfour. I ndiaidh seal a chaitheamh i bpríosún Dhoire, cuireadh ar a thriall i Leitir Ceanainn é ar an 18ú Aibreán agus ainneoin go raibh Pádraig Ó Dónaill, easbog nua-choisreactha Rath Botha agus Seán Diolún, leascheannaire Pháirtí Home Rule i láthair, gearradh trí mhí príosúntachta air agus nuair a rinne sé acomharc, méadaíodh go sé mhí é. Chuir na mílte fáilte 'na bhaile roimhe go Gaoth Dobhair i mí Dheireadh Fómhair.⁴⁷

Idir an dá linn, cháin doiciméad ón Róimh an 'Plan of Campaign'. Bhí easbaig na hÉireann i gcruachás — scoilte idir a ndílseacht d'orduithe an Phápa agus dá bpobal féin. Sheas an tEaspag Ó Dónaill go daingean ar chúl an tsagairt 'Ac Pháidín. Chuir sé litir phoiblí amach ag fáiltiú roimhe i ndiaidh a théarma príosúntachta. Bhí sé ina chathaoirleach ag dinnéar mór in onóir an tsagairt i Leitir Ceanainn agus mhol sé go hard é sa chaint a thug sé le linn na hócáide sin.

I ndiaidh pilleadh ó Shasana (áit a deachaigh sé le é féin a chosaint ar na hionsaithe a bhíothas a dhéanamh air sna páipéir), labhair sé i Machaire Chlochair ar an 19ú Nollaig ag tacú leis an "Plan of Campaign" agus 18

socraíodh an dlí a chur air arís. Ar an 29ú Eanáir 1889, nuair a rinne sé neamhiontas den toghairm, cuireadh barántas amach le é a ghabháil. Cé go ndearnadh go leor iarrachtaí é a ghabháil i rith na seachtaine, d'éirigh leis an tsagart na póilíní a sheachaint go dtí an Domhnach ina dhiaidh sin, 3ú Feabhra.

MARÚ AN MHAIRTÍNIGH

Maráíodh an *District Inspector William Martin* taobh amuigh de shéipéal Dhoirí Beaga i ndiaidh am Aifrinn nuair a rinneadh iarracht an sagart a ghabháil. Ní gníomh barbartha, réamhphleanáilte a bhí i *Marú an Mháirtínigh* mar a thug na nuachtain Shasanacha le fios. 'Seo cuid den chuntas a thug an sagart é féin ar ar tharla:

" . . . tháinig fear a raibh cóta mór oifigigh air ó mo dheis — tháinig sé chun tosaigh agus bheir greim coileáir orm lena lámh chlé. Bhí cláíomh fhada nochtaithe aige ina lámh dheis. Dúirt mé leis i nglór nach raibh bagarthach:

"Have you got a warrant for my arrest?"

Níor thug sé freagra dar chuala mise ach scairt sé amach i nglór ard: "Come on Sir". Lean sé mar sin agus é mo tharraingt leis san am chéanna. Stróc sé an 'cape' a bhí orm agus mise ag iarraidh air an t-údarás a bhí aige breith orm a thaispeáint. I ndiaidh cúpla coiscéim a thabhairt, thóg sé an chláíomh os mo chionn go bagarthach mar a bheadh sé ag brath mé a bhualadh leis agus le mé féin a chosaint, bheir mé greim le mo lámh dheis ar a ghualainn chlé. Tháinig péas eile 'un tosaigh ansin agus páipéar gorm leis. Cuireadh in iúl domh gur seo an barántas. "Maith go leor, rachaidh mé libh" arsa mise. Nuair a bhí muid ag barr staighre na gcloch, tháinig cúpla bean idir mise agus é féin. Cuireadh eisean giota 'un tosaigh agus mise píosa 'un gcúil. Níor chuir péas lámh orm ó sin amach . . . le sin tchím mo dheirfiúr 'na rith anuas an casán ón teach, i iontach tógtha agus dúirt sí: "Chuala me go raibh siad a do mharú."

Thug mé liom í agus shíúil mé ag tarraingt ar an teach. Bhí péas ag síúil 'mo dhiaidh. Tá mé ag déanamh go raibh dornán beag daoine ag teacht aníos ó theach an phobail an t-am seo ag tarraingt ar an teach. Dúirt mé leis na daoine fanacht ar gcúl agus chraith mé mo bhiretta ina n-éadan. Bhí daoine ag caitheamh cloch agus bualadh mé féin le dartán cruaidh".

Dúirt an tAthair Mac Pháidín gur labhair sé leis na daoine ó fhuinneog thuas staighre a thí agus gur agair sé orthu dhul 'na bhaile. Ní raibh a fhios aige rud ar bith go dtí gur tugadh an Máirtíneach isteach 'un tí le cóir leighis a chur air agus, ainneoin go raibh beirt dhochtúir ag freastal air, fuair sé bás ar leath i ndiaidh a dó.

I NDIAIDH AN MHAIRTÍNIGH

Bhí marú an Mháirtínigh tábhachtach i gcúpla dóigh:

- (i) Glactar leis go raibh sé gan chéill ag na húdaráis ordú a thabhairt breith ar an tsagart i ndiaidh aifrinn maidin Domhnaigh. Dúirt Lord Morley, iar-PhríomhRúnaí de chuid



**An Sagart 'ac Pháidín taobh
amuigh de theach a' phobail**



Teach an tSagairt

na Liobrálach in Éirinn, in óráid a thug sé go luath i ndiaidh an eachtra: *“Tá ministéir i mBéal Feirste a bhfuil meas na ndaoine air. Oráisteach atá ann. Dá ndéanfadh sé óráid nár thaitin leis an Rialtas agus dá mbeinnse mo PhríomRúnaí agus mé a cheadú breith air ag teacht amach as a theampall i ndiaidh seirbhís eaglasta, ní chluinfinn a dheireadh go deo. Bheinn glan as mo mheabhair dá gceadóinn a leithéid . . .”* Is fíor a rá go ndearnadh iarrachtaí go leor é a ghabháil an seachtain roimh ré, ach níor éirigh leo theacht air.

- (ii) Ar feadh fada go leor ina dhiaidh sin i nGaoth Dobhair, bhí teannas ann. Bhí an Sagart Mac Pháidín sa phríosún agus bhí na céadta póilín agus saighdiúir san áit ag déanamh fiosraithe. Chuaigh cuid mhór de na fir ar a seachnadh — go dtí na cnoic, na hoileáin agus thar sáile. Seo taobh na bpóilín den scéal:

“The idea was that we were to have a vigorous search of the whole country, from Gweedore to the sea. Assuming that some of the men we wanted were lurking on the mainland, they were to be driven by a long line of skirmishers towards the sea, and then if they attempted to escape to the island in coracles, the boats of the H.M.S. Banterer were to intercept them and effect their arrest. All looked, on paper, perfect. The ‘Greys’ on the right flank made an imposing display in their bearskins and mounted on their grey horses. A line of skirmishers started from the Falcarragh-Gweedore road, extending for close on five miles . . . The signal for the start was the blowing of a bugle and dropping of flags by signallers all along the line. We started very well. But mist came on, and the difficulty of keeping touch increased . . . And lo! When we arrived at the sand hills we scanned the horizon in vain. There was no Banterer! All we saw was a fugitive, in a coracle, going hard for Inisherer in face of a rough sea.”⁴⁸

Ainneoin nár éirigh rómhaith leis an iarracht sin, gabhadh 42 ar fad le ceathrar ban ina measc. Saoradh níos mó ná leath acu i ndiaidh a gcur ar a dtrial i Leifear agus i Leitir Ceanainn agus cuireadh fiche acu ‘un tosaigh lena dtrial a sheasamh i bPort Laoise ar an 17ú Deireadh Fómhair, 1889.

- (iii) Bhí suim fhada, leitheadach i dtrial na bpríosúnach faoin Bhreitheamh Gibson agus giúire “pacáilte”. I ndiaidh Liam Ó Colla as Srath Máirtín a fháil ciontach i ndiaidh cás a mhair ceithre lá agus i ndiaidh Seán Ó Gallchóir as Machaire Chlochair a bheith os comhair na cúirte trí lá, tháinig deireadh tobann leis an trial nuair a rinne dlíodóirí an dá thaobh socrú — (a) go n-admhódh na príosúnaigh uilig go raibh siad ciontach; (b) go ligfí an Sagart Mac Pháidín saor; (c) nach gcuirfí éinne chun báis agus (d) go ngearrfaí 30 bliain príosúntachta ina iomláine ar na príosúnaigh.

Is cosúil go raibh eagla ar dhlíodóirí na bpríosúnach go ndaorfaí Liam Ó Colla chun báis an lá ina dhiaidh sin agus go raibh tréimhsí fada príosúntachta i ndán do go leor eile, agus is cosúil gur mheas dlíodóirí an stáit nach raibh an té a bhuaíl an buille a mharaigh an Máirtíneach i measc na bpríosúnach ar chor ar bith. Cuireadh i leith dlíodóirí na bpríosúnach gur thréig siad na príosúnaigh agus gur thruailligh siad an mhúinín a cuireadh iontu mar go raibh a fhios acu go raibh an ciste folamh. Saoradh na príosúnaigh uilig — ochtar acu — nuair a tháinig na Liobarálaithe i gceannas i dtoghchán 1892 agus Lord Morley mar PhríomhRúnaí go hÉirinn.

- (iv) Is beag an pháirt a ghlac an Sagart Mac Pháidín i gcúrsaí polaitíochta ó am na triallach ar aghaidh. Ar a laghad, ní raibh a pháirt conspóideach mar a bhí roimhe sin. Tháinig feabhas ar staid na dtionóntaithe le Achtanna talaimh níos fearr, le bunú Bhord na gCeantar Cúng, le teacht an bhóthar iarainn agus le himeacht na dtiarnaí. Chaith an Sagart Mac Pháidín dhá thréimhse i Meiriceá ag cruinniú airgid do Ardeaglais Adhamhnáin idir 1897 agus 1901, nuair a ceapadh é ina shagart paróiste ar Inis Caoil. Mhol an Dualtach saothar an tsagairt go hard:

*"Suffice it to say that the people gained complete victory under the able and indefatigable guidance of Fr. McFadden over landlordism in the district."*⁴⁹

Is cinnte go bhfaca sé toradh a shaothair:

*"The Canon lived to see much of what he fought for achieved. He saw landlordism crippled and finally smashed; he saw the unquenchable fire of freedom kindled shortly before his death."*⁵⁰

FOCAL SCOIR

'Sé an toradh a bhí ar an choimhlint idir na tiarnaí agus na tionóntaithe nó gur éirigh leis na tionóntaithe seilbh a fháil ar a ngabhaltais féin. Ainneoin go dtáinig go leor Achtanna talaimh isteach ó 1870 ar aghaidh, ís dóigh liom gur próiseas mall a bhí in aistriú an talaimh á cheannacht, á fheabhsú, á athroinnt agus á athdhíol, is beag tionchar a bhí aige ar an cheantar go dtí gur tugadh cumhacht ceannaithe éigeantach dó in 1907. Bhí cíos a íoc ag tionóntaithe sa bhliain 1910 agus ina dhiaidh, ar eastát na nOlfartach. Níor réitigh ceannacht an talaimh gach fadhb ach an oiread. Bhí go leor fadhbanna ag baint leis an talamh féin nach raibh aon smacht ag na tiarnaí orthu. Mar a dúirt Breandán Mac Cnámhsí:

*"They had inherited a pernicious land system whose remedy was wholly beyond their best behaviour."*⁵¹

Ach ar a laghad chiallaigh na hathruithe a tugadh 'un críche go raibh na tionóntaithe ina n-úinéirí anois ar a ngabhaltais — saor, gan cíos, gan bagairt díshealbhaithé, le saoirse agus só.

You are requested to note that the Agent's Office, at Moyagh, will be Open on Saturdays only.
HOURS 10^o m. till 2 p.m.

N.B.—Please produce this Receipt next Payment. You are requested to Preserve the Game on your Farm.

No. 2734

Received from Mary Curran

the Sum of One Pounds, None Shillings, and

four Pence, Sterling, being One Year's Rent due to

REV. HARPUR C. NIXON, out of the Townland of Glassagh

up to and ending the 1st day of November, 1893 thru

Dated the 31 day of Oct 1893

Cash,.....£ : : :

Poor Rate, p.....£ : : :

£ 1 : 9 : 4

Mannock, Printer and Stationer, Letterkenny.

Admháil Cíosa 1893

N.B.—Please produce this Receipt next payment. You are requested to preserve the Game on your Farm.

No. 2737

Received from Dan Curran

the Sum of One Pounds, Eight Shillings, and

four Pence, Sterling, being One Year's Rent due to

H. C. NIXON, Esq,

out of the Townland of Glassagh

up to and ending 1st day of November, 1916

Dated the 28 day of Nov 1917

Cash.....£ : : :

£ 1 : 8 : 4

Admháil Cíosa 1917

*** Seo téacs léacht an Oireachtais a thug mé i nGaoth Dobhair, 1984. Is i gcuimhne m'athara, Johnny Sheáin, a thug mé an léacht ar a bhfuil an aiste seo bunaithe. Bhí a chroí istigh i dteanga na Gaeilge, sa stair áitiúil agus san Oireachtas agus go háirithe i Scáthlán.**

Nótaí

1. "Creach Choinn Ul Dhónaill": An Grá agus an Ghruaim (Seosamh Mac Grianna).
2. An Dualtach: Scéal Gaoth Dobhair (neamhfhoilsithe).
3. Destitution: Report from the Select Committee on Distitution (Gweedore and Cloughaneely) 1857-1858.
4. Facts from Gweedore (compiled from the notes of Lord George Hill), lth. 16.
5. Ibid, Réamhrá IX.
6. An Dualtach.
7. Burke's peerage.
8. Facts, lth. 26.
9. Ibid, lth. 26.
10. Ibid, lth. 41.
11. Ibid, lth. 24.
12. McCourt, Desmond: "The Rundale System in Donegal, its Destruction and Decline" in Donegal Annual, 1955, lth. 47.
13. Ibid, lth. 48.
14. Facts, Réamhrá xiii.
15. Ibid, lth. 42.
16. McCourt, op, cit. lth. 54.
17. Facts, Réamhrá xiv.
18. Destitution, 476-483.
19. Ibid, 1489.
20. Dublin, Evening Post, 19ú Eanáir, 1858.
21. Perraud, A. Ireland in 1862.
22. Dublin University Magazine, June 1858.
23. State Paper Office, 1856 Constabulary Reports.
24. Press Reports on the Grand Jury assizes at Lifford 1857-58.
25. Destitution, Appendix lth. 392-393.
26. Ibid, Appendix lth. 394-401.
27. Sydney Freeman, 7 Lúnasa, 1858.
28. An Nation, 13ú Márta 1858.
29. Destitution, Réamhrá iii.
30. Ibid, réamhrá iii.
31. Tuke, James H. : Irish Distress and its Remedies.
32. Diary of John O'Hagan in The Irish Monthly, May-September, 1913.
33. Gwynn, Stephen : Highways and Byways in Donegal and Antrim lth. 142 agus 131.
34. Holland, Denis : The Landlord in Donegal 103.
35. Kennedy, Brian A. : "Tenant Right before 1870", in Ulster since 1800 (Moody/Beckett) lth. 40.
36. Destitution, 2022.
37. Mac Pháidín, an tAthair Séamas : "Past and Present of the Agrarian Struggle in Gweedore", lth. 14.
38. Holland, op. cit. 59.
39. Ibid, lth. 60.
40. Destitution, 6272-6273.
41. Carlyle, Thomas : Reminiscences of my Irish Journey in 1849, lth. 249.
42. Mac Pháidín, op. cit. lth. 128.
43. Mulholland, Joe : "The novelist Patrick Mc Gill and his Parish Priest James McFadden" in Derry People 3/9/1983.
44. Mac Pháidín, op. cit. lth. 6.
45. Ibid, lth. 18.
46. Mac Fhionnlaoch, Seán : Scéal Gaoth Dobhair.
47. Ó Fiaich, Tomás : "Pádraig Cairdinéal Ó Dónaill" in Meascra Uladh II, lth. 15-16.
48. Crane, C.P. : Memories of a Resident Magistrate 1880-1920 lth. 125.
49. An Dualtach.
50. Ó Gallchóir, Proinsias : History of Landlordism in Donegal, lth. 191.
51. Mac Cnámhail, Breandán : "North West Donegal after the Great Famine", in Donegal Annual, 1970.

Machaire Chlochair agus a mBaineann Dó¹

Nuala Ní Ghallchóir

Ins an am a bhfuil mé ag dul a thrácht air ní raibh an talamh rannta mar atá sé anois. 'Sé an dóigh a raibh sé ina roinnt cuibhreann thall agus abhus. Bhí na tithe déanta thíos a chois na trá ina gclibín amháin, comhgarach do mharc an láin. Ba é an tiarna a bhí ar an dúthaigh san am An Caidtín Stuart a bhí in a chónaí thoir i gCorrán Binne. Ba leis croi na paróiste agus sé an t-ainm a bheireadh na daoine ar an dúthaigh a bhí ina sheilbh na Ceathrú An Chaidtín 'sé sin nó Ceathrú Na Machaireacha.

Is cosúil gur duine breá a bhí ins an fhear seo mar nár ghnáth leis mórán tiaradh a chur orthu de thairbhe cíosa. 'Sé an dóigh a ndíoladh siad é — uimhir áirithe de chraicne coiníní a chur chuige, agus lena chois sin, cuidiú a thabhairt do lena chuid mónadh a tharraingt 'na bhaile gach bliain. San am sin bhíodh beathach nó capall ag gach aon teach agus théadh na fir soir lena gcuid capall agus cléibh mhóra, leathmhullaigh fá choinne an mhóin a iompar 'na bhaile dó. D'fhanadh siad thoir ar feadh seachtaine nó mar sin, agus bhéaradh sé féin bia agus lóistín dóibh. Théadh fear agus capall as gach teach agus bhíodh siad iontach bródúil as na tréithre a ghníodh a gcuid beathach ins an choimhlint a bhíodh acu ag tarraingt na mónadh.

Bhí an dúthaigh roinnte mar seo a leanas, ba le muintir Mhachaire Chlochair, an Tor; ba le muintir Ghabhla, Gleann Tornáin; ba leis na Machaireacha, Na hAird Dhonna. Bhí seo déanta sa chruth go mbeadh leagan amach acu a bheadh fóirstineach dá gcuid eallaigh agus caoirigh. Tá cruthú agam go raibh seo amhlaidh, mar bhí áit chúig mbó i seilbh m'athara den Tor a tugadh do mar pháirt de chruth nuair a pósadh é agus tá admháil an chíosa a bhí sé a dhíol astu ag Peigí seo againne go fóill ins an teach. Is minic a léigh mé iad. Théadh siad ar bhuaileteachas suas go dtí an Tor i dtús gach uile Shamhradh go luath sa Bheáltaine; cuireadh siad maide láidir trasna ar an díog a bhí thíos ag bun an tseanbhealaigh agus ní bhfaigheadh beathach ceithre gcosach thar an mhaide sin go bpilleadh siad ar ais i ndiaidh sé seachtainí a chaitheamh thuas ar an Tor. Bhíodh bothóga déanta acu ar feadh fhad 's a d'fhanadh siad sa bhuaileteachas; ní cuireadh siad barr ar bith ins an talamh ar an Tor ach d'fhágadh siad úsáid an talaimh ag teaghlaiigh bhochta nach raibh talamh ar bith acu.

Bhí coinicéar coinín i mbun an bhaile an t-am sin agus bhíodh airíoch acu os a chionn sa chruth nach bhfaigheadh aon duine lámhachas a dhéanamh orthu, mar bhí sé de fhiacha orthu na craicne a chur soir chuig an chaidtín gach bliain mar pháirt de dhualgas an chíosa. Ar an ábhar sin is dóiche go raibh coiníní fairsing mar bhíí ag tabhairt aire mhaith dóibh.

Deirtear go raibh Machaire Chlochair ar bhaile chomh pleisiúrtha is bhí in Éirinn an tráth sin. Chruinníodh cuid mhór lucht siúil, idir thincéirí agus

lucht píobaireachta agus lucht fídléarachta isteach ann i dtús dhubhlaíocht an Gheimhridh agus ní fhágfadh siad an baile go léadh an sneachta agus an sioc san Earrach. Bhíodh am meidhreach acu le spóirt, damhsa agus ceol. Fuair mé an cuntas seo ó bhéal na ndaoine a bhí ann san am. Bhí an dream a bhí ann san am sin an-charthannach le strainséirí agus cibé ar bith soláthar saolta a bhí acu rannadh siad go fial é leis an té a thíocfadh trasna orthu. Bhí na daoine an t-am seo beo ar bhia an talaimh — préataí, coirce, im agus bainne, iasc na farraige agus bia trá. Ní bhaineadh siad an mhóin go Bealtaine nuair a bhaintí trá de na préataí úra fá choinne na meithle. Bhíodh iasc úr acu fosta fá choinne na hócáide céanna. Ní raibh an portach i bhfad uathu agus mar bhíodh na seasúir te, tirim an t-am sin, ní bhíodh an mhóin i bhfad á giollacht. Ní raibh carranna ar bith ann san am agus d'iompraíodh siad an mhóin 'na bhaile ar dhroim beathaí agus le cléibh mhóra. B' aobhinn an saol a bhí acu. Ghníodh siad mealdar mine coirce den arbhar a d'fhásadh siad ar a gcuid talaimh féin. Is cuimhneach liomsa go ndéanadh ár muintir féin mealldar gach uile bhliain agus gach aon teaghlach chomh maith linn. Bhíodh muid caoch tuirseach de arán coirce, ach ba mhaith bríomhar an t-arán é nuair a bhíodh bealthadh maith ime air; agus i dtaca le brachán coirce de, ar ndóighe, ní thíocfaí é a shárú mar chothú.

Bhí dhá mhuilleann meilte gráin ins an pharóiste, mar bhí — muileann an Mhuilteora Bháin i Sraith Máirtín; anoir as Cloich Ceannfhaola a tháinig an teaghlach seo ó thús. Tá sagart den dream curtha taobh amuigh de theach pobail Ghort an Choirce. Bhí muileann eile ar abhainn na Cládaigh a dtugtaí An Sean Mhuileann air. Tá an dúshraith le feiceáil ansin go fóill.

Ní raibh scoltacha ar bith san áit mar áta anois ach bhíodh fáscoltacha in áiteacha thall agus abhus. Bhí ceann acu seo san áit a bhfuil gárradh John Sheáin Éamoinn anois. 'Sé an máistir scoile a bhí ann fear a dtugtaí Timlín Mhánais air. Ba de dhream Chlainn Mhic Giolla Bhríde é as Míin Doire na Sluagh: athair mór Eoin Ghráinne. Bhí ceann eile de na scoltacha seo taobh thoir de Theach Francie Molloy. 'Sé an máistir a bhí uirthi sin Paidí Cid a theagasc thall agus abhus. Tá sin níos mó ná céad bliain ó shoin roimhe aimsir an Bhoird Náisiúnta (1831).

Bhíodh bádaí ag cuid mhór daoine an t-am sin fá choinne leas farraige a sholáthar dóibh féin san Earrach nuair a bhíodh siad ag athleasadh an talaimh. Bádaí countair a bhí iontu, 'sé sin le rá, bhíodh siad géar sa toiseach agus cearnógach sa deireadh. Bhíodh siad ina luí suas díomhaoineach sa Gheimhreadh ach ins an Earrach dhéanadh siad an chácál agus chuireadh siad cóta nó dhó tarr orthu. Ní raibh dathú acu mar atá anois. Bhaineadh na daoine lastaí duibhleathaigh le corráin mhóra.

Bhíodh bádaí móra acu an t-am sin fá choinne iascaireachta. Fúraí a bhéaradh siad orthu. Bhí siad déanta ar chuma na luggers. Bádaí achmhainneacha a bhí iontu agus bhí siad láidir go leor le dhul amach i ndoimhneacht na farraige agus is minic a bheireadh an doineann amuigh orthu agus chailltí cuid acu. Bhí an t-iasc iontach fairsing fán chósta san am sin. Ba chuimhneach le m'athair líne bádaí a fheiceáil ag dul trasna ar an chanáil ó Theach Kyle go dtí an tArd Ramhar sa chruth go dtíocfadh le duine siúl ó bhád go bád trasna 'na Phoainte. Níorbh é Teach Kyle an t-ainm ceart ar an áit ar chor ar bith ach Tóin na Searradh. Fear darbh

ainm Kyle a chuir stór ar bun ann fá choinne sailleadh éisc agus á gceannacht ó na hiascairí. Bhí am amháin agus bhí an t-iasc chomh fairsing sin go raibh na daoine ábalta breith orthu ar an chanáil le brailíneacha línéadaigh.

Ní raibh an cósta an t-am sin mar atá sé anois. Bhí oitir mhór, leathan fá thuairim ceathrú míle ar leithead ag gabháil trasna go dtí Inis Sionnaigh, ó chúl na Dumhacha. Bhí an Dumhach í féin ag gabháil amach fhad leis an Chreig Mhóir . . . Ní raibh Teach Khyle mar atá sé anois ach oiread; bhí foscadh mór idir é féin agus an chuid eile den dumhaigh. Ní raibh mórán de Charraig-Bolg nó An Charraig Bheag ar eis san am. Thiar a bhí na soithigh ag gabháil amach idir Creig Bhéal an tSrotha agus Inis Sionnaigh. Áit chúng a bhí ann agus bhí sé contúiriteach ag soithigh. Tá Oileán Bhun Dobhair ar thaobh na láimhe clé de agus sin an teorainn idir an dá pharóiste.

Ba cheart damh a rá go raibh cuid mhór stilléarachta agus déanamh uisce beatha ar siúl san am seo. Bhí siad ábalta a gcuid bratha féin a dhéanamh agus a láimheachas. Chuireadh siad mórán eorna fá choinne na hócáide mar d'fhásadh an barr sin go maith ar thalamh gainimh. Le scéal fada a dhéanamh gairid bhí saol Mhánais Bháin acu — 'sé sin — luí siar le bolg lán agus ag éirí aniar le bolg folamh.

NÓTAÍ

1. Seo cóip de chuntas a scríobh An Dubhaltach Chonchubhair chuig Pádaí Sheáin An Dubhaltaigh ins na tríochaidí. Tá muid iontach buíoch do Nuala Ní Ghallchóir — Nuala Phadaí Sheáin An Dubhaltaigh as an chuntas seo a chur ar fáil dúinn do Scáthlán 3.

17 June 1858

MAGHERACLOGHER

71. Jack Mulligan: 3 bedsteads, and beds in ticks; good bed-clothes; dresser; chairs, table; boxes; woollen wheel; 2 sacks of oatmeal; a horse and cart; 8 head of cattle. I found a new chaff bed, a large quantity of wearing apparel concealed on a loft, and covered with straw. (Got relief, 66.)
72. Dolly Galagher: 2 bedsteads, beds and bed-clothes; dresser; chair, table; 3 cows; some sheep.
73. William M'Lean (shoemaker): A clean house; bedstead, curtains, a feather bed, and good bed-clothes; a dresser, chairs and table.
74. Sally Peebles: House shut up. I am told she has feather beds and 1 cow.
75. Susan Galagher: Small house; 1 bed; 1 bedstead; a dresser; 2 chairs; a chest.
76. Connor Peebles: A good house; 3 rooms and kitchen; 2 bedsteads, beds and bed-clothes; dresser; chairs; tables; a quantity of blankets and bed-clothes hidden out of the house; 3 cows and a horse.
77. James Sweeney: 2 bedsteads and beds; 1 cow.
78. Anthony Sweeney: 1 bedstead and bed; table; chest; churn; chairs; 4 cows, and 1 horse.
79. Owen M'Bride: 2 bedsteads, beds and bed-clothes; dresser; chairs and chests; 2 cows; a horse; a quantity of potatoes.
80. Pat O'Donnell: 2 bedsteads; beds and bed-clothes; a dresser; chairs; table; boxes; a quantity of potatoes; 3 head of cattle; 9 sheep.

81. Daniel Doherty: 2 bedsteads; beds and bed-clothes; a dresser; chairs; a churn; some potatoes and meal; 3 head of cattle; 30 sheep.
82. James Rourly: 2 bedsteads; beds and bed-clothes; a dresser; chest; chairs; a bag of oats; a bag of wool; potatoes, and meal; 3 cows; a lot of sheep; 1 horse.
83. Paddy Boyle: 1 bedstead; bed and bed-clothes; two large chests; some clothes; some potatoes; 1 cow; a horse; a boat; 6 sheep.
84. Biddy M'Gee: 1 bedstead; bed and bed-clothes, not good; a donkey, and some potatoes.
85. Roger Galagher: 3 bedsteads; beds and bed-clothes, not good; a woollen wheel; a dresser; 2 chairs; 3 head of cattle; a donkey and some sheep; a dirty house.
86. Neal Doherty: 2 bedsteads; beds and bed-clothes; a table; chest, and a chair; no cattle. Poor.
87. Jack Galagher: 1 bedstead; 1 bed; bed-clothes; 2 chests; a dresser; 3 chairs; 2 cows.
88. Cormick Doogan: House shut. I am told this man is rich; sells provisions on time; has a horse and cart; 6 cows.
89. Tighe Boyle: 2 bedsteads; beds and bed-clothes; a dresser; chairs; some potatoes; 1 cow.
90. Jack Bourne (weaver): 1 bedstead; bed and bed-clothes; 2 chairs; 1 woollen wheel; a loom. Appears to be poor. (Got relief, No. 69.)
91. Thomas Mulligan: House shut. I am told he is rich man, worth £300; has a good house; 3 cows; a horse. Sells provision on time.
92. John or Thomas Galagher: 2 bedsteads and beds, good; a dresser; chairs; a chest; some potatoes; he got 1 cwt. of relief meal; has 5 cows. Sells meal on credit. (Got relief, No. 71.)
93. Daniel M'Bride (shoemaker): 3 bedsteads and beds; a dresser; chairs; some meal in a sack; 1 horse and cart; 1 cow.
94. Shane Mulligan: A poor, dirty house; a bedstead and bed; 1 cow.
95. Hugh O'Donnell: 1 bedstead; bed and bed-clothes; chest; 2 chairs; a dresser; 2 horses; 3 cows. Sells potatoes, which I am told he delivers at night; he says he would be afraid to deliver them in the day.
96. John Galagher: 1 bedstead and bed. Poor.
97. Margaret Sweeney: 2 bedsteads; dresser; chairs; chests; 1 cow and calf. (Got relief, 65.)
98. John Galagher: 2 bedsteads; ticken beds; bed-clothes; dresser; 4 chairs; chests; some potatoes; 3 cows, and a horse.
99. John Doherty: 2 bedsteads and beds; table; chairs; dresser; a large quantity of potatoes; 1 horse, cart, and 3 cows.
100. Frank O'Donnell: 2 bedsteads; beds; dresser; table; chairs; a large quantity of potatoes; 3 head of cattle.
101. Ned Sweeney: House locked. I am told he has 2 head of cattle.
102. Nogher Galagher: 1 bedstead; bed and bed-clothes; a sack of barley and some potatoes. (Got relief, 63.)
103. Daniel Coll: No bed—evidently put out of the way; has £20 in cash; 3 cows; sells potatoes. His wife told me they had no bed.
104. Widow Unity M'Bride: No one in the house. A bedstead; bed and bed-clothes; a dresser; 2 cows. Sells milk. A very dirty house. (Got relief, 62.)
105. Charles Freel: House locked up. He has 1 horse; 2 cows; 12 sheep. Sells potatoes.
106. Widow Doogan: Poor.
107. Hugh Bourne (weaver): A poor and bad house.

An t-áthrach a tháinig ar Ghaoth Dobhair le mo linn

Micí an Chóip

Sa bhliain 1921, tháinig mé go Gaoth Dobhair agus is uafásach an t-áthrach a tháinig ar an áit seo ó shin. Bhí mé ag obair i siopa i Srath an Urláir agus tháinig mé ag obair i siopa i Mín a' Chladaigh. Bhí sé iontach deacair teacht isteach go Gaoth Dobhair san am mar go raibh na Dúchrónaigh sa tír agus na droichid uilig leagtha. Ní raibh dóigh rómhaith ar dhaoine san am seo i ndiaidh an Chéad Chogaidh Mhóir. Chuir badaí fá-thoinn na Gearmáine cuid mhór de chuid badaí na Breataine agus a gcuid lastaí móra earraí go tóin poill agus d'fhág sin go raibh na hearraí gann sna siopaí. Ach mar sin féin, streachail na siopaí ar aghaidh chomh maith agus a tháinig leo. Ba ghnáth linne ár gcuid earraí uilig a fháil ag Staisiún Chaiseal na gCorr agus is minic a chuir muid carr agus capall 'n staisiún agus nach bhfuair muid a dhath. Gan mhoill ina dhiaidh sin, thosaigh na hearraí ag teacht níos fairsinge agus thosaigh an t-am ag éirí níos fearr.

Ní raibh mé i bhfad i Mín a' Chladaigh go bhfuair mé scairt le dhul 'na Glaisigh mar bhainisteoir ar an Cho-op ansin.

Chuir an traen áthrach mór ar an pharóiste. Ón bhliain 1903, is iomaí paisinéir a d'iompar an traen agus is iomaí lód breá scadán a thug sí ó Ailt a' Chorráin go Doire agus nuair a thosaigh an mhóin anseo, bhí sí an-fhoirstineach fána coinne. Chuir staisiún móna Mhín a' Cuinge a thosaigh in 1957 postanna ar fáil do dhá scór chomh maith le bheith ag baint úsáide as 30,000 tonna móna sa bhliain. Is iomaí teaghlach a bhí ag brath ar an staisiún in am an ghanntanais. Ach b'é an Eastát Tionsclaíochta nó an Screabán an tosa is mó a chuir áthrach ar an pharóiste. Ó thús beag, tá 14 mhonarcha agus 800 fostaithe iontu sa Screabán inniu. Cá mbeadh muid gan iad? Chan amháin gur chuir sé stad leis an imirce, ach tháinig na céadta imirceoir ar ais 'na bhaile le hoibríú sna monarchain seo—go méadaí Dia iad.

Mhéadaigh líon na dtithe leanna agus na siopaí go mór le blianta beaga anuas. Tá teach pobail úr tógtha a chosain £200,000 agus bhí díolta ar a shon nuair a fosclaíodh é. Tá na céadta teach úr tógtha fosta agus tá áthrach sonraíoch tagtha ar an áit. Bhí fear ar an bhaile seo ar shiúl cúig bliana 's fiche agus níor aithin sé a theach féin nuair a phill sé. In áit cónaí lena muintir, bíonn a gcuid títhe úra tógtha ag go leor lanúineacha fiú sula bpósann siad.

Ba ghnáth leis na seandaoine a rá: "Tiocfaidh áthrach ar an áthrach"— agus tháinig sin go fíor ar Ghaoth Dobhair.



Micé 'n Chóip



"Tháinig áthrach ar an áthrach"

Ag amharc siar ar Inis Oirthear

Nóra Bean Uí Bhaoil

I mí Dheireadh Fómhair san bhliain 1925 a fuair mé mo chéad scoil seasta ar oileán Inis Oirthear. Oileán beag agus timpeall ceithre scór duine ann, amach ó chladach na Glasaigh agus ó thuaidh de Ghabhla agus Inis Meáin.

Ní raibh eolas agam ar an oileán, ná aithne agam ar na daoine. Chuaigh mé fhad le Doirí Beaga agus i dtigh Hughie Eoghain cuireadh ar an eolas mé, síos an Loinnigh Bhig, tríd an Dumhaigh go bruach na farraige, agus ansin os mo comhair amach bhí Inis Oirthear.

Bhí marc ag gach teach ar an oileán ar an chladach ar Tír Mór. Hiarradh orm seasamh ar cheann de na marcanna seo go dtiocfadh fear an tí sin lena churrach fá mo choinne. Ní raibh i bhfad go bhfaca mé currach ar an fharraige, agus nuair a tháinig sé i dtír chuir muid aithne ar a chéile. Cé a bhí ann ach Seán Thaidhg, fear as Rann na Feirste a raibh aithne mhaith aige ar m'athair, an Maistir Ó Baoill a bhí ag teagasc i Rann na Feirste.

Shroich muid an t-oileán agus fuair mé lóistín ag Seán, áit ar chaith mé dhá bhliain. B'as Rann na Feirste bean Sheáin fosta, Nuala Mhichil Néill Óig, agus bhí fearadh na fáilte romham ar an oileán agus bhí sin ann daoine lághacha, cinéalta. Dhíol mé ceithre scilling déag in aghaidh na seachtaine ar mo lóistín agus bhí páighe naoi bpunt in aghaidh na míosa agam.

Chuaigh mé chun na scoile maidin dé Luain, scoil bheag agus timpeall scór go leith scoláire uirthi. Bhí na páistí sin cliste múinte agus fuair muid ar aghaidh go breá le chéile. Tá cuimhne agam ar chuid de na scoláirí, bhí cúpla girseach as teach Phaidí Uí Frighil, Conchubhair Eoghain agus a dheirbhshiúr, Patraic Phaidí Chonchubhair agus Jimí Beag Chonaill a bhfuil teach ósta aige i gCnoc an Stólaire anois. Bilí Mac Aoidh nach maireann; tá na daoine seo i mo chuimhne go fóill.

Sa tsamhradh thiocfainn 'na bhaile corr dheireadh seachtaine ach i rith an gheimhridh d'fhanchainn ar an oileán. D'imirtí cuid mhór cardaí—bhíodh coileach á imirt ar na cardaí i rith an Gheimhridh agus bhí an créatúr faoi bhéal cléibh ar fad, ag gabháil ó dhuine go duine go dtí nach raibh pìoc feola fágtha air, ach cnap cluimhrigh.

San Earrach chuirí na héanlaith siar go cúl an oileáin, a gcró féin ag gach teach, agus is iomaí tráthnóna a chuaigh mé go cúl an oileáin leis na huibheacha a thógáil do bhean an tí. Bhéadh na huibheacha sin rugtha san ghainimh tirim agus iad deas glan.

Dhéantaí póitín ar an oileán roimh mo am féin ach ní le mo linn féin. Muscladh mé maidin amháin go luath, bhí cúigear gardaí thart ar mo leabaidh ag cuartú póitín. Scanraigh siad mé, ach d'aithin mé an Sargent Stratford. D'imigh siad gan mé a chur as mo leabaidh.

Bhí dainséar i gcónaí ag dul go Tír Mór in aimsir gharbh. Fuair mé scanradh amháin in áit ar a dtugtar an clochán. Bhí an farraige chomh

garbh sin go dtug muid sinn féin suas do Dhia; ach bhí Bidí Thaidhg linn sa churach. Tharraing Bidí amach Bratóg Bhríde. Cé bith paidreacha a dúirt sí agus í ag craitheamh na bratóige, fuair muid Tír Mór a bhaint amach slán sabháilte.

Uair eile bhuaill tinneas tobann mé. Cuireadh a luí mé agus cuireadh Seán go Tír Mór fá choinne an Dochtúir Carr. Bhris an aimsir agus bhí sé trí lá sul ar shroich Seán agus an Dochtúir an tOileán. Bhí mé fhéin ar arais ar an scoil le seo.

Nuair a bhéadh an Domhnach foirstineach rachaidh go Doirí Beaga chun Aifrinn. San am sin bhéadh a gcuid suidheacháin féin ag daoine áirithe i dteach an phobail, ar cíos dhá scilling in aghaidh na bliana. Thug Jonnie Néill cuireadh domh go dtí na suíocháin ar an gheallairí bheag agus ba sin mo áit ar feadh dhá bhliain.

Thoisigh an golf i nGaoth Dobhair an tam sin, ar tháille punt.

Ní raibh dole ar bith le fáil san am sin, ach rinne muintir an oileáin a mbeatha ar ndóighe ar an fharraige agus ar an talamh agus na mná uilig ag cniotáil ar bheagán airgid.

Chaith mé dhá bhliain phléisiúra ar an oileán agus ní thiocthadh cigire gan mhothú orm, mar dá mbeadh bád coimhthíoch ar an fharraige, bheireadh Tomás Mór Fear an Phoist scéala domh a bheith ar mo choimhead.

Creidim go bhfuil cuid mhaith de mo sheancháirde ar shluagh na marbh anois agus go dtugaidh Dia suaimhneas dóibh.

Ní thig liom dearmad a dhéanamh do Nelly Róise, a fear agus a mac ar an Ghlaisigh a thug Lóistín oíche domh nuair a bhí stoirm farraige ann. Ba í an bhean fhial, fhairsing, chinéalta í. Go ndéarna Dia trócaire uirthi.

D'fhág mé an t-oileán fá cheann dhá bhliain agus chuaigh mé go Carraic Fhinne ar feadh chúig mbliain agus ó sin go Mín a Leice nó Baile Jack, an áit a mbíonn aonach Jack ar siúl, ag Leo agus Bríd anois, áit ar chaith mé ocht mbliana is tríocha, go dtáinig deireadh mo shaothair. Slán beo leis an oileán agus mo sheanchairde agus na páistí a chur mé fríd mo lámha. Ní bheidh a leithéidí ann arís.

Gweedore Hotel

Tá trácht i gcúpla áit sa Scáthlán seo ar an Óstán a thóg George Hill ar an eastát a bhí aige anseo i nGaoth Dobhair. Bhí moladh mór ag na cuairteoirí ar an óstán seo agus go fiú nár imigh cuid acu chun filíochta, bhí siad chomh tógtha sin leis an áit. Tá againn anseo anois eolas fá chúrsaí iascaireachta agus ar na rialacha a bhí i bhfeidhm ann ón bhliain 1914, tamall maith i ndiaidh bhás George Hill. Tá súil againn gur spéis lenár gcuid léitheoirí a bhfuil sa cháipéis seo agus tá ár mbuíochas ag gabháil do Phádraig Ó Cnáimhsí as an tuairisc a chur chugainn.



GWEEDORE HOTEL Co. DONEGAL. 1948 W.L.

FISHING REGULATIONS

GWEEDORE HOTEL,
CO. DONEGAL.

Salmon and Trout Fishing

VISITORS staying at Gweedore Hotel can obtain permission, by Daily or Weekly Ticket, on the terms stated below, to fish for Salmon, Brown, and Sea Trout, in the following waters:—

The Claudy River (both sides), five miles long. Tickets for Salmon fishing on this river can be obtained at the Hotel Office at the following rates:—

For months of March, April, and May—Free.

For months of June, July and August—Single Rod, 10/- per day; £2 10/- per week.

For month of September—Single Rod, 5/- per day; £1 5/- per week.

For month of October—(Until October 15th)—Single Rod, 5/- per day; £1 5/- per week.

The Salmon, Sea and Brown Trout fishing on a portion of the Claudy River is Free to Hotel Visitors. The Claudy River runs quite close to the Hotel, and the furthest portion is only 3½ miles from the Hotel.

Croly River (right bank), three miles long, 3¼ miles from the Hotel. Salmon and Trout fishing—Free.

Stranacorkaragh Stream (both sides), 3½ miles from the Hotel—Free.

Upper and Lower Meenacung Lakes, Lough Anure (portion)—Free. Boats, 2/- per day; Boatman's fee, 2/6.

Salmon (Spring fish) begin to run in the Claudy River about the middle of March, and the run of Grilse begins during the last fortnight of May.

A 14-ft. Salmon Rod is sufficient, and wading is not necessary.

Salmon Rod Licenses can be obtained at the Hotel Office.

Specially tied flies on sale at the Hotel.

Good fishing for Pollock, Lithe, and other game fish is to be had at Bunbeg.

A list of fish caught by visitors at the Gweedore Hotel is printed annually, and can be obtained, with any further particulars desired, from
THE MANAGER, GWEEDORE HOTEL, CO. DONEGAL.

Fishing Regulations.

One Day Tickets are available on day of issue *only*.

Weekly Tickets are available for six consecutive days from date of issue (Sundays excepted).

Not more than Five Tickets will be issued for any one day.

Tickets will be issued to Visitors, in the order in which they are applied for at the Office.

All Salmon caught must be delivered the same day, in good order, at the Ice House, Bunbeg, subject to the following:—

One Day Ticket entitles holder to one Fish free.

Weekly Ticket entitles holder to two Fish free.

From 1st JUNE to JULY 10th, the lower portion of the River from the Schoolhouse bridge to the Sea will be divided into beats, and reserved for 5 Rods as follows:—

When 5 Rods are fishing:—

1st Beat—Schoolhouse and Spinks.

2nd Beat—Carry, Steps, and Lady's.

3rd Beat—Dyers and Flats.

4th Beat—Round and Square Pools.

5th Beat—Sea Trout and Merlin.

When 4 rods are fishing:—

1st Beat—Schoolhouse, Spinks, and Round.

2nd Beat—Carry, Steps, and Lady's.

3rd Beat—Dyers and Flats.

4th Beat—Square, Sea Trout, and Merlin.

When 3 rods are fishing:—

1st Beat—Schoolhouse, Square, Spinks, Flats.

2nd Beat—Carry, Steps, Lady's, Round.

3rd Beat—Dyers, Sea Trout, Merlin.

After JULY 10th the portion of the river from the Police Barracks at Gweedore Hotel to the Schoolhouse Bridge will be added to the portion already mentioned, and will be divided as follows:—

When 5 rods are fishing:—

1st Beat—Hotel to Robertson's (inclusive).

2nd Beat—Robertson's to Mud Cabin (inclusive).

3rd Beat—Mud Cabin to Hughie's (exclusive).

4th Beat—Hughie's to Schoolhouse Bridge.

5th Beat—Schoolhouse Bridge to Sea.


When 4 rods are fishing:—

1st Beat—Hotel to Diver's Turn (exclusive).

2nd Beat—Diver's Turn to Rosie's Turn (inclusive).

3rd Beat—Rosie's Turn to Schoolhouse Bridge.

4th Beat—Schoolhouse Bridge to Sea.



When 3 rods are fishing:—

- 1st Beat—Hotel to Rosie's Turn (exclusive).
- 2nd Beat—Rosie's Turn to Cox's (inclusive).
- 3rd Beat—Cox's to Sea.

On the 1st JUNE the rods will draw lots for boats, which will be changed at 1.30 p.m. daily, No. 1 taking No. 2 beat, and No. 2 taking No. 3 beat, and so on.

Beats will be changed daily in rotation.

If two or more rods arrive simultaneously, they will draw lots for the vacant beats. Two Visitors may not share one beat.

All spinning baits are prohibited.

The gillies are provided with copies of these Regulations. They are instructed to bring them to the notice of Visitors, and will be held responsible for reporting any breach of the Rules.

These regulations will come into force on the 1st January, 1914.

Visitors who have suggestions to offer with regarded to the fishing are requested to send them in writing to the **MANAGER, GWEDDORE HOTEL.**

An Eargail

(Vearsaí a chum **An tAthair Cathal Ó Gallchóir**, An tSeapáin, do Oireachtas na Gaeilge, Gaoth Dobhair, 1984).

In airde os cionn na gcnoc
'S m'éadan leis an spéir,
mo dhroim le cúl Dhún Lúiche
'S mo shúil ag siúl na dtonn,
i lár na scamall gach cith 's turadh
i bhfornocht lae 's i mbás na hoíche,
do chonacthas mé le gáir 's deor
ag breathnú uaim cois cladaigh síos.

Is mise an Eargail,
ardchnoc Thír Chonaill,
le ceannas 's cúram
gach cuibhreann 's caorán,
gach glún 's scáthlán,
gach imeacht 's tonna,
ó na Rosa siar
soir thar Fhána Bhuí
ó Ghabhla go barr na gCruacha.

Is líofa dlúth mo chairde
an pobal thíos sa ghleann
a mhaireann faoi mo scáth;
Is cara fosta lá aoibhinn samhraidh
's sibh ag triall mo bheanna
i gcomhrá ard 's i mbrístí teannta
ón mhachaire go tíortha thall;
Is geal mo gháir 's sibh ag baint an fhóid
sean 's óg in abar sna portaigh thíos,
ach is trom mo dheor 's sibh ag dul faoi fhód
san uaigh i gcré na cille.

Féachaim siar ar na beanna thiar
's féachaim arís ar na laetha fadó,
b'aoibhinn liom ceol an Phóibhaire Mhóir,
bhí mo bheannacht leis chun an Oileáin Mhóir,
ag Aonach Jack agus ag Aonach an Domhain
ba dheas a phoirt 's ba mhó a chliú.
Dearcaim siar agus dearcaim aduaidh
b'í mo chuireadh féin, ár sinsear siar,
a thug Clann tSuibhne anseo ón dTuath,
ar shiúl óna hinseáin, ó dhream na mbréag,
go scáth mo charraige, go barr na Carraice,
ó Phort an námhad go Port an cheoil
agus ansin go suan síos 'un Phoirt úir.

Tagann cith agus tagann fearthainn
tig báisteach throm agus is cuma liom,
i mbliain na tuile, sa teampall thíos
b'iad mo dheora féin

a tharraing cúigear síos;
bhí mise fosta ar shiúl faoi dhlaoi,
le brú na scamall 's le hardú gaoithe,
in umhlaíocht Dé 's i gcolainn gan mhaith
fágadh mo chlann go ciúin 'na luí;
bhí athair cráite 's bhí mac ag caoineadh
's bhí mise gar do thrup na gcarr,
agus chaoin mise féin mo sháith
ar a mbealach trasna anonn an tráigh.

Is cuimhin liom fós an lá úd gréine
's mé liom fhéin gan chuideachta éinne
ag breathnú síos
ar an teampall thíos;
bhí an pobal istigh ag rá a bpaidir,
bhí an fórsa amuigh ag feitheamh le meadar,
bhí an tAifreann léite
agus rinneadh réiteach,
chuaigh an sagart suas
ach bhí siadsan thuas,
tháinig fir a' bhaile
agus i ndeireadh báire
idir dorn 's callán, brú 's brí,
fágadh an Mairtíneach os comhair a Rí.

Ní mór mo mheas ar R.T.É.
ar Raidió na Gaeltachta nó ar Channel Three,
bhí agaibh an caipín dearg
ag cuartú ardáin i '73,
bhí mise bhur seoladh
ach níor sheol sibh chugam,
ach thóg sibh áras iarainn
anseo 's ansiúd,
ar Shrath na Corcra, ag geaftaí an Screabáin,
sna Rosa agus thíos fán Dumhaigh;
Nár dheas liomsa an caipín dearg
in uaigneas geimhridh 's do fhuaim thar barr.

Is éadmhar liom an Caisleán thuas,
Gleann Bheithe 's na blátha bréana,
bealach snasta mór 's leathan
agus do chasán féin
lán poll 's cúng;
bhí mise ann roimh an chaisleán 'riamh
's beidh mise ann
tráth a ballóga liath.
Is liomsa an gleann
agus thug mise beatha,
Is mise gleann bheatha,
do gach beatha sa ghleann,
do linne an ghlinne,
ó shéid an Ghaoth an Dobhar.

Is mise cnoc, ná déan Hill domh,
'sí an Ghaeilge teanga cliabháin

na gcianta 's na dtrí bparóiste.
Mo mhallacht arís ar R.T.É.
ag díol a ndúchais 's a nglór geal gaelach;
Cuir bhur gcaipín dearg
ar mo chomharsa cnoic thoir
atá ag foscadh teampaill
leis an aicid chéanna
agus clann na hEaragala ag sileadh deor.

Deir an Conallach
gurbh ó Aireagail
a tháinig m'ainm,
gurbh áit naofa mo shuíomh
agus mé ag stua na ndéithe.
Dúirt saoi i mBaile Átha Cliath
gurbh ó Earcail
a tháinig mé—
mór, láidir agus cumachtach
na tréithe a bhronn sé orm.
Nach beag a shíl siad
gur sine mé féin
ná ceachtar focal
agus gur mise tobar a mbreith.

Dúirt bean fán Tulaigh
gur Feargal a d'ainmnigh mé,
agus dúirt mná eile
go bhfacthas mé i gcroí geimhridh
agus gurbh fear geal a tugadh orm.
Is iomaí comhrá eile fós
a bhí fán fhoinsé beag nó mór,
ach maith a bpeacaí, a Dhia liom,
's bíodh acu comhrá agus airneál,
magadh, greann 's beagán bréag.

'Sí an Mhucáis mo chomharsa,
comharsa maith,
bearna eadrainn beirt,
fáth an mhaitheasa;
Níl crot cnoic nó cuma sléibhe uirthi,
is fíor bheag duine a théid a cuartaíocht,
ach is breá a foscadh
agus na céadta caora
ag ithe tráth 's i bhfarradh léi
i scalán gréine 's i mbrón an Gheimhridh.

Amach romham thar an ghleann,
tá an fharraige dhoimhin
agus mo shaothar silte
ag gach sruth 's abhainn,
a líonadh liom ó lá go lá
le allas trom 's
ar bheagán buíochais
nuair a sciob sí léi
mo pháistí féin, teaghlaigh as Gabhla,



ERRIGAL MOUNTAIN, CNEWECORE, DOONEGAL, 1885, W.L.

dornán bád 's curach tréan.
In aird an lae,
bheir sí cothú 's bheir sí slí,
ach i ndorchadas oíche
bíonn a díoltas léi
fá dhó 's fá thrí

I mblianta fada is in am bheag ghoirid
tháinig athrú ar mo ghleann;
i dtús an chéid
chruinnigh cloigeann thíos cois trá;
le himeacht lae 's ar bhreise céill
aníos leo faoi mo scáth,
i bpáirc, i gcuibhreann,
ag treabhadh 's ag fuirseadh,
ag blí na bó 's ag téamh na bprátaí,
ag cruinniú feamnaigh,
's ag cur cat ón éilín;
bhí fir 's mná 's páistí
ag saothrú sonais saoil.

I bhfómhar 1931,
d'éirigh uchtach i mo chroí
nuair a bunaíodh na hAisteoirí
a chonaic sibh aréir.
Bhí grásta Dé is dóchas Gael
go láidir ina n-ucht,
nuair a bhronn siad orainn
an grá 's an ghruaim
inár dteanga mhilis bhinn,
nuair a sheol siad chugainn
an greann 's gáir,

Aintín Shéarlais 's aisling úr,
geamaireacht agus brón an tsaoil,
fearúlacht ar thóir m'anama,
glórtha binne 's guthanna tréan,
ag fógairt ár saoirse féin
agus ag líonadh croí
gach páiste 's mnaoi
le spiorad Chéin Mhic Cáinte.

Lá amháin 's mé ag amharc
ar na hoileáin scaite uaim,
bhí bean istigh i nGabhla
ag caoineadh brón an tsaoil;
Do chuir mé cogar ina cluais,
a sheol go dtí a croí;
"Ná caoin, a bhean chóir,
Ná caoin;
Níor thoil lenár nDia ariamh anall
go mbeadh sibh scartha uaim;
Tá áit i mo ghleann
do gach fear is mnaoi,
do gach páiste, beag agus mór,
le bheith beo go buan gan bhuairt gan ghruaim
i nGleanntáin Ghlas Ghaoth Dobhair."
Roimh dheire ráithe,
ní raibh guth nó glór
le cluinstitín ar Phort a' Chruinn,
ach bhí ceol 's gáir 's port
ag cách i mbun mo ghleanna.

Gan mhoill i ndiaidh a dteacht
'S an ghríon sa spéir go hard,
tógadh ionad úr sa screabán thíos
is ní bheadh sé ann gan mé;
is é mo stua féin
tré lá's oíche,
a chur aisling ina gcroí;
arais arís le mo theaghlach fhéin
go dtí a mbaile dúchais féin,
chun oibriú leo i saol le só
fá scáth an tseanChnoic féin.

Céad bliain ag fás adúirt fear na peile
's é ag caint le comharsa;
Ní ábhar bróid 's ní ábhar mórtais
an bhliain sin ochtó ceathair;
As Sasain anall a tháinig an dream.
Cuireadh Tiarna ins an Chúirt,
agus fágadh pobal gan a dtalamh,
tógadh claíocha 's leagadh ballaí,
d'fhuadaigh siad óganaigh 's d'imigh cailíní,
d'fhág siad an gleann,
a gclann 's an greann,
amach as mo amharc

go tír éigin thall
agus fágadh mise i ndeoraíocht mo dheora.

Gan mhoill i ndiaidh a n-imeacht,
tháinig grásta Dé i dtír
nuair a fuadaíodh Clann na Cúirte
ón ghleann 's na ceithre chúige,
nuair a d'fhuascail spiorad úr
i gcroí 's i gcolainn Chríostaí,
bhí an ghrian chomh hard
in aird na spéire,
's bhí lúchair i mo chroí.

Inniu, 's mé ag machnamh
ar mo phobal thíos sa ghleann,
níl sliabh nó cnoc in Éirinn
leis an bhród atá i mo chroí;
Mo phobal séimh faoi scáth mo chúraim
's mé fós i mbláth m'óige,
Mo bheannacht oraibh 's arís fá dhó,
a ghlúnta glinne gréine.

JOHNNY SHEÁIN 1912-1984

An tAthair Seán Ó Gallchóir

Sular cuireadh tús le cluiche ceannais peile na hÉireann i mbliain an chéid, cuireadh na caiftíní uilig ar bronnadh Corn Chraobh na hÉireann orthu agus a bhí go fóill ina mbeatha in aithne don tslua. I measc na gcaiftíní sin bhí Larry Stanley. Nuair a cuireadh Larry Stanley in aithne tháinig deora le mo shúile. Mí roimhe sin fuair m'athair — Johnny Sheáin — bás agus i measc na mílte de bhlúirí eolais a sheachaid sé orm bhí an t-eolas go raibh Larry Stanley i measc na laochra móra. Bhí Larry Stanley sa 'Táin'. Tá sé éagórach blúirí eolais a thabhairt ar ar bhronn m'athair orm nó bhí an t-eolas i gcónaí i gcomhthéacs fiúchais agus luachanna agus luachmhaireachta. Is uaidh a fuair mé bunchlocha uilig mo bheatha.

Ar an Mhachaire Loisce a rugadh Johnny Sheáin Thoirealaigh Sheáin ar an 20ú Eanáir, 1912. B'iad Seán Thoirealaigh Sheáin agus Meidgí Eoghain Óig a thuismitheoirí. Maireann triúr deartháir leis go fóill — Charlie ar an Phointe, Eoghanáil i mBun Chranncha agus Tadhg ar an Mhachaire Loisce. Tá deartháir eile, Joe, agus deirfiúr, Mary, ar shlí na ffrinne. Fuair m'athair a chuid oideachais i gCnoc An Stolaire, i gColáiste Chaoimhín i mBaile Átha Cliath agus i gColáiste Phádraig i nDroim Conrach. Bhí Coláiste Chaoimhín gar dá chroí go lá a bháis. Rinneadh máistir scoile de agus chaith sé deich mbliana ag teagasc in áiteacha éagsúla sa chontae — *Bun Cranncha, An Dumhaigh, Dobhar, An Cúl, Ceathrú na gCanónach, Fochair* sula dtug an Canónach Mac Rabhartaigh *Cnoc An Stolaire* dó i 1942. D'fhan sé ansin gur éirigh sé as an teagasc in 1977 (ar ndóigh druideadh seanscoil Chnoc An Stolaire i 1958 agus d'aistrigh siad go dtí an Bun Beag agus thug siad Scoil Chonaill uirthi). I rith bunús an ama sin ba é Johnny Mhicí Thaidhg, an PríomhOide i gCnoc An Stolaire agus b'eisean a ba mhó a bhí i súile agus i mbéal an phobail. Bhí conspóid chlúiteach ag Johnny Mhicí Thaidhg leis an I.N.T.O. sna caogaidí agus bhí m'athair ina bhall dhílis ghníomhach den I.N.T.O. ach níor chuir an chonspóid isteach ar an dáimh a bhí acu lena chéile.

Pósadh Johnny Sheáin agus Mary Pheadair Bhig ar an 18ú Meán Fómhair 1945. Bhí siad ina gcónaí in áiteacha éagsúla gur thóg siad a "nAileach" féin ar chuid talaimh Pheadair Bhig ar an Choitiarna i 1954 — tamall Tí Mhaggie Barr i Machaire Chlochair, tamall eile sa Droighean (sa teach a bhfuil Máire, bean Thaidhg Thomáis, ina cónaí ann anois), tamall Tí Nóra Chonaill (sa teach ar chuir Frainc Éamoinn Thaidhg faoi ann nuair a chuir sé tús leis an imirce mhór as Gabhla go tír mór), tamall Tí Pheadair Bhig. Maireann dáréag de chlann Johnny: *Seán, Máire, Peadar, Cathal, Méabha, Colm, Maireád, Noel, Pól, Pádraigín, Seosamh* agus *Ciarán*.

OBAIR DHEONACH

Fuair an mhúinteoireacht agus tógáil an teaghlaigh tús áite i saol m'athar ach má fuair féin is iomaí eagraíocht, gluaiseacht agus gníomhaíocht dá

dtug sé a chuid ama, a aire agus a shaothar. Bhí suim aige i gcúrsaí spóirt agus b'iad an pheil Ghaelach agus an galf a ba mhó a b'ansa leis. Rinne sé a chion do fho-chumann Ghaoth Dobhair de C.L.G. agus do GhalfChumann Ghaoth Dobhair. Bhí sé ina ionadaí ag Dún na nGall ar Chomhairle Uladh de C.L.G. sna caogaidí. Is iomaí tráthnóna taitheamhach a chaith sé ag imirt gailf fá Mhachaire Gathláin. Thaitin cluiche maith cátaí go mór leis fosta.

B'iad an fo-chumann de C.L.G. agus na hAisteoirí an dá eagraíocht a ba mhó a tharraing aird agus clú ar Ghaoth Dobhair sna daicheadaí, sna caogaidí agus sna seascaidí. Thug m'athair seirbhís fhada d'Aisteoirí Ghaoth Dobhair mar aisteoir i ndrámáí, i ngeamaireachtaí, mar fhear oilte smidte, mar aistritheoir, mar iontaobhaí ar an Amharclann. Ba é páirt Chaomáin in "Ar Thóir m'Anma" an pháirt mhór dheireanach agus ceann de na páirteanna a b'fhearr a bhí aige. Tig sruth cuimhní ar ais chugam agus mé ag smaointiú ar na drámáí eile a raibh sé iontu . . . *Muiris Harte* . . . *An tEarrach* . . . *Oíche Fhéil' na Marbh* . . . *Neart na Córa* . . . *An Casán Garbh* . . . *An Strainséar Dubh* . . . *An Monkey's Paw* . . . agus go leor eile . . . Halla na Machaireacha . . . Glaschú . . . Gleann Cholm Cille . . . Baile Átha Cliath . . .

Mar ba dhual don mhúinteoir d'úsáid sé a chumas drámaíochta sa scoil agus d'éirigh go geal le Scoil Chonaill sna Féilte Scoldrámaíochta nuair a léirigh sé féin, le cuidiú Nellie Joe Mhánais Ruaidh, *Cat na mBróg* agus *An Prionsa a Goideadh* agus *Geamaireacht Dhroichead an Diabhail* agus *Codladh an Mháistir*. Ar lá a thórraimh chraol Raidió na Gaeltachta "*Codladh an Mháistir*", scéal Sheosaimh Mhic Grianna a rinne m'athair a chóiriú don ardán, agus bhí an turas go Machaire Gathláin ag éisteacht leis an chraoladh ar na bomaití is coscarthaí i mo shaol.

Ball dlís den Eaglais a bhí i m'athair . . . Aifreannach rialta ar mhór a lúchair nuair a ceapadh mar mhinistéir Eochairisteach é. Bhí sé ina rúnaí ar na Pioneers ar feadh na mblianta. Rinne se obair dhícheallach do Chumann Uinseann De Pól, obair a chuir ar a chumas a ghairm mar Chríostaí a fhreagairt agus, ag an am chéanna, suí i measc bhochta an phobail. Má ba bhocht iad go hábhartha ba mhinic go mba shaibhir a gcomhrá agus a gcuimhní. Nuair a bhí an tAthair Leo Moore i nGaoth Dobhair agus céadshíol na hAthnuachana Eaglaisí á scaipeadh aige, bhí suim an-mhór ag m'athair ina shoiscéal. Chuir sé fáilte roimh na hathruithe éagsúla ar mheas sé iad a bheith chun leas an phobail.

Sna gluaiseachtaí éagsúla seo casadh daoine ar m'athair a ndearna sé cairdeas buan leo. Ar leaba a bháis tháinig siad chuige. Francie Gallagher iarmhúinteoir scoile as Béal na Cruite a bhfuil a shaol caite aige ag teagasc fá Ráth Maoláin, fear a bhí iontach mór le m'athair nuair a ba mhuinteoirí óga fá Bhaile na nGallóglach iad agus bóthar fada an tsaoil rompu amach, iad lán de bhrí agus de dhíocas agus de dhóchas na hóige . . . galf agus cearrbhachas agus damhsaíochta . . . Scar an saol iad ach mhair a gcuidreamh — cartáí Nollag agus cruinnithe ócáidíúla . . . go dtí gur éirigh siad as an teagasc. Ansin bhí na cruinnithe ní ba rialta 'Summit Conferences' a thugaidís orthu. Féith an ghrinn iontu beirt . . . Tháinig Jimmy Pheadair chun na hotharlainne chuige, a chomhleacaí i gCumann Uinseann de Pól . . . Tháinig Máire Mhic Niallais agus Micí an Choipe . . .

CUMANN SEANCHAIS

Ba é Cumann Seanchais agus Staire Ghaoth Dobhair a dhlúthaigh an cairdeas idir m'athair agus Micí agus Máire. I bhFómhar a shaoil ba é an Cumann Seanchais an chloch chultúrtha a ba luachmhaire ar a phaidrín. Bhí an teaghlach scaipthe agus sos aige agus chuaigh sé a chruinniú na gceannógaf i gcuimhní na sean agus i gcartlanna na gcaomhnóirí. Bíodh sé i Londain ag Colm nó i mBaile Atha Cliath ag Máire bhí na leabharlanna i gcónaí ar a thráth-chlár. Chuartaigh sé an t-eolas go coinsiasach scolárdha agus roinn sé é go fial flaithiúil ó pheann agus ó bhéal. Thug an "Scáthlán" pléisiúr do nach bhfuil inse béil air mar a thug an comóradh a rinneadh ar Lá Na Tuile agus ar Phaddy Mhicheáil Airt. Agus bhain sé tuilleadh suilt as Micí a bheith ag timireacht go díograiseach ar fud na dtrí paróistí ag reacaireacht na "Scáthlán".

Tá réimse poiblí m'athar i bhfad níos cuimsithí is níos leithne ná a bhfuil luaite agamsa . . . Cumann na nIarmhúinteoirí . . . Bord Bainistíochta PhobalScoil Ghaoth Dobhair . . . Coláiste Cholmcille . . . Coláiste Mhuire, Loch An Iúir . . . Éigse Uladh . . . Oireachtas Uladh . . . Oireachtas na Gaeilge . . . Gaeleagras . . . An tUltach . . . An Derry People . . . Raidió na Gaeltachta . . . An Donegal Annual . . . agus araile.

Sin é an pearsa poiblí. Agus an pearsa príobháideach? Fear céile muirneach, grámhar; athair ceanúil, dílis, foighdeach, tuigseanach; comharsa garach, cuidiúil, lách; Gael léannta; fear séimh, umhal, Críostai nach cuimhin liom é aon rud suarach, mí-ionraic ná éagórach a dhéanamh riamh.

Ar an 25ú Lúnasa, 1984, a d'fhág sé muid. Dubhach.

CUIMHNÍ AR JOHNNY SHEÁIN

Máire Mhic Niallais

*D'imigh an spórt as tóin a' bhaile
D'éag an seandream a bhí sámh
Mo chumha 'na ndiaidh; Nach mór a' chaill é
lad 'bheith scartha uainn mar 'tá''**

Rinne muid scagadh agus spónadh ar chúrsaí an tsaol lena chéile, ar an tseanchas agus ar an stair go mór mhór.

Rinne muid ár mbeirt saothar don Oireachtas, do na hÉigís agus don Choiste seanchais thar na mblianta.

Ba mhínic an greann agus an gáire againn—aineoinn achran anois agus arís — Dúirt Conall linn go raibh muid ag teacht crasach ar a chéile—Bhí muid ag déanamh ár ndícheall—thuig Conall é sin.

Nár dheas lorg do láimhe le peann ar pháipéar cé acu a bhí fógra á scríobh agat do chruinniú, achaine a chur le chéile do'n Oireachtas nó ag scríobh tuairiscí nuachta áitiúla do'n 'Derry People'.

Ba mhór é do shuim san oideachas mar thuismitheoir, mar mhúinteoir agus mar bhall de Bhord Bainistíochta na Pobalscoile.

Ba mhaith a thuig tú gach gné den oideachas.

Chuir tú suim in Áine Óg agus í i mbun a cuid obair baile nuair a bheifeá istigh ag áirnéal againn san oíche.

Chonaic tú Áine agus í ar an ardán san Amharclann oíche Dé hAoine. Nach í a bhí sásta!

B'fhurast a aithne gur leis na gairmeacha sin a chaith tú do shaol go dúthrachtach mar a ba dhual duit é a chaitheamh.

Thug tú do dhílseacht i gcónaí don Ghaeilge, don dúchas agus don Ghaeltacht.

Tá a shéala sin le feiceáil ar do chlann inniu.

Nach minic a dúirt tú nach é brú an Bhéarla ón taobh amuigh an chontúirt a ba mhó don Ghaeilge sa Ghaeltacht ach a muintir féin a bheith ag labhairt an Bhéarla istigh inti.

Spreag tú Micí an Chóip. Mheall tú chun na scríbhneoireachta é—mheall tú chun an cheoil é—chuir tú a chruinniú ceannóg é mar dúirt sé féin—ceannóga na staire agus an tseanchais.

Crothnaíonn Micí thú anois!

Crothnaíonn muid uilig thú!

Ní fhaca mé ariamh deifre ort.

Ba bhreá leat an bolgam tae agus píosa de thoirtín.

Ní raibh teora le do chuid foighde.

Bhí tú i gcónaí réidh don phlé agus don díospóireacht—ach an oíche údair nuair a dúirt tú i ndiaidh an chruinnithe "Níl mé ag 'ul a labhairt níos mó." Nach beag a shamhail mé ag an am go raibh do lá chóir a bheith thuas!

An lá sin san otharlann nuair a chonaic mé na deora in do shúile, bhí fhios agatsa agus thuig mise i mo chroí nach raibh an biseach i ndán duit. Tháinig scéala do bháis tráthnóna Dé Sathairn.

Agus a Dhia, nár dheacair é a chreidbheáil. Is deacair é a chreidbheáil go fóill!



**Seán Ó Gallchóir, R.I.P.; Dónall Ó Baoill; Áine Nic Giolla Bhríde;
Niall Ó Dónaill; Máire Mhic Niallais.**

Ach mairfidh do chuimhne ag an hOireachtais, ag na hÉigís agus go háirithe san Iris seo "Scáthlán".

Rinne tú an oiread sin saothair lena bunú agus is maith an leacht cuimhneacháin ort inniu í.

Leaba i measc na Naomh i Scáthlán Dé ar Neamh go raibh agat inniu agus do deo a Johnny.

*"Cumha an Fhile" le Seán Bán Mac Grianna.

Seanchas agus Dinnsheanchas i nGaoth Dobhair¹

Dónall P. Ó Baoill

Go mbeannaí tú sinn a Dhia
Go mbeannaí tú ár mbia agus ár ndeoch
Ós tú a cheannaigh sinn go daor
Go saoraí tú sinn ar gach uile olc.

Bail na gcúig n-arán agus an dá iasc
A roinn Dia ar na cúig mhíle a bhí sa tslua
Bail na Rí a rinn an Roinn
Go dtigidh ar ár gcuid agus ar ár gcomhphroinn.

Altú roimh bhia ó Ghaoth Dobhair.

An té a chaithfeas a shúil inniu ar pharóiste Ghaoth Dobhair agus a fheicfeas a bhfuil de dhaoíní agus de rathúnas inti, is doiligh leis a chreidbheáil gur gairid an seal ó bhí an áit ina bhlár fholamh. An té a shiúlfaidh fá na bólaigh chéanna sa bhliain 1600, drochsheans an bhfaigheadh sé 100 duine le cuntas. Iad sin féin ba fá chladaigh gainimhe ar an Ghlaisigh, ar na Carraiceacha agus ó Mhachaire Chlochchair síos go Machaire Gáthlán a gheobhadh sé a shúil orthu.² B'fhusa a bheith ag sclábhaíocht ar an talamh chothrom seo ná a bheith ag gabháil in abar sna portaigh fhuara, fhliucha a bhí ar a gcúl. Ach de réir a chéile tugadh an cadhrán, cadránta chun míneadais agud spréigh daoíní a n-áitreabh i ngach uile áit go bun na gcnoc agus tá an spréadh ar siúl ó shoin agus an áit ag gabháil as aithne gach uile lá dá ngealann.

Más as aithne atá an áit ag gabháil, as cuimhne atá go leor dár bhain le múnú agus le clódh na ndaoíní a tháinig mar dhithreabhaigh chun na háite le 400 bliain anuas nó mar sin ag gabháil. Is ar an mhúnú a rinne siad ar a raibh leo agus ar a bhfaca siad rompu, agus ar ar éirigh daofa ina dhiaidh sin a bheas caint agam anseo. Tá béim leagtha anseo thíos ar an Dinnsheanchas ach le sin a dhéanamh i gceart agus ar caoi, caithfidh mé leathshúil a chaitheamh ar sheanchas agus ar scéalaíocht na paróiste nó tá go leor den Dinnsheanchas fite fuaite agus múnlaithse sa dá ghné sin den dúchas.

Cé gur minic daoíní ag caint agus ag cásaíocht fá Ghaeilig Ghaoth Dobhair, agus chan lena moladh i gcónaí é, is beag duine a bhíos ag cur faisnéise fán tseanchas a bhain leis an áit. Agus cha beag méid an tseanchais chéanna. Tá cuid de á scríobh i dtólamh, cuid eile de ina chodladh i lámhscríbhinní Roinn an Bhéaloidis i mBaile Átha Cliath³ agus léar eile de á iompar thart ag daoíní agus gan caint ar a scríobh go fóill. Seo a leanas na teidil ar shampla beag de mhóriomlán na scéaltaí a cruinníodh ó sheanchaithe as gach cearn den pharóiste: Is léir ó na teidil

atá orthu fairsingeacht an ábhair a bhain leo: *An Bromaistín Maolodhair; Caisleán Ó Dubhach; Céadach Mac Rí Uladh; Cian An Óir; Croch Bhaile Átha Cliath; Diarmaid agus Gráinne; Feidhlimidh Cam agus Maolmuire an Bhata Bhuí; Meighreach Mac Colgáin* (leagan den scéal Bruion Chaorthainn); *Oisín i ndiaidh na Féinne; Tarlach Tóin Iarann gan Tapadh; Ubhall na Híce; Uisce an Duinn Duibh sa Domhan Thoir; agus Urchar an Daill ar Abhaill.*

Is beag nach mar a gcéanna ag an tseanchas diaga é. Fuairtheas san áit dánta ar bheatha agus ar bhás ár dTiarna (suas le ¼ huaire an ceann ar fad); leaganacha breátha de na dánta diaga seo a leanas. *Rí an Luain; Seanmóir na nAithreach Naomh; Oifige Bheag Mhuire; Na Críocha Déanacha.* Is róchinnte go raibh tionchar láidir ag smaointe na ndántaí sin ar an chrot a cuireadh ar roinnt mhaith scéaltaí Dinnsheanchais áit a raibh baint ag creideamh agus ag neacha neamhsaolta le himeachtaí scéil. Choinnigh an foclóir a bhí i ndánta den tsórt seo umhal dhaoine ar fhocla agus an choráí cainte a bhí ag imeacht nó ar shiúl glan as caint na ngnáthdhaoine. Seo sampla beag dóibh as *Beatha Ár dTiarna.*

Diúltaím feasta do aistí bréige,
Agus do mo thocht d’easbhaidh céille,
Bhéarfaidh mé mo chúl le dúil in aoibhneas
Mo chúl le ceol, le hól le díomhnas;
Bhéarfaidh mé m’aghaidh go brónach náireach,
Íseal deorach, brónach, cráite,
Ag aithris mo thréithe do Rí na ngrásta
mar dhúil go bhfuighinn mo mhian agus mo shláinte.

Is é do bheatha a ghnúis ghartha gan iomrá
Tá Flaithis ar talamh inniu i do thiomna,
An féidir sin ar sí go náireach
Go múinte macánta, gnúisgheal, cráifeach
An féidir sin a ghnúis mar réalt
go mbeadh leanbh agamsa gan fear gan chéile
Ar na Flaithis beidh do mhac mar oidhre.
Agus an Spiorad Naomh deas do chéile,
Maighdean íseal is mé atá sásta
Ar thoil is ar aontú Rí na nGrásta.

Dá shuimiúla ábhar agus cúrsaí teanga sna dánta agus sna scéaltaí atá luaite agam thuas caithfidh muid iad a fhágáil uainn go ceann lae eile agus má bhíonn áiméar agam b’fhéidir go bpillfidh mé orthu lá is faide anonn. Ar ais mar sin go dtí an Dinnsheanchas.

Tá go leor bealaí ina bhféadfainn cuir síos a dhéanamh ar an bhrí atá le áitainmneacha Ghaoth Dobhair ach is dóigh liom gur beag an mhaith a bheith ag cur síos ar ainmneacha atá le fáil taobh istoigh de gach baile mar go bhfuil an oiread sin acu ann agus gur dhoiligh domhsa aon eolas ceart a bheith agam ar chuid acu seachas iad sin atá thart ar mo dhúiche féin. Bhéarfaidh mé mar sin níos mó airde ar na príomháitainmneacha agus ar an stair a bhaineann leo. Beidh an léacht leagtha amach ar an chuma

seo a leanas agus tá súil agam go bhfaighidh sibh léargas óna mbeidh inti ar fhás na paróiste le 400 bliain nó mar sin.

- i) Na hoileáin agus an seanchas a ghabhann leo — Toraigh agus Gabhla.
- ii) Teach na Lochlannach agus na scéaltaí a bhaineann leo — Cnoc Fola, Sludán na Fola ar an Luinnigh, Machaire Loiscthe agus roinnt ainmneacha eile i nDobhar.
- iii) Cúrsaí creidimh — Cnoc na Naomh, Allt na Péiste, Machaire Gáthlán agus Mac Giolla Bhríde, Na Gáthláin, An tAifreann agus na trí Deora Fola, Breithiúnas Aithrí Mhac Giolla Bhríde.
- iv) Tulcha Beigle — Na Seacht Leachta — Ard na gCeapairí — Crothnáidí.
- v) Áitainmneacha gan mhíniú.
- vi) An Píobaire Mór — Dúlaman Na Binne Buidhe — Pádraig Mac Cathaigh — An Seanchas faoi — An Litir chuig an LORD LIEUTENANT.
- vii) Críoch agus Na Trí Bheagán is Fearr ar Bith.

TORAIGH AGUS BALOR

Tá cuid mhór de dhinnsheanchas Ghaoth Dobhair ceangailte go dlúth le seandálaíocht, le seanscéalaíocht agus le stair na dúiche thiar thuaidh de Thír Chonaill. Amach uainn san fharraige tá *Na Mic Ó gCorra* agus de réir an tseanchais daoiní iad a theith roimh mhallacht Cholmcille nuair a spréigh sé a bhrat ar Oileán Thoraigh. Beirt fhear agus bean a bhí iontu agus Tadhg, Brian agus Úna a bhí mar ainmneacha baiste orthu. Nuair a chonaic súil duine ó thír mór iad rinneadh stacáin chloiche daofa ar an bhomaite agus ansin atá siad ó shoin. Gach uile sheacht mbliain tógann siad a gcuid seoltaí ag tarraingt ar Oileán Thoraigh lena chur faoi gheasa ach leag Colmcille mallacht nó geis eile orthu dá bhfeicfeadh súil duine iad sula mbainfeadh siad an t-oileán amach go gcaithfeadh siad pilleadh ar a gcoiscéim go dtí an áit a d'fhág siad agus fanacht ar a socaireacht ann seacht mbliana eile.

Ba mhór an bhaint a bhí ag Toraigh le seanchas na háite agus cé nár chuala iomrá ar Bhalor na Súile Nimhe agus ar Lugh Lámhfhada agus ar an Ghlas Ghaibhleann, an bhó dhraíochta a thóg an oiread sin maicín fá na cladaigh sa chian aois, más fíor? Ach ós ar Bhalor a tharraing mé scéal, seo an bhaint a bhí aige le Gaoth Dobhair de réir an tseanchais. Tá baile beag sa choirnéal thiar thuaidh den pharóiste idir Cnoc Fola agus Taobh an Leithéid a dtugtar anois Gleann Huallach air. Ó tharla sínte le mo bhaile dúchais féin é ba mhínic mé ag tóir ar bhunús an ainme agus tugadh cúiseannaí leis ach char shásaigh aon cheann acu mé ariamh. I modh fiosracha chuir mé ceist ar sheanuncal dom, Aodh Ó Dubhchon, Dia go raibh go maith dó, goidé an dóigh a bhfuair an baile seo a ainm. Chuir an freagra iontas orm agus cé go raibh amhras orm fá shnáithe na fírinne ann, d'éist mé agus chuir ar théip é ina dhiaidh sin mar go bhfaca mé cumadóireacht bhreá ag rith fríd.

Bhí iníon amháin ag Balor agus bhí sí fá ghlas aige istigh i gcaisleán agus dhá chloigeann déag caifíní ina cuideachta ag tógáil cian díthe. Agus mar is gnách bhí cuilceach ar tír mór a raibh Mac Cinn air agus bhual

smaoiteamh é go rachadh sé go Toraigh. Chuaigh agus chan le grá ar Bhalor. Bhí mínmhin caite ag Balor fá bhun na mballaí fá dtaobh den chaisleán agus gach uile mhaidin seo amach é ag amharc a bhfeicfeadh sé lorgán ar bith sa mhín. Ach ghearr Mac Cinn léim glan thaire an bhalla agus cib bith rúscadh a bhí air i measc na mban óg, naoi mí ón lá a ghearr sé a léim rúide tháinig trí cloigne deág de pháistí beaga ar an tsaol istigh sa chaisleán. Cha raibh orthu ach stócach beag amháin agus nuair a chonaic Balor goidé mar bhí tháinig crith ar a chrúb nó bhí a fhios aige go raibh sé sa tarngaireacht nach raibh aon duine a dtiocfadh leis é féin a chur chun báis ach a ua féin. Shocraigh sé le Mac Cinn go dtabharfadh sé airgead dó ach é na páistí a thógáil leis agus déanamh ar shiúl leo. Ghlac Mac Cinn leis an dualgas. Chornaigh sé na leanbáin suas i mbraithlín agus d'ímigh leis sa bhád ach i lár na báighe scaoil dealg a bhí sa bhraithlín agus thit na páistí amach san fharraige agus báitheadh iad. Tugtar *Sruth Deilg* ar an áit ar tharlaigh an t-ár agus *Gob An Deilg* ar an ghob talaimh a ba ghaire den tsruth sin. Ach mar gach scéal maith fuair Mac Cinn greim cúl coise ar an stócach bheag agus shábháil é mar ba léir leis gur bhfiú taiscoidh é. Nuair a d'fhás an tachrán in aois a sheacht mbliain bhí Mac Cinn i gcruachás mar go dtí go mbaisteadh Balor an stócach cha dtiocfaí a raibh sa reacht a chomhlíonadh. Ar ais leis go Toraigh agus chuir Balor fáilte mhór roimhe. Oíche Shamhna a bhí ann agus bhí Balor ag caitheamh úllaí ar scrábáil chuig páistí an oileáin ach bhí an stócach coimhthíoch a bhfáil uilig. Sa deireadh chuaigh Balor agus an tachrán a choimhlint ach fuair an tachrán an taobh is fearr air agus chuir Balor ruabhéic as ar Mhac Cinn. "Tóg leat an *Chaol Lámh Fhada*," ar seisean. Bhí an páiste anois baistí agus d'ímigh Mac Cinn sna featha fásaigh ag tarraingt ar thír mór. Nuair a chonaic Balor goidé a bhí deánta aige lean sé Mac Cinn agus tháinig suas leis ar thráigh Phort Mairs a dtugtar Machaire Rabhartaigh anois uirthi agus thosaigh an troid. Bhí eagla ar Mhac Cinn go mbainfeadh Balor na clúdaigh dena shúil agus go loisceadh sé a raibh thart air lena shúil nimhe. Ach bhí Balor chomh tógtha sin ag iarraidh An Chaol Lámh a mharbhadh nár bhuair sé lena shúil. Throid Balor agus An Chaol Lámh agus bhí an gasúr ag teitheadh roimhe an athair mhór siar i dtreo Ghaoth Dobhair. Ag gabháil siar ag barr Mhín An Chladaigh daofa rinne Balor dhá bhruach lena ghuailleacha agus sin an rud a d'fhág an t-ainm *Gleann Ghuallach* ar an áit ó shoin. Fíor bréag é throid an bheirt leo go raibh siad thiar ag barr na gaoithe agus is ansin a bhain An Chaol Lámh an ceann de Bhalor. Labhair an ceann. "Achainní bheag amháin agam ort" arsa an ceann "mé a chur suas ar do cheann féin". Mheas An Chaol Lámh nach dtiocfaidh a bheith ag trust leis an cheann anois féin agus fuair sé greim air agus chaith suas ar mhaolcharraig é. Le sin scoiltidh an charraig agus réabaidh uarán uisce aníos as an talamh ann agus lean sé ag teacht go dtí go raibh dhá loch mhóra déanta aige. Tá rann ag deireadh an scéil:

Loch Feabhail, Loch Feabhail
An Loch is sine ar an domhan,
Trí hairde Loch Feabhail
Loch bharr Ghaoth Dobhair.

An rud is siuimiúla fán rann seo nó an fuaimniú a bhí leis an ainm Gaoth

Dobhair agus go deimhin féin leis na focla Feabhail agus domhan. D'fhéadfaí an fhuaim 'ó' a chur sna trí fhocal mar seo. Feóil, dón agus Dóir, ach ní mar sin a bhí siad ach mar a scríofaí mar seo iad: Feamhail, domhan agus Domhair. b'iontas liom a leithéid de fhuaimniú a bheith coitianta ar Ghaoth Dobhair cé gur léir gurb é an rud stairiúil é a coinníodh.⁴

GABHLA

Tugann sin go hoileán eile muid, *Gabhla* agus chan iontas dó an t-ainm atá air agus an scoilt atá ina lár. Is ar an oileán sin más fíor a chroch Feidhlimidh Cam Mac Mhaolmhuire. Is é an t-ainm atá ar an áit ó shoin *Cladach na Croiche*. Mar is eol daoibh badh é Feilimidh Cam taoiseach na mBaollach agus badh é Maolmhuire taoiseach chlann tSuibhne. Bhí nimh san fheoil agus an bheirt dá chéile agus iad i gcónaí i maicín. Is iomáí inse ar an scéal ach chum muintir Ghaoth Dobhair a leagan féin de. Bhí scoil mhór sa tseanam i *mBun An Inbhir* agus bhí siad ag teacht as achan chearn ag freastal uirthi. Agus cé nach raibh uirthi ach iníon Mhaolmhuire agus Mac Fheidhlimidh Chaim, is cosúil gur mó an dúil a bhí ag an bheirt ina chéile ná ins an fhoghlaim agus ba ghairid gur chuir Maolmhuire sonrú nach raibh a iníon ag déanamh mórán dul chun cinn. Chuir sé fios fátha an scéil agus tugadh cogar faoi rún dó. Fear fealltach, cadránta a bhí i Maolmhuire agus chuir sé garda saighdiúr ar thóir mhac an Bhaollaigh agus ruaig siad leo é go Caisleán na dTuath agus chuir fá ghlas ansin é. Bhí rún ag Maolmhuire mac Fheilimidh a mharbhadh agus mharbhaigh. Ach an oíche a bhí siad a mharbhadh bhí brionglóideach ag iníon Mhaolmhuire agus mhuscail sí. Agus nuair a chonaic sí ceathrar fear ag iompar coirp síos uaithi ó bharr an chaisleáin chaith sí í féin amach ar an fhuinneog agus rinneadh smionagar dena cnámha ar na leacacha de íochtar. Cha raibh Maolmhuire sásta iad a chur in aice a chéile ach cé gur cuireadh i bhfad ó chéile iad d'fhás dhá chrann agus shnaidhm siad ina chéile.

Is doiligh a dhath a dhéanamh i ngan fhios agus fuair Feidhlimidh amach goidé a d'éirigh dona mhac agus shocraigh sé éiric a bhaint as bás a mhic. Ruaig sé leis mac Mhaolmhuire agus theith go hOileán Ghabhla leis. Tháinig i dtír i Machaire na nGall, tháinig trasna an oileán agus chroch mac Mhaolmhuire i gCladach na Croiche. Chan sin deireadh an scéil ach is leor dúinn é sa chás seo.

NÁ LOCHLANNAIGH

Tá cuid de logainmneacha na háite luaite leis na lochlannaigh agus is meascán breá den fhírinne agus den chumadóireacht na cuntais atá againn. Tá dhá áit go speisialta atá luaite leis na lochlannaigh *Cnoc Fola* agus *Sludán na Fola* atá ar thaobh na farraige ar *An Loinnigh*. Maíonn an scéal a bhaineann leis an dá áit gur troideadh cath leis na lochlannaigh a tháinig isteach ón farraige ag iarraidh cur futhú san áit. Mar gur maraíodh an oiread sin daoiní d'fhan an focal 'Fola' mar fhianaise ar an ár a rinneadh. Cuireadh tuilleadh leis an dá scéal le míniú a thabhairt ar ar thit amach den dream a tháinig slán ó pháirc an áir. Baineann an ruball scéil seo le Cnoc Fola go háirit.

Bhí sé de chliú ar na lochlannaigh go raibh lámh ar dóigh acu ar a bheith ag déanamh beorach as barr an fhraoich. Chruinníodh siad bláthanna an fhraoich sa tSamhradh agus ba as na bláthanna seo a níodh siad an bheoir. Ba fhada leis na hÉireannaigh go bhfaigheadh siad an órtha go rachadh siad féin ag obair. I ndiaidh an chatha ar Chnoc Fola cha raibh fágtha de na lochlannaigh ach beirt, an t-athair agus an mac. Thug na daoiní leo mar phríosúnaigh iad agus gheall a gcoiméad agus a gceann beatha daofa dá n-insíodh siad goidé an dóigh leis an bheoir a dhéanamh. Cha raibh aon duine acu sásta labhairt agus bhí eagla a bháis ar an athair go sceitheadh an mac an rún agus d'iarr orthu an mac a chur chun báis agus go ligfeadh sé féin an rún leo. Rinne siad mar a hiarradh ach ansin bhí an t-athair sásta nach scílí an rún agus dúirt sé nach n-inseochadh sé féin go deo goidé an dóigh leis an bheoir a dhéanamh agus go raibh sé chomh maith acu eisean a chur chun báis fosta. Agus faraor ba sin a dheireadh.

Tá sé ráite fosta gur le linn troda leis na lochlannaigh a fuair an baile a bhfuil *Machaire Loisce* air inniu a ainm. Tá an baile seo suite ar an taobh ó dheas den pharóiste ar an chrích idir Gaoth Dobhair agus na Rosa agus gar do bharr an Ghaoith. Chuaigh na lochlannaigh más fíor isteach ar oileán beag i mbéal an Ghaoith agus bhí na hÉireannaigh cruinnithe i gcúl ardáin ar tír mór ag fanacht leo a theacht i dtír. Las na lochlannaigh tinidh mhór agus thosaigh siad a iompar aibhleogaí dearga ón oileán seo agus a gcaitheamh leis na diúcaigh a bhí i gcúl an ardáin. Badh é deireadh an scéil go raibh an t-ardán loiscthe acu agus b'éigean do na Gaeil teitheadh. Tugadh *An tArd Loisce* mar ainm ar an ardán seo ó shoin. Ina dhiaidh sin gaireadh *Machaire Loiscthe* ar an áit a bhí thart fán ardán agus sin mar atá an t-ainm go dtí an lá inniu.

I nDobhar Lár tá áit eile ar léir go bhfuil ceangal ag na lochlannaigh leis mar atá *Úigh na Lochlannach*. Is cosúil mar sin gur sheol na lochlannaigh ina gcuid bádaí suas an caolas seo a bhfuil Gaoth Dobhair mar ainm anois air. Is léir go raibh cuid de Armada na Spáinne thart fán chósta ag deireadh an 16ú céid mar tá turas a dtugtar *Turas na Spáinneach* air i nDobhar Lár fosta. Ba ghnách le daoiní an turas seo a dhéanamh go dtí le fiordheireannas.

AINMHITHE AGUS LOGAINMNEACHA ⁵

Tá cúpla áit eile sa cheann theas de Ghaoth Dobhar a bhfuil baint ag an ainm atá orthu le anró an tsaoil atá thart. Is cosúil, le linn na dtiarnaí talaimh agus le linn an chruatáin a lean plandáil Uladh, gur mhínic lucht an dlí ag ruaig ar dhaoíní bochta nach raibh ábalta an cíos nó an gearradh a bhí orthu a dhíol. Ar dhá ócáid a dtáinig an lámh láidir ag iarraidh luach saothair a fháil dá gcuid máistrí fágadh cúpla áit eile agus ainm úr orthu. Is cosúil ar chuairt amháin acu sin gur imigh na mná uilig agus na cearca leo isteach ar oileán beag taobh thiar den Bhun Bheag ag teitheadh roimhe na saighdiúirí. Chan fhuair na saighdiúirí mórán éanlaith le tabhairt leo agus ariamh ó shoin *Oileán na gCearc* atá mar ainm ar an áit a raibh na cearca ar coimeád ag na mná.

Níos deireanaí ná sin bhí báillí an tiarna agus an Sirriam ar a gcois ag iarraidh stoc ar bith a bhí fán áit a ghoid leo le díol as riaráistí cíosa. An

uair seo d'ímigh na fir agus an stoc uilig leo agus go háirid an t-eallach agus isteach leo ar oileán eile a dtugtaí go dtí sin *Oileán Bhun Dobhair* air díreach in aice an Bhun Bhig. Badh é an cineál eallaigh a bhí coitianta san áit an uair sin eallach breac nó riabhach mar a thugadh na daoíní féin orthu. Nuair a bhí an chontúirt thart agus tháinig na daoíní amach as an oileán leis an stoc arís baisteadh ainm úr ar an oileán *Oileán na Riabhach*.

Ó tharla sa dúithche seo muid tá sé chomh maith againn tagairt do áit bheag eile atá in aice an Bhun Bhig mar atá *Ard an Ghliogair*. Mar seo a fuair sé a ainm. Bhíodh caoirigh go fairsing sa tsean am ag daoíní síos fán chladach in aice Bhun Dobhair agus mar a tharlaíonn go minic bhí madaidh ag tabhairt drochbhail orthu, madaidh tíre agus madaidh ruaidh. Bhí barúil ann fosta go raibh daoine á ngoid. Smaoitigh duine síosmaideach gur mhaith an plean ceangaltán beag a chur fá mhúineál na gcaorach a dhéanfadh tormán nuair a bheadh a dhath ag gabháil fá dtaobh daofa. Ba ghairid an seal go mbíodh gliogar ar siúl ag na failleagáin agus ag na sligeáin a bhí crochta fá na muineáil agus b'fhurast do na daoíní a theacht i gcuidiú ar na caoirigh bochta. Thart fá bhun ardáin a bhíodh an gliogar agus mar sin a d'fhás *Ard an Ghliogair* mar ainm ar an áit.

ÁITAINMNEACHA AGUS CÚRSAÍ CREIDIMH

Is fada baint ag cúrsaí creidimh le cuid de ainmneacha pharóiste Ghaoth Dobhair. I bhfad siar sa chianstair tháinig Naomh Colmcille agus beirt de lucht a chomhaimsire Fionán agus Dubhthach go cladach Phort Mhairs ag súil ar a ghabháil go Toraigh leis na págánaigh a thabhairt chun creidimh. Bhí coimhlint eatarthu fán té a rachadh go Toraigh agus suas leo ar chnoc in aice láimhe ar a dtugtar ó shoin *Cnoc na Naomh* le socrú a dhéanamh cé acu a gheobhadh cead a ghabháil chun an oileáin. Thoisigh siad a chaitheamh bata ionsair an oileán ach chuir an bheirt a chaith roimh Cholmcille a gcuidiú féin roimh chuidiú Dé agus d'fhág sin gur thit a mbata i bhfad ón sprioc agus tá a n-ainm inniu ar na píosaí talaimh ar ar thit an bata an lá miorúilteach údaidh, *Teampall Fionáin* agus *Oileán Dúithche*. D'éirigh le Colmcille a bhata a chur go Toraigh agus chonaic sibh i scéal na Mic Ó gCorra goidé a rinne sé le bunadh páganta an oileáin sin lena bhrat. Is é Cnoc na Naomh seo an teorainn thoir thuaidh atá le paróiste Ghaoth Dobhair inniu agus is le tionóntaí bhaile Ghlais An Chú píosaí móra den chnoc. Is é *Glais an Chú* an baile is faide soir de bhailte Ghaoth Dobhair.

ALLT NA PÉISTE

Ó tharlaigh muid ag caint ar Naomh Fionán tá sé chomh maith againn trácht bheag a dhéanamh anois ar thobar *Allt na Péiste* agus ar an dóigh a bhfuair an tobar iontach seo a ainm. Maidin dheas chiúin amháin sa tSamhradh bhí Fionán agus fear bacach ag déanamh a mbealaigh i gcurachán thart le gob thoir thuaidh na hÉireann. Bhí naomh eile sa churachán leo fosta agus ó bhí an lá sonraitheach té bhuaile tart bocht Fionán agus d'iarr sé ar bhacadaí deoch uisce a fháil dó. Dúirt bacadaí bocht leis gur dhoiligh sin a dhéanamh san áit a raibh siad ach d'ordaigh Fionán a ghabháil i dtír ar an chreig a bhí in aice láimhe. Tá an chreag

sin anois in aice le hAllt na Péiste i mbaile Faoi Chnoc nó Cnoc Fola mar a thugtar go hoifigiúil anois air i seoltaí litreacha srl. Ach ar scor ar bith amach le bacadaí in éadan a thola agus gan súil aige le mórán éadála. Ach leis an léim a thug sé thit sé le trombhuille anuas ar an chreag agus chuaigh trí ladhar a bhí ar an chois bhambach s'aige síos fríd an chreag agus le sin túsaidh an t-uisce a stealladh aníos mar a bheadh sé a scaoileadh as trí bhallán bó. Agus rud níos iontaí ná sin arís fíoruisce ceart a bhí ann. Mhúigh an t-uisce an tart a bhí ar Fhionán agus d'imigh an triúr leo ar a chuid eile dá n-aistear soir an cósta. Is é an rud is iomráití fán tobar seo nach féidir é a fheiceáil go dtí go mbí sé ina lagtrá. Ansin thig an t-uisce ag brúchtaigh aníos as an chreig. Is gnáthach anois turas a dhéanamh ar an tobar bheannaithe seo gach uile Lá Fhéile Muire Mór san Fhómhar. Bíonn rabharta mór ann i gcónaí i dtrátha an ama sin den bhliain agus is furast a ghabháil síos ionsair an chreag. Tá tuairisc le fáil ag tiarnaí agus ag lucht taistil fán turas seo ina gcuid scríbhinní sa hochtú agus sa naoú céad déag. Chuaigh an gnás i léig ar fad nach mór le deich mbliana fichead cé go raibh a chuimhne i gcónaí i mbéal an phobail. Ansin le linn don Athair Eoghan Ó Frighil a bheith ina shéiplíneach i gCnoc Fola, chuir sé tús arís leis an turas agus tá an gnás anois ar a chosa arís agus seans go leanfar leis go ceann i bhfad sna blianta atá romhainn.

MACHAIRE GÁTHLÁN

Níl áit is mó sa pharóiste atá ceangailte le cúrsaí creidimh agus atá Machaire Gáthlán mar gur ann le fada atá an roilig a bhfuil cuid mhór den phobal a bhí i nGaoth Dobhair le dhá chéad bliain curtha. Roimhe sin ba soir go roilig Thulcha Beigle a chuirí na mairbh agus tá an áit sin míle nó mar sin isteach i dtreo na Muaise ó bhaile an Fháil Charraigh. Chan iontas gur thoir ansin atá go leor eile de mhuintir na paróiste ina luí ag fanacht leis an aiséirí mar ba pharóiste Thulcha Beigle Thiar a bhí ar Ghaoth Dobhair go dtí seal gairid go leor ó shoin. D'fhág sin ceangal láidir i gcónaí idir codannaí de pharóiste Ghaoth Dobhair agus Tulcha Beigle i bhfad i ndiaidh shocrú na heaglaise a rinne paróiste díthe féin de Ghaoth Dobhair nuair a d'ardaigh líon na ndaoíní san áit i rith na hochtú aoise déag. Beidh caint againn níos deireanaí ar Thulcha Beigle ach pillimis go fóill beag ar Mhachaire Gáthlán.

Ceist achrainn i gcónaí go leor bunús an fhocail 'Gáthlán'. Tá dhá inse ar an mhíniú seo (a) go mbaineann an t-ainm leis na Galláin mhóra a bhíodh ina seasamh san áit ach atá anois i bhfolach sa ghainimh agus (b) gur ionann 'gáthlán' agus tithe beaga samhraidh a thógadh lucht choiméadta eallaigh daofa féin le linn an bhuailteachais a bhíodh á chleachtadh acu san áit sa seachtú agus sa hochtú céad déag. Is fearr liom féin an dara míniú ar dhá chúis (i) go dtig sé níos fearr leis an fhianaise atá againn ar nósmaireacht na ndaoíní sa taobh tíre ar fad anuas go dtí deireadh an naoú céad déag fad is a bhain sé le haistriú stoic ó áit go háit srl agus (ii) nach bhfuil fianaise na cainte i gcás an fhocail 'gáthlán' agus an fuaimniú a bheadh le focal mar 'Gallán' ag teacht le chéile rómhaith.

Le linn an Gheimhridh chuirí an t-eallach suas go Gleann Tornáin⁶ áit a raibh beagán níos mó foscaidh acu in áit a bheith ar an bhlár lom i gcois na farraige. Sa tSamhradh thigeadh na daoíní agus an stoc anuas de chois



Seanmhá Ghaoth Dobhair — thar chéad bliain ó shin

an chladaigh mar athrú ag an eallach mar gur mhinic a bhíodh aicid an chrupáin ar an eallach a bhíodh i bhfad ar an chinéal amháin féir. Is cosúil gur leigheas ar an aicid seo féar an mhachaire agus cib bith luibheannaí eile a bhí le fáil de chois cladaigh. Ar chuma ar bith badh iad na toithe a thóg siad le foscadh a thabhairt daofa a thug a ainm anois don mhachaire cladaigh sin, na gáthláin. Cha raibh iontu ach bothógaí beaga, sealadacha le iad a chosaint ar an ghaoth fheannaideach agus ar an deor anuas.

MAC GIOLLA BHRÍDE MHACHAIRE GÁTHLÁIN ⁷

Tá scéaltaí go leor fá Mhachaire Gáthlán ach chan fhuil ceann is mó a raibh umhal na ndaoíní air na scéal Mhac Giolla Bhríde. Bhí rathúnas beag stoic ag Mac Giolla Bhríde agus é ina chónaí thíos ar an mhachaire. Is cosúil lá amháin go dtáinig fear beag, gairid, giortach go dtí an doras aige agus d'íarr cead dídean a fháil. Fuair sé an dídean agus d'fhan sé ina shuí ar feadh sheacht mblian sa chládaigh. Cha raibh dadaidh ar síúl aige i rith na mblian sin ach ag cur barr ar chipíní beaga. Bhí rud níos measa ná sin fá dtaobh dó, char labhair sé ach trí huaire i rith na seacht mblian. Bhí Mac Giolla Bhríde ag éirí tinn tuirseach leis ina shuí suas ina úilín sa chládaigh agus gan smaoiteamh siar aige imeacht leis.

Ach tháinig an uair nuair nach raibh síúl ag Mac Giolla Bhríde léi agus b'éigean don tsíogaí bheag a theacht i gcuidiú air. Mar seo a tharlaigh. Bhí sé de fhéachaibh ar gach uile dhuine an uair sin an oiread seo dá shaothar a thabhairt leis an Eaglais Phrotastúnach agus leis na ministéirí Gallda a choinneáil ag gabháil. Badh é an t-ainm a bhí ag muintir Ghaoth Dobhair air '*An Ceart Eaglaise.*' Tháinig na húdaráis ag iarraidh An Cheart Eaglaise ach dhiúltaigh Mac Giolla Bhríde dadaidh a thabhairt daofa agus d'ímigh siad agus dhá bhearach dhéag dena chuid leo. Chuaigh Mac Giolla Bhríde ar dearg mhíre agus ar stealltracha feirge agus scanraigh an síogaí beag nuair a chonaic sé an chuill ghoraigeach a bhí ann. "A mhoncaí bhig" a deir sé leis an tsíogaí "gan mhaith, gan úsáid éirí suas as sin agus tabhair lámh chuididh domh. Tá tú i do shuí suas ansin le seacht mbliana agus tá sé in am agat do chuid a shaothrú. "Maith go leor" a deir an boc beag, "goidé an callán atá agat agus gan tú ábalta a dhath a dhéanamh ach ag caint. Fág agamsa anois iad." Le sin lig sé trí fhead as féin agus tchí Dia muid, seo anuas as an aer scaoi mhór de shíogannaí beaga. Anois a chairde, tógaigí libh na cipíní sin atá sa charnán sin thall. Badh iad seo na cipíní beaga a bhí sé a shálú le na scian bheag le seacht mbliana. Ansin a thosaigh an batail agus an dubhmharbhadh. D'éirigh saighdiúir beag ar gach cipín agus anuas leo sa mhullach ar na daoíní bochta a bhí ag ruaigeadh leo an eallaigh. Mharaigh siad uilig iad ar bheagán moille agus tugtar *Ard na Buailibh* ó shoin ar an áit a raibh an troid. Nuair a bhí an maicín agus an cath thart seo isteach an fear beag chuig Mac Giolla Bhríde. "Tá mé ag imeacht" a deir sé "agus ba mhaith liom slán a fhágáil agat." "Muise go bhfuil sé in am agat imeacht" a deir Mac Giolla Bhríde" ach mar sin féin tá mé iontach buíoch duit as a bhfuil déanta agat domh le úair a chloig. Ach tá achainí bheag amháin agam ort sula n-ímí tú. "Goidé an rud é" arsa an síogaí beag "atá ag cur bhuartha ort?" "Tá seo" arsa Mac Giolla Bhríde, "goidé a thug ort na trí gháire a rinne tú a dhéanamh

nuair a bhí snaidhm ar do theangaidh an chuid eile den am." "Bhail inseochaidh mé sin duit muise agus fáilte" arsa an fear beag.

"An chéad uair a rinne mise an gáire" arsa an síogaí, lig tú do do chuid airgid titim ar an talamh agus bhí tú lena linn sin ag lígean do chuid áidh uait. In áit beannacht a chur leis is amhlaidh a thoisigh tú ag mallachtaigh. Shíl mé go raibh sé iontach greannmhar tú a bheith ag cur drochádht ort féin mar sin." "Tchím," arsa Mac Giolla Bhríde, "agus an dara gáire."

"Oíche Shamhna a rinne mé an dara gáire" arsa an fear beag. "Is é an chúis a bhí agam leis nó gur chuir tú béic mhillteanach asat fá rud éinteacht agus d'imigh na síogaí uilig a tháinig ar cuairt chugamsa suas an simléir, bhí siad chomh scanraithe sin agat". "Tchím" arsa Mac Giolla Bhríde "nach raibh mórán agat le bheith ag gáirí faoi. Goidé fán tríú gáire?" "Ó dar Dia sin an ceann is fearr uilig. D'imigh do bhean amach go dtí scioból féir a bhí agat. Ach cha raibh a fhios agatsa cé a bhí léithi amuigh sa scioból. Ach bhí a fhios agamsa. Ach chan sin an rud a bhí greannmhar."

"Agus goidé a bhí greannmhar mar sin?" arsa Mac Giolla Bhríde."

"Tá seo" arsa an síogaí. "Nuair a tháinig do bhean isteach bhí a cuid éadaigh lán coilg agus thoisigh tusa ag glanadh an choilg amach as a cuid éadaigh. Shíl mise go raibh sin iontach greannmhar, tusa ag glanadh an choilg agus an fear a chuir an colg uirthi ar shiúl amuigh san oíche ag portaíocht leis féin." "Sin go leor" arsa Mac Giolla Bhríde. Agus amach leis an tsíogaí ar an rása agus chan fhacaidh Mac Giolla Bhríde ní ba mhó é.

AN tAIFREANN AGUS NA TRÍ DEORA FOLA

Mar a bheadh duine ag súil chuir Mac Giolla Bhríde an tóir ar a bhean agus bhí sé ansin ina chónaí leis féin. Cuireadh ansin píosaí deasa eile leis an scéal sa dóigh go mbeadh cuntas againn ar theacht na roilige agus ar shagairt a bheith ag rá an aifrinn san áit.

Lá amháin agus gan súil ar bith ag Mac Giolla Bhríde leis tháinig bean siúil ag iarraidh déirce. Bhí aon duine dhéag de pháistí beaga léithi agus thug Mac Giolla Bhríde beagán beag le hithe daofa cé go raibh sé ag briseadh a chroí. Nuair a d'imigh an bhean bhocht d'fhág sí duine de na páistí beaga ina diaidh i ngan fhios daoithi féin. Fuair Mac Giolla Bhríde greim air agus mharaigh é. Chuir sé an tachtarán i bhfolach thuas sa díon mar bhí eagla air go bpillfeadh an mháthair á chuartú. Ach char phill sí cé bith cúis a bhí leis agus lá arna mhárach chuir sé an tachtarán sa ghainimh in aice an chladaigh. Bhí go maith agus cha raibh go holc rinne sé dearmad den ghníomh ghránna a bhí déanta aige do dtí uair amháin go dtáinig sagart chun na háite le linn na bpéindlíthe agus gur iarr sé cead an tAifreann a rá i dteach Mhac Giolla Bhríde. Chruinnigh an pobal isteach agus bhí gach rud i gceart go dtí go dtáinig an sagart go dtí an coisreacadh san Aifreann. Ansin agus é ag coisreacadh an aráin agus an fhíona thit trí deora fola anuas ón díon ar éadach na haltóra. Chuir seo iontas ar na daoine agus ar an tsagart agus dúirt gurb é an chiall a bhí leis na deora gur maraíodh duine bocht inteacht sa teach seo. Dúirt sé nach mbeadh suaimhneas sa teach go dtí go ndéanfadh an té a rinne an choir aithreachas ina pheacaí. Nuair a bhí an tAifreann thart d'inis Mac Giolla Bhríde don tsagart goidé a rinne sé agus d'iarr sé maithiúnas. Thug an sagart

maithiúnas dó ach chuir sé breithiúnas aithrí cruaidh air — bealach a dhéanamh i gcois na farraige ó Mhín An Chladaigh go dtí abhainn na Cláidí is é sin ó cheann ceann na paróiste.

Chuir duine cliste eile píosa breá leis an scéal agus tá cuma ar an chumadóireacht go raibh sé beagán in éadan na sagart a bhí ag santú an airgid. Nuair a bhí an bealach antráthach seo chóir a bheith déanta ag Mac Giolla Bhríde tháinig laige air agus fuair sé bás gan mhoill. Ach fuair sé frithealú sagairt roimh a bhás. Is cosúil gur mhair a bhean ina dhiaidh agus fuair sí a chuid airgid uilig. Chuaigh sí chuig an tsagart le aifreann a fháil ráite ar shon a anama. Ba ghnách léithí ceist a chur i dtólamh ar an tsagart goidé mar a bhí Mac Giolla Bhríde bocht. Níl sé ach go measartha, caithfidh muid cúpla aifreann eile a rá dó, tá sé i bpian mhór. Bhí siad ag gabháil ar aghaidh mar sin ar feadh i bhfad, an sagart ag fáil an airgid agus gan Mac Giolla Bhríde ag éirí a dhath níos fearr thíos i bPurgadóir. An turas deireannach a thug sí ar an tsagart is é an scéal a bhí aici dó go raibh an t-airgead chóir a bheith caite. Bhí barúil ag an tsagart nach raibh sí ag inse na fírinne ar fad agus dúirt sé go gcaithfeadh siad cúpla aifreann eile chur le hanam an duine mhairbh go fóill. 'Goidé an dóigh a bhfuil sé' ar sise. 'Tá a chloigeann amach aige ar fhuinneog mhór' arsa an sagart 'ach tá a thóin ag dódh go láidir'. "Bhuel," arsa an bhean, "fanochaidh sé ag dódh. Chan fhaca mé ariamh é dá bhfaigheadh sé a cheann amach nach dtarraingeochadh sé an chuid eile amach ina dhiaidh," agus d'imigh sí chun an bhaile.

Sin deireadh an scéil agus b'fheidir go bhfuil cúpla casadh eile ann nach raibh mise ábalta a theacht orthu. Abróchaidh muid anois cúpla rud beag fá adlacadh na marbh agus fá na gnása a bhain leis sa pharóiste.

TULCHA BEIGLE

Mar a dúirt mé thuas ba soir go Tulcha Beigle a théadh na mairbh uilig sa tseanam go dtí go ndearnadh roilig Mhachaire Gáthláin agus roilig Ghort An Choirce. D'fhág sin go gcaithfeadh pobal Ghaoth Dobhair thiar turas fada a dhéanamh ar thórramh na marbh. Is é an rud a thug orthu bealach Thaobh a Leithéid a thabhairt orthu féin gurbh fhusa siúl ann san am ar thoisigh siad an chéad uair, mar go raibh an talamh beagán níos cruaidhe agus níos trioma ná an portach a bhí chomh fairsing idir Taobh an Leithéid agus an fharraige. Thigeadh an tórramh aníos ó Mhachaire Gathlán agus suas ag *Mullaigh na Tulcha* agus suas leis an áit a bhfuil na monarchana ar an Screabán anois. Soir leo ansin go Taobh an Leithéid agus trasna ar a ghualainn.

Sa tsean-am *Baile na Tulcha* a bhí ar an áit a dtugtar Machaire Chlochair inniu air. Ar an cheann thoir den Tulaigh a bhí an cosán coise an áit a bhfuil an bealach mór ag gabháil síos go Machaire Gathlán inniu. Is cosúil ar a mbealach go Tulach Beigle go mbíodh ocraas ag teacht orthu sin a bhíodh ag iompar na gcónracha fán am a mbíodh siad ag Mullaigh na Tulcha. San áit sin a shuifodh siad síos lena gcuid a chaitheamh agus lena sciste a ligean. Is maith a oireann an t-ainm dó.

NA SEACHT LEACHTA

Ar an bhealach fhada sin as Gaoth Dobhair trasna Thaobh An Leithéid tá seacht gcarnán cloch agus gach uile uair a théadh tórramh an bealach chuireadh siad cloch eile ar na carnáin. Mar seo a deirtear a toisíodh ar tús ag déanamh na gcarnán. Bhí cailín beag ina cónaí suas fá bharr Mhín an Iolair agus le linn daoithe a bheith ag buachailleacht eallaigh an-ghar do Thaobh An Leithéid thit sí isteach i linn bheag uisce agus cailleadh an créatúr. Bhí siad tamall ag cuartú sula raibh a fhios cá háit a raibh a corp. Sa deireadh tháinig siad air i linn an uisce. Sa dóigh nach bhfliuchfadh siad iad féin ag tárrtháil an choirp thoisigh daoíní a iompar cloch agus a gcaitheadh isteach sa linn. Badh é deireadh an scéil go raibh carnán mór déanta acu san áit a bhfuairtheas corp na girsí. As sin ansin a d'fhás an gnás na carnáin a thógáil mar gur thart le taobh an chéad charnáin seo a théadh gach uile thórramh.

Nuair a thigeadh lucht an torraimh go dtí na carnáin bhí siad ábalta a scíste a ligean ar feadh tamaill. Ceathrar a bhíodh ag iompar an choirp an uair sin agus bhíodh orthu sealaocht a dhéanamh go minic go háirid dá mbíodh an corp trom nó an aimsir olc rud a d'fhágfadh an talamh fliuch, salach. Bhí gléas iompair acu a dtugadh siad an 'Tuilleadh Teannaídh' air. Crochair fhada a bhí ann déanta de rópaí giúise agus ceithre lupóg ar na coirneáil aige le do lámh a rith isteach iontu agus ligean don rópa suí ar do ghualainn. Is é an fáth ar tugadh an t-ainm seo air nó go raibh an phleatáil a bhíodh déanta ar an rópa tugtha de scaoileadh agus chaithfí é a theannadh anois is arís. Scairteadh duine éinteacht amach 'Tuilleadh Teannaigh' agus sin mar a lean an t-ainm de. Is é an bealach a bhí acu leis na rópaí a dhéanamh píosaí measartha fada de ghiúis portaigh a fháil agus é a thriomú go maith. Ansin shuíodh duine síos agus thoisíodh sé ag tarraing slisne fada, féasógacha, caola as an mhaide. Tharraingíodh sé an fheasóg astu ansin agus phleatáileadh iad trasna ar a chéile go mbíodh siad ina rópaí cruaidhe. Bhí mairstin ar dóigh sna rópaí seo agus is iomaí úsáid eile a baineadh astu chomh maith leis an ócáid atá luaite thuas. Is é an dóigh a mbíodh an corp gléasta acu mar seo. Chaithfí dhá chrois cotháin fhighhe agus ceann acu a chur faoi chosa an mharbhánaigh agus an ceann eile faoi na cheann. Bhíodh dhá thaobh an mharbhánaigh agus os a chionn pacáilte le cothán fosta. Chuirfí na mairbh agus a gcosa san aird anoir agus a gceann san aird aniar.

CROTHNAIDÍ

Ó tharla ag caint ar na mairbh muid tá sé chomh maith agam cúpla focal a rá faoi na crothnaidí nó is cosúil go raibh siad an leitheadach sa tseanam. Ba ionann crothnaid agus taibhse tórraimh, is é sin tórramh nach raibh saolta. Comhartha a bhíodh ann go raibh duine éinteacht de bhunadh na háite le bás a fháil gan mhoill. Badh é an scéal a ba iontaí fá na crothnaidí seo an dóigh ar cheart don té a tchífeadh iad déileáil leo. Mar seo a ba cheart do dhuine a ghabháil i mbun oibre mura rud é go mbitheá ar shiúl sna cosa in airde sula raibh am ag an tórramh mharbh a theacht fhad leat. Ar tús is ceart do dhuine a chuid éadaí a bhaint dó, é féin a chaitheamh siar faoin chónair, siúl leis an tórramh 10 go 20 coiscéim, ansin a ghabháil

suas san áit a raibh an chónair agus amharc isteach faoin éadach go bhfeicfeá cén diúlach bocht a bhí le himeacht. Is cosúil gur cheart na treoracha thuas a ghlacadh ina n-ord cheart mar nach mbeadh buaireamh ar bith ansin ar an té a tchífeadh aghaidh an duine mhairbh. Is fearr dúinn an t-ábhar seo a fhágáil uainn agus aghaidh a thabhairt ar rudaí níos tíorthúla.

AINMNEACHA GAN MHINIÚ AGUS AN TEANGA

Tá cuid mhaith ráite thuas againn fá thraifil beag de logainmneacha Ghaoth Dobhair agus fá na scéaltaí suimiúla a bhaineann le bunús na n-ainmneacha sin. Is doiligh anois an fhírinne agus an chumadóireacht a scathadh óna chéile ach is dóigh liom gur cuma faoi sin nó mar a deir m'athair go minic "an té nach n-insíonn bréag cha bhíonn daoine i bhfad ag éisteach leis." Bíodh sin mar atá, tá an-mhórán mór eile ainmneacha ar fud na paróiste a bhféadfainn a bheith ag cur síos ar a mbunús go cionn i bhfad. Is leor a bhfuil thuas i mo dhiaidh lena thaispeánt gur cheart achán scéal a ríomh agus a chuir ar pár. Tá mórán eile ainmneacha fá Ghaoth Dobhair nár tugadh míniú róshásúil ar a mbunús go fóill. Orthu sin tá *An Eargal, Umpainn, An Luinnigh, Cró na gCuigiú* agus tuilleadh nach iad. Scéal cinnte go dtiocfar ar réiteach fána míniú uair níos faide anonn. Tá míreanna eile i gcuid de ainmneacha na paróiste ar fada cailte sa teanga bheo san áit anois iad. Amharc mar shampla ar *An Ghlaisigh* agus *Glais An Chú* dhá ainm a léiríonn úsáid an fhocail Glais a chiallaíonn sruthán nó uisce reatha. Níl focal is sine sa teanga ná Dobhar. Is ceart dúinn mar sin a bheith faithchilleach ag úsáid ainmneacha áite nó is cinnte gur orainn a bhraitheann taisciú na n-ainm céanna.

DULAMÁN NA BINNE BUIDHE

Is minic agus mé beag a cheol m'athair mór an t-amhrán seo dom. Bhí sé an-tugtha dó agus is í an uair is mó a bhíodh an drandán ceoil seo aige nuair a bhíodh sé ag cur síos na tine go luath ar maidín. Bhí an-mheas ar an amhrán fá Ghaoth Dobhair mar gur leis an amhrán seo a bhain Séarlaí Éamoinn Ruaidh, An Píobaire Mór, craobh an domhain ag cruinniú mór na gceoltóirí i Chicago ag deireadh an chéid seo caite.⁸ Píobaire mór na hÉireann a bhaist muintir na háite air.

Chan fhuil sa scéal seo thíos ach léirstean beag eile daoibh gur rud an-bheo an seanchas agus an chumadóireacht. Is cosúil go raibh fear bocht ar a theitheadh roimhe na Sasanaigh sa tseanam. Bhí siad ag cur cruaidh air agus ag teannadh lena shála agus thug sé a aghaidh síos chun na farraige. Nuair a chuaigh sé thair dhumhach gainimhe tchí sé an píobaire ina sheasamh thíos ar imeall an lánmhara agus é ag portaíocht leis. Fan am a dtáinig an ruagaire reatha fhad leis an phíobaire bhí sé ina shuí ag déanamh a sciste. Nuair a mhínigh an fear a bhí ar a sheachnadh an scéal don phíobaire d'iarr an píobaire air a ghabháil i bhfolach san fheamnaigh agus go mbeadh sé ceart go leor. Rud a rinne sé.

Tháinig na Sasanaigh go luath ina dhiaidh sin agus d'fhiafraigh siad don phíobaire an bhfaca sé aon duine ar an rása tá tamalt ó shoin. Char labhair an píobaire focal ach thoisigh sé a sheinm ar na píobaí agus a ghabháil cheoil mar seo:

Dúlámán na Binne Buidhe, Dúlámán Gaelach
Dúlámán na farraige, is fearr atá in Éirinn
Tá fionnadh ar a shúile, tá driúcht ar a éadán
Thíos ins an fheamnaigh atá an Dulamán Gaelach
Dúlámán na Binne Buidhe, Dúlámán Gaelach
Dúlámán na Binne Buidhe, ag éalódh as Éirinn.

Is ceist anois é ar thuig an Sasanach goidé an bhrí a bhí le na chuid cainte. Is cosúil nar thuig nó d'fhan an fear a bhí san fheamnaigh slán gur imigh an chontúirt thart.

DAOINÍ IOMRÁITEACHA

Is iomaí sin duine a thuill cliú i bparóiste Ghaoth Dobhair le dhá chéad bliain anuas. Bhí baint nach beag ag muintir na háite leis an troid in éadan na dtiarnaí talaimh agus in éadan dhlí na Sasana. Orthu sin a bhfuil an-mheas go fóill sa pharóiste tá An tAthair Séamas Mac Pháidín, Pádraig Ó Dónaill, iad siúd a mharaigh an Máirtíneach agus go leor eile. Tá duine eile a ba mhaith liom féin a mholadh anois mar atá Pádraig Mac Cathaigh. B'fhéidir gur ceist libh cén tábhacht atá leis siúd nó cé hé féin ar scor ar bith. Chan ar a ainm Gaeilge is fearr atá aithne ag daoíní ach ar a ainm i mBéarla Patrick Mc Kye. Maighistir scoile a bhí i bPádraig agus sa bhliain 1837 sheol sé litir chuig 'His Excellency the Lord Lieutenant of Ireland' ar a dtugtar anois *The Memorial of Patrick Mc Kye*. Cuir síos atá sa litir ar staid na ndaoíní in sa pharóiste ar a dtugann sé sa litir West Tullaghobegley, Gaoth Dobhair inniu. Is fiú an litir sin a léamh agus aird a thabhairt ar an fhianaise lom atá léirithe inti agus atá ag teacht cuid mhaith leis an fhirinne dar liom. Is cuimhneach liom an litir seo a thabhairt do mo sheanuncal Aodh Ó Dubhchon le léamh cúpla bliain ó shoin. Chuir mé ceist ansin air goidé a bharúil díthe. 'Níl inti ach dearg bhréaga 'arsa seisean. Chuir mé ar a shúile dó ansin nach raibh an teachtaireacht a bhí inti mórán níos measa ná na scéaltaí a bhí aige féin. Rugadh eisean 1886 agus seo leithchéad bliain roimhe seo arís. Ach char réitigh muid an t-aighneas seo ach tháinig eolas eile as an chomhrá a bhí againn. Chuir mé ceist air ar chuala sé iomrá ar Phatrick Mc Kye ariamh. Dúirt sé nach raibh sé cinnte ach go mb'fhéidir gurb é an Pádraig Mac Cathaigh é ar chuala sé na seandaoiní ag caint air. Agus seo a rud a bhí siad a rá faoi. Eisean is cosúil a chuidigh le lucht na suirbhéireachta léarscáil a tharraing den bhaile agus de na feirmeacha srl. Is dócha gurb é go deimhin a chuidigh an pharóiste ar fad a dhéanamh. Ach an dara scéal is é is fearr uilig.

Is cosúil go raibh an-tóir ag na mná ar Phádraig de thairbhe an jab a bhí aige. Bhí triúr acu go háirit sa tóir air agus chaithfí socrú a dhéanamh cé acu a gheobhadh é. Mar seo a socraíodh an cheist. Cuireadh trí sheilide faoin thrí bhéal babhal agus ainm na gcailíní orthu. Nuair a chuathas a dh'amharc orthu ar maidin bhí dhá sheilide marbh agus phós Pádraig an triúr duine.

Is léiriú an méid sin ar an mheas a bhí ag daoíní ar laochra agus ar lucht oideachais agus is cruthú é ar bheocht an tseanchais. Badh é Pádraig an chéad mhúineoir scoile a bhí san áit agus pillfidh muid lá eile ar chuntas

a thabhairt ar an oideachas sa pharóiste. Is leor a bhfuil ráite anois againn fá Ghaoth Dobhair agus fá na hainmneacha atá ann. Cuirfidh mé deireadh anois leis an chuntas ghairid seo le tríreog chainte as an áit: *Na Trí Bheagán is Fearr ar Bith*:



Beagán uaisle i dtír,
Beagán ba ar mhórán féir,
Beagán síl ar fhairigh mhaith.

NÓTAÍ

1. Seo leagan leasaithe den léacht a thug mé ag Éigse Uladh, i nGaoth Dobhair i mí Mhárta, 1982. Gabhaim buíochas leo sin go léir a thug eolas go fial agus go fairsing dom le linn na diospóireachta a lean an léacht.
2. Tagair don léarscáil den pharóiste atá ag gabháil leis seo ag deireadh an ailt.
3. Seán Ó hEochaidh a thóg síos mórán mór na scéaltaí, na ndántaí agus na n-amhrán breá seo i rith na bliana 1938 nuair a chaith sé naoi mí san áit.
4. Ba inspéise liom rud a luaigh mo charaid Caitlín Nic Giolla Bhríde o.s., liom i ndiaidh na léachta i nGaoth Dobhair, gur minic a chuala sí comharsa léithí ag caint ar a bheith thuas ag na Dobhaireacha agus an fuaimniú Domhaireacha leis an fhocal.
5. Cuntas a thug seanchaithe Ghaoth Dobhair do Sheán Ó hEochaidh sa bhliain 1938.
6. Ó eolas áitiúil an méid seo. Amharc a bhfuil ráite ag An Dualtach ina Alt sa Scáthlán seo. Tá tagairt sa Tythe Applotment Book do Tullaghbegley West (1831) do thalamh a bheith ag muintir lár Ghaoth Dobhair ar An Tor agus i nGleann Tornáin.
7. Seo cuntas as Mí an Chladaigh. Tá cuntais an-chosúil leis ach i bhfad níos faide ar fail i Láimhscríbhinní Roinn An Bhealoidis i mBaile Atha Atha Cliath. Seán Ó hEochaidh a thóg síos na cuntais sin ó sheanchaithe na Paróiste i 1938. Gabhaim buíochas le Roinn an Bhéaloidis as cead a thabhairt na láimhscríbhinní atá ina seilbh a scrúdú.
8. Bhual sé port iomráiteach eile ag an chruinniú sin fosta: "Bhí bean ag baint duilisc is fliuchadh a léinidh,"

SCALA MILTE
0 1 2 3

TORRIG



UMPHINN
SIBHALA

LOGAINMNEACHA GHAOTH DOBHAIR

Dónall Mac Giolla Easpaig

Tá Gaoth Dobhair suite sa choirnéal thiar thuaidh de Thír Chonaill, An Fharrage Mhór ar dhá thaobh de, na Rosa agus Cloich Cheannfhaolaidh ar an dá thaobh eile. Paróiste de chuid na hEaglaise Caitlicí atá ann ón bhliain 1836. Go dtí sin ba chuid de sheanpharóiste, nó paróiste shibhialta Thulcha Beaglaigh é agus ar feadh i bhfad ba é Tulcha Beaglaigh Thiar an t-ainm oifigiúil a bhí ag an Eaglais ar an pharóiste úr. Is i mbarúntacht Chill Mhic Néanáin atá paróiste Thulcha Beaglaigh suite; mar sin de is le ceantar na *dTuath*, nó *Tír Luighdeach*, a bhaineann Gaoth Dobhair ó thaobh na staire de. Cé nár aithnigh an stát na paróistí caitliceacha go dlíthiúil mar aonaid riaracháin iontu féin ariamh comhraítear *Gweedore* mar Cheantar Íoclainne agus Ceantar Cláraitheora in eagrán 1901 den *Townland Index of Ireland*, an chéad aitheantas dlíthiúil a tugadh do ainm nó do limistéar na paróiste is cosúil. De réir na hiontrála sin sa *T.L.I.* cumhdaíonn an pharóiste corradh is 65 míle cearnógach rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann dena haonaid riaracháin is fairsingí sa tír sa lá atá inniu ann. Ceantar an-éagsúil é de thairbhe gnéithe aiceanta de: sléibhte agus gleannta thoir, machaire íseal cois farraige, líne oileán thiar á chosaint ó shíon na farraige móire. Talamh bocht caoráin atá sa chuid is mó de amach ó chrios chúng féaraigh fán chósta. D'ainneoin an drochthalamh tá Gaoth Dobhair ar na ceantracha tuaithe is dlúithe daonra in Iarthar na hEoraipe sa lá atá inniu ann. Ach is cosúil nach raibh an scéal amhlaidh fad ó shoin: sna *Hearth Money Rolls* (1665) ní luaitear ach ocht dteallach i n-Iarthar Thulcha Beaglaigh amach as tríocha is a sé don pharóiste ar fad, rud a chruthaíonn go raibh an daonra iontach beag ag an am. Bhéarfadh fianaise na seandálaíochta le tuigbheáil nach raibh mórán cónaithe sa cheantar roimhe sin ach oiread. Ach ó thús an 19ú céad ar aghaidh tháinig méadú as cuimse ar an daonra agus mar thoradh air sin rinneadh cónaí go fiú sna háiteacha is iargúlta ann, áiteacha nár leag aon duine cos iontu ariamh aroimhe sin, b'fhéidir. D'fhág na tosca seo ar fad, suíomh, dreach fhisiciúil agus go háirid stair, d'fhág siad seo ar fad a lorg ar chuid logainmneacha an cheantair agus caithfear iad a chur san áireamh nuair atá na hainmneacha sin faoi scrúdú. Mar shampla, de thairbhe an bhrú mhór daonra sa chéad seo caite agus de thairbhe ganntanas agus bochtaineacht an talaimh cuireadh ainm ar leith ar gach aon spleotán, cuibhreann, pollán, ardán, cnoc agus turtóg ón chladach amach go dtí na cnoic. Siocair go maireann an teanga inar cumadh iad, maireann na céadta de na hainmneacha sin ag na seandaoine go fóill. D'fhéadfadh na mionainmneacha seo cur lenár gcuid eolais ar shaol na ndaoine sa chéad seo caite ach iad a bheith cnuasaithe agus mionscagadh a bheith déanta

orthu. Ó tharla nach bhfuil an chnuasach sin déanta gan trácht ar an scagadh, caithfidh na mionainmneacha fanacht. San alt seo is iad na hainmneacha riaracháin, is é sin le rá ainm na paróiste agus ainmneacha na mbailte fearainn taobh istigh di, a bheas faoi chaidibil agam.

Ocht mbaile fearainn déag is fiche le cois ceithre oileán a áirítear mar bhailte fearainn atá i nGaoth Dobhair. Níl na bailte fearainn ar an mhéid chéanna; sa cheann is lú An Bun Beag, níl ach 65 acra ann, sa cheann is mó An Tor, tá os cionn 5,000 acra. Téann ainmneacha na mbailte fearainn ar fad siar roimh aimsir na chéad Suirbhéireachta ordanáis (c. 1835). Tá a mbunús marcáilte ar léarscáil McCrea (1801). Ach mar gheall ar easpa thábhacht an cheantair roimh an 19ú céad níl tagairt ach do ghlac bheag dena hainmneacha seo i gcaipéisí oifigiúla an 17ú céad, agus níl trácht ar cheann ar bith acu sa tréimhse roimhe sin. Ar ndóighe, ní hionann sin is a rá nach raibh na hainmneacha ann. Bhí, agus is féidir a chruthú go bhfuil cuid acu iontach sean. Sna leathanaigh romham dhéanfaidh mé plé ar ainm na paróiste ar tús agus ansin ar ainm gach aon bhaile fearainn i ndiaidh a chéile in ord aibítreach. Beidh mé ag iarraidh go speisialta ar theacht ar bhunús agus ar bhunbhrí gach ainm. Le sin a dhéanamh beidh mé ag brath ar dhá chineál fianaise ar an ainm, fianaise scríofa agus fianaise na cainte. Go fiú i gceantar Gaeltachta cosúil le Gaoth Dobhair thig athrú ar logainmneacha thar na céadta nó níthear dearmad ar a mbunús. Sa chás sin thig leis na leaganacha éagsúla scríofa den ainm a bhíos le fáil i gcaipéisí oifigiúla ón 17ú céad anall cuidiú linn an leagan bunaidh den ainm a dhéanamh amach.

Gaoth Dobhair: Mar a dúradh aroimhe níl paróiste Ghaoth Dobhair ach céad go leith bliain d'aois. Ach mar a tchífeas muid gan mhoill tá an t-ainm i bhfad níos sine ná sin. Tchífidh muid fosta go bhfuil cuid mhór le foghlaim, ó thaobh na logainmeolaíochta de as staidéar cuimsitheach ar an ainm, go háirid fá fhás agus fá fhorbairt logainmneacha agus fán dóigh a dtig le logainm aistriú ó áit amháin go háit eile. Mar atá a fhios ag an tsaol, chan ar an cheantar nó go fiú ar limistéar talaimh ar chor ar bith a tugadh an t-ainm an chéad lá ach ar an inbhear farraige idir an pharóiste agus Na Rosa, an áit dtabhrann siad *An Gaoth* air go dtí an lá inniu. Tá sé deacair a bheith cinnte cá huair a toisfíodh ar an ainm a thabhairt ar an cheantar. Sna foinsí roimh an 19ú céad is don ghaoth amháin a thagraíonn an t-ainm i dtólamh:

The river of Giodore
Guydore R.

Civil Survey (1654)
Léirscáil *Taylor and Skinner* (1778)

Is cosúil nach ndéantaí idirdhealú i gcaipéisí Béarla idir an ghaoth farraige agus an abhainn atá ag réachtáil isteach ann. Is é seo an gnás a leanann an tSuirbhéireacht Ordanáis go fóill ar a gcuid léarscáileanna áit a dtagraíonn *Gweedore River* don rian uisce ar fad idir Loch an Lúir agus an Fharraige Mhór. Sa chaint áfach, níthear idirdhealú i dtólamh idir an dá ghné, *Abhainn Chroithl* a bheirtear ar an abhainn, agus *An Gaoth* a bheirtear ar an inbhear a dtéann sí isteach ann. Tá an gnás seo ag teacht le córas ainmnithe áite na Gaeilge. Amharcafaidh muid anois ar an ainm é féin.

Tá an focal *gaoth* le fáil mar mhír i ndornán beag logainmneacha thart ar chósta Dhún na nGall agus Mhaigh Eo. Sa chontae seo, le cois Ghaoth

Dobhair, tá *Gaoth an Chagail* idir Machaire Gathlán agus An Luinneach, *Gaoth na Brád* idir Rinn na Feirste agus An Bhráid, *Gaoth Luachrois*, *Gaoth Beara*, *Bun an Ghaoith* in aice le Cúil Dabhcha i nInis Eoghain. I Maigh Eo tá *Gaoth Sáile* agus An *Gaoth Rua*. Níl an focal beo sa chaint anois taobh amuigh de chomhthéacs na logainmneacha ach tuigtear coitianta gur ‘inbhear farraige’ atá i gceist leis agus is cinnte gurb é sin an chiall atá leis sna logainmneacha thuas. Faightear an focal sa tSeanGhaeilge leis an chiall chéanna ach mínítear uaireanta mar ‘farraige’ nó ‘muir’ fosta é. Tá sé soiléir ó chuid de na hainmneacha thuas nach logainmneacha bunúsacha iad. Ainmneacha neamhspleácha iontu fhéin iad *An Bhráid* agus *Luachros* mar shampla. Is é an rud a tharla gur ceanglaíodh an mhír *gaoth* leis an hainmneacha seanbhunaithe seo go bhfuarthas na logainmneacha úra *Gaoth na Brád* agus *Gaoth Luachrois*. Rud coitianta é seo sna logainmneacha agus is é an rud ceannann céanna a thug dúinn an t-ainm Gaoth Dobhair. Logainm neamhspleách é *Dobhar* a thagraíonn sa lá inniu do bhaile fearainn sa pharóiste. Ach, dáлта an ainm Gaoth Dobhair é féin, chan do réimse talaimh a thagraigh an t-ainm an chéad lá ach don abhainn a dtugtar *Abhainn Chroithlí* uirthi sa lá atá inniu ann. Tá sé seo soiléir óna tagarthaí don ainm sa tseanlitríocht. Is cosúil go raibh tábhacht ar leith leis an abhainn mar chrígh idir Tír Luighdheach (b. Cill Mhic Néanáin) agus Tír Bháineach (b. Baollach agus Báineach) sna meánaoiseanna:

Cuid ag Conaill féin don roinn,
Teora fuinn críche Conaill;
O Feartais *co Dobhar ndil*
O dtá Dobhar co hEidhnigh

Leabhar Fíonacha 314

Triochoa Baghuine mbleachta,
Eolcha de lucht na ceiste;
O Eidhnigh *co Dobhar ndil*
Sileas as na garbhshléibhtibh.
Ón Dobhar díosgair céanna
Triochoa Luighdheach mhic Séadna
Gus an abhainn is glan lí
Danab ainm Súilidhi.

Leabhar Fíonacha 386

San fhoinsé chéanna nítheair tagairt do chath a troideadh ag Dobhar:

Cath Bearnais, *cath Dobhar doinn*
Cath Locha Feabhail faruill
Cath Gáirghi (?), Cath Srubha Broin
Ocus cath Airdi Eoghain.

Fíonacha 326

Tá cupla tagairt don ainm fosta ag Giolla Bríde Mac Con Midhe (13ú céad): *Baodan liath Loingseach Dobhair* (*Irish Texts* II. 8), *Domhnall ó Dhobhar* (*Irish Texts* II. 5).

Óna tagarthaí seo ar fad, thig linn a rá go raibh eolas fada fairsing ar an ainm *Dobhar* mar ainm ar abhainn measartha tábhachach sna meánaoiseanna. Ón chomhthéacs, tá sé soiléir go bhfreagraíonn an t-ainm do Abhainn Chroithlí. Bhí rian de sheanainm na habhna beo go dtí an 17ú céad déag:

Doore R. atá uirthi ar léarscáil Petty nó *Hiberniae Delinatio* (c 1683) rud a fhreagraíonn is dóiche do **Abhainn Dhobhair* sa Ghaeilge. Ach go fiú fá thús an chéid chéanna ba don bhaile fearainn a thagraigh an t-ainm Dobhar. Is iad seo leanas na príomhthagarthaí don bhaile fearainn sna caipéisí oifigiúla: *Dorreythragh, Dorry Meghtragh. Sur. Ult.* (1608); *Doore Civil Survey* (1654); *Doare, Down Survey; Upper Doer, Lower Doer, Hearth Money Rolls* (1665). *Doore Léirscáil McCrea* (1801).

De réir na fianaise sna foinsí seo is cosúil gur chumdaigh an t-ainm Dobhar ceantar níos fairsingí sa 17ú céad déag ná mar a chumdaíonn an baile fearainn sa lá atá inniu ann. Níl trácht ar bith sna foinsí ar an dá bhaile fearainn eile sa taobh sin den pharóiste mar atá *Croithlí* agus *Cnoc an Stollaire* rud a bhéarfadh le tuigbheáil gur chumdaigh Dobhar an ceantar ar fad idir Abhainn Chroithlí agus An Chláididh. Mar sin de ba é Dobhar an t-ainm a bhí ar an talamh a bhí ag síneadh le hAbhainn Dhobhair sa 17ú céad. Is dóiche gur tuigeadh gur ó ainm an bhaile fearainn a baisteadh an abhainn mar a tharlaíonn go mion minic agus nach ón abhainn a baisteadh an baile fearainn mar a tharla sa chás seo. Ach fán 19ú céad chan é baile fearainn Dobhar ach baile fearainn Croithlí a bhí ag síneadh leis an abhainn. Mar sin de, ní raibh ciall ar bith níos mó a bheith ag tabhairt *Abhainn Dhobhair* ar an abhainn agus de réir a chéile toisíodh ar Abhainn Chroithlí a thabhairt uirthi. Ach cad é an bunús atá leis an ainm seo *Dobhar* a tugadh an chéad lá mar ainm ar abhainn agus a mhaireann go fóill mar ainm ar bhaile fearainn agus sa dara cuid den ainm Gaoth Dobhair?

Is féidir a rá ar fhianaise na logainmeolaíochta go mbaineann ainmneacha na bpríomhaibhneacha leis an ghrúpa logainmneacha is sine sa tír. Tá dhá rud le tabhairt fá dear fá dtaobh dena hainmneacha seo. An chéad rud, bíonn siad iontach simplí ó thaobh struchtúir de; ní bhíonn san ainm ach focal amháin: *Sionainn, Bearú, Feabhail*. An dara rud, is gnách go mbíonn an focal sin doiléir ó thaobh brí de sa lá atá inniu ann, mar atá sna samplaí a thug mé. Thig leis an fhocal sin a bheith ó bhunús ina (a) ainmfhocal: *Daol, Siúir*, nó (b) Aidiacht: *Fionn, Dubh, Odhar*. Sa lá atá inniu cuirtear an t-alt (An) roimh ainm abhna i gcónaí m.sh. An Bhóinn, An Fheabhail, An tSúilligh, Abhainn na Finne. Ach is gnás é seo nach dtáinig isteach go dtí an 11ú céad. Sa tSeanlitríocht ní bhíonn an t-alt le fáil le hainm abhna ariamh agus nuair a bhíonn ainm abhna le fáil mar an dara cuid de sheanainm eile ní bhíonn an t-alt (An) roimhe ach oiread: *An tSúilligh, Abhainn na Finne, An Daoil* ach *Gleann Súill, Gleann Fhinne, Gleann Daoile*. Is leis an ghrúpa ainmneacha aibhneacha seo a bhaineann an t-ainm Dobhar. Tá sé simplí i struchtúr, doiléir i gcéill agus ní chuirtear an t-alt leis sa chaint. An cheist atá le réiteach anois a dhéanamh amach cé acu aidiacht nó ainmfhocal a bhí san ainm ar tús agus cad é an chiall atá leis.

Níl an focal *dobhar* beo i gcanúint ar bith de chuid na Gaeilge sa lá atá inniu ann. Ach faigheann muid *dobhar* mar dhá fhocal ar leith le dhá

chiall ar leith sa tSeanGhaeilge, ceann acu, mar a tharlaíonn, ina aidiacht agus ceann eile ina ainmfhocal. Amharcafaidh mé ar an aidiacht ar tús. ‘Dorcha’ an míniú a bheirtear sa tseanlitríocht ar an aidiacht *dobhar*. Is suimiúil an rud é go mbíonn sé le fáil go minic sa litríocht le hainmfhocal a thagraíonn do *uisce*: *dobharlinn* ‘linn dorcha’, *dobharuisce* ‘uisce dorcha’ *dobharcheo* ‘ceo dorcha’. Is maith a d’fhóirfeadh an chiall ‘dorcha’ do Abhainn Chroithlí a mbíonn dath donn, dorcha ar a cuid uisce i dtólamh, rud a thug an file fá dear san am a chuaigh thart agus é ag cur síos ar ‘*cath Dobhar doinn*’. Mar ainm abhna d’fhreagróidh an aidiacht *dobhar* dona hainmneacha i rannóg (b) thuas, is é sin le rá ainmneacha ar aidiachtaí iad go bunúsach. Tagraíonn an aidiacht don tréith is suntasaí a bhaineann leis an abhainn agus tagraíonn cuid mhaith de na hainmneacha sa rannóg seo do dhath an uisce: *Dearg* (Abhainn na Deirge) *Odhar* (An Uidhir i bPort Láirge) *Dubh* (i Sligeach).

‘Uisce’ an míniú a bheirtear ar an ainmfhocal *dobhar* sa tSeanGhaeilge. Freagraíonn an focal seo go díreach do *dwfr* sa Bhreatnais, an gnáthfhocal ar uisce sa teanga sin. Caithfidh sé go ndeachaigh an focal i léig go luath sa Ghaeilge nó go fiú fá aimsir na SeanGhaeilge is i ngluaiseanna nó i ‘bhfoclóirí’ chóir a bheith amháin a fhaightear é’:

*dobhar enim coitchend bérlae iter
Goidheilc agus Chombreic .1. uisce
unde dicitur doborchú*

Sanas Cormaic

*‘bior’, ‘an’, is ‘dobhar’ trí hanmann
Uisce an domhain*

Metrical Glossary

Mar a bheirtear le fios sa chéad ghluais thuas is é an focal seo atá sa chéad chuid den fhocal *dobharchú* ‘madadh uisce’. Tá sé le tuigbheáil as an dara gluais gur cineál ar leith uisce atá i gceist leis an fhocal. De réir na sanasaíochta, is cosúil go bhfuil dlúthbhaint idir an t-ainmfhocal seo agus an aidiacht *dobhar* a ndearnadh trácht uirthi thuas. Má tá, is dóiche gur ‘uisce dorcha’ a bhí i gceist leis an fhocal an chéad lá, ciall a d’fhóirfeadh do ainm na habhna mar a chonaic muid aroimhe. Tá sé suimiúil gur do uisce dorcha a thagraíonn an t-aon sampla den fhocal atá le fáil taobh amuigh dena gluaiseanna:

ná déna snámh dobhuir duibh

Tá dhá mhíniú ar an ainm *Dobhar* mar sin ceann amháin chomh hionchosanta ó thaobh na logainmeolaíochta de leis an cheann eile. Ach bheadh claonadh agam féin glacadh leis an dara míniú, is é sin gur *dobhar* ‘uisce’ atá i gceist san ainm. Tá cupla cúis agam leis. Ar feadh m’eoilais níl an focal *dobhar*, cá bith ciall atá leis, le fáil ach i logainm amháin eile i nÉirinn, is é sin san ainm *Bun Dobhráin*. Ainm abhna eile, *Dobhrán* a bhí sa dara cuid den logainm seo. Ach thig an bhunfoirm den fhocal *dobhar* isteach go minic i logainmneacha de bhunús Ceilteach sa Bhreatain agus ar an Mhór-Roinn m.sh. *Dover* i Sasain agus *Tauber* abhainn de chuid na Gearmáine. Is féidir a rá le cinnteacht gurb í an chiall ‘uisce’ atá i gceist sna logainmneacha udaí. Ach tá tacaíocht do mo bharúil le fáil níos deise do bhaile mar atá san ainm *Gaoth Beara*. Is féidir an t-ainm *Gaoth Beara*

a mhíniú ar an dóigh chéanna is a míníodh an t-ainm Gaoth Dobhair, is é sin, gur ceanglaíodh an mhír *gaoth* le bunainm na habhna le trácht ar an inbhear.

Cé go bhfuil claonadh anois ann *Abhainn Ghaoth Beara* a thabhairt ar an abhainn seo is é *Abhainn Bheara* an t-ainm a bhíodh ag na seandaoine uirthi. Tá sí ag teacht as loch a dtugtar *Loch Beara* uirthi. Tá go leor fianaise ann mar sin lena rá gur ainm tánaisteach é *Abhainn Bheara* agus gurb é *Bior* (gin. *Beara*) an t-ainm bunaidh. Níl an t-ainm *Bior* le fáil go neamhspleách sa cheantar anois ach tá sé le fáil sa tseanlitríocht mar ainm ar abhainn eile ceann a dtugtar *Blackstaff* (Co. Lú) uirthi sa Bhéarla sa lá atá inniu ann. Mar a chonaic muid thuas mínítear *bior* taobh le taobh le *dobhar* sa tseanlitríocht mar chineál uisce. Ach, oiread leis an fhocal eile, níor mhair an focal *bior* leis an chiall 'uisce' sa Ghaeilge ach amháin mar chuid den fhocal *biolar* (S. Gh. *biorar*) a thagraíonn d'ainm planda a fhásann san uisce. Ó tharla go gciallaíonn an sean-ainm *Bior* 'uisce' thig linn bheith níos cinntí gurb é 'uisce' agus nach é 'dorcha', bunbhrí an ainm Dobhar. Ar scor ar bith, is féidir a rá go mbaineann Dobhar agus Bior araon leis na logainmneacha is sine sa tír seo, logainmneacha atá chomh sean leis an Ghaeilge í féin.

Mar a dúradh aroimhe, chan do abhainn a thagraíonn an t-ainm Dobhar anois. Rud coitianta é go mbogann logainm ón ghné dár tugadh é ar tús go dtí gné eile. Tá sampla maith den phróiseas seo againn san ainm *Sligeach*. Ba ar an abhainn a baisteadh an t-ainm Sligeach ar tús. Ach de réir a chéile tugadh an t-ainm ar an talamh cois na habhna; tugadh ainm úr *An Gharbhóg* ar an abhainn. Chaithfeadh bunchiall an ainm Dobhar a bheith caillte sula bhféadfaí é a aistriú go dtí an talamh. Cha dtabharfaí focal a chiallaigh 'uisce' mar ainm ar ghiota talaimh! De réir na dtagarthaí ar fad don ainm sna foinsí éagsúla is cosúil gur am inteacht idir an 13ú céad agus deireadh an 16ú céad a haistríodh an t-ainm. B'fhéidir gur ar an cheantar a bhí Giolla Bríde Mac Con Midhe ag trácht sna tagarthaí a tugadh aroimhe. Is mó an seans gur don abhainn agus nach don bhaile a thagraíonn an dara cuid den ainm Gaoth Dobhair, is é sin le rá gur cumadh an t-ainm Gaoth Dobhair am inteacht roimh an 13ú ar an laghad. Dálta mar a bogadh an t-ainm Dobhar ón abhainn dár thagraigh sé ar tús, bogadh an t-ainm *Gaoth Dobhair* ón inbhear nó ón gaoth dár thagraigh sé go dtí an ceantar iomlán. Ar an fhianaise is cosúil gur am ineacht idir deireadh an 17ú céad agus tús an 19ú céad a tharla sé seo. Cad chuige ar tugadh an logainm seo thar logainm ar bith eile mar ainm ar an cheantar? Anuas go dtí lár an chéid seo caite bhí tábhacht ar leith ag baint leis An Ghaoth. Sular tógadh droichead ar Abhainn Chroithlí bhí an bealach mór idir Dún Fionnachaidh agus Na Cealla Beaga ag reachtáil síos go dtí an Gaoth. B'éigean do lucht taistil tuirlingt ansin agus siúl anonn ar an fhearsaid trasna an Ghaoith go Rinn na Feirste. Mar sin de is cinnte go mbíodh eolas maith ag lucht taistil ar Gaoth Dobhair sé sin *An Gaoth*, mar áit thábhachach agus, uaireanta, mar áit chontúirteach ar an bhealach idir an dá bhaile mhór. Tá sé sin soiléir ón mhéad a scríobh James McParlan sa bhliain 1801:

"As the mountain region commences at Killybegs, and accompanies the ocean all round those parts of the county, it would be


nearly endless to enumerate all the rivers, that have indented their traces on its face; most of those indentures are dry in fair weather, but in times of rain and floods are not only full but overflowed. The largest of those are *Guidowre and Guibarrow* and are, of all the rest, the most remarkable for annoying those who have the good fortune of travelling this region” *James McParlan Statistical Survey of the County of Donegal (1802)*

Is gnáth go n-ainmítear ceantar mór as an ghné is tábhachtaí sa cheantar sin, sliabh, abhainn, caisleán, dún nó cill. Ba é An Gaoth an rud ba thábhachtaí is cosúil sa taobh seo tíre go dtí tús an 19ú céad agus is cinnte gur chuidigh cliú na háite le leathnú an ainm. Ach níor tharla an leathnú sin thar oíche. De réir McParlan thuas is cosúil gur don abhainn agus don Gaoth amháin a thagraigh an t-ainm sa bhliain 1801. Go fiú sa *Parliamentary Gazeteer* don bhliain 1844 is do *‘rivulet, a bay and a wretched fishing village’* a thagraíonn sé. Ach bhí dhá rud i ndiaidh titim amach idir an dá linn, dhá rud a bhí leis an ainm a chur go mór chun cinn. Mar a dúradh ag an tús, sa bhliain 1836 chruthaigh An Eaglais dhá pharóiste neamhspleácha as seanpharóiste Thulcha Beaglaigh; Tulcha Beaglaigh Thoir agus Tulcha Beaglaigh Thiar. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, thoisigh Lord George Hill ag ceannacht gabháiltais bheaga talaimh sa cheantar go dtí go raibh os cionn leath na paróiste úire ina sheilbh aige fán bhliain 1850. The Gweedore Estate nó The Gweedore Properties a thug sé ar na tailte seo agus sa bhliain 1845 d’fhoilsigh sé paimfléad *Facts from Gweedore* ag cur síos ar na ‘leasúcháin’ a bhí curtha i gcrích aige ar an eastát s’aige. Bhí na leasúcháin chéanna le go leor calláin a tharraingt sna blianta a bhí le theacht sa dóigh is go raibh an t-ainm *Gweedore* i mbéal an phobail sa chuid is mó den dara leath den 19ú céad. Níor chumhdaigh eastát Hill limistéar na paróiste ar fad ar ndóigh ach siocair go raibh sagart na paróiste, An Sagart ‘Ac Pháidín, gaibhte chomh mór sin leis an chlampar bhí an t-ainm á thabhairt i ndiaidh tamaill ar an pharóiste iomlán. Sa deireadh ghlac an Eaglais le Gaoth Dobhair mar ainm oifigiúil. Is dóiche gurb é An Cumann Lúthchleas Gael is mó a chuidigh le cur chun cinn agus le buaná an ainm sa chéad seo.

BAILTE FEARAINN:

1. **Áit an tSeantí:** Níl mórán amhrais fán ainm seo. Téann *áit* agus *teach* le chéile go minic sna logainmneacha m.sh. *Áit Tí Flainn* i Luimneach, *Áit Tí Robhartaigh* i nGaillimh agus *Áit Tí an Dá Thaidhg* (?) i nGartán. Ar feadh m’eolas níl rian ar bith den tseanteach le feiceáil anois. Tá *Áit an tSeantí* eile thíos i Machaire Gathláin.
2. Is ionann **Alltán** agus *allt*. ‘gleann’ an chiall atá le *hallt*, atá le fáil measartha minic i logainmneacha an cheantair seo. Is é an t-allt idir An Earagail agus An Eachla atá i gceist san ainm, áit a bhfuil Loch Alltáin. Tá tagairt don loch sa **Civil Survey (1654):** ‘River of Balliness hath a salmond fishery therein rising out of Lough Altan’. Ní chuirtear an t-alt *an* leis an ainm. Ba cheart an focal *allt* agus an t-ainm *Alltán* a scríobh le dhá /.

GAOTH DOBHAIR



3. **An tArd Donn:** ‘Cnoc beag’ nó ‘ardán’ atá i gceist leis an mhír *ard* i logainmneacha an cheantair. Cnoc beag maol ar bhuach Loch atá san Ard Donn é féin. Arduns a bhíonn sa Bhéarla i gcónaí air. Bíonn Na hArd Donna le cluinstitín corruair sa Ghaeilge ach níl sa leagan seo ach aithris ar an Bhéarla. Tá an rud céanna le rá fá leagan Sheáin Uí Dhonnabháin in Ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis, *Ard Dúna* ‘high forts’. An tArd Donn, (bealach) an Aird Doinn an rud is coitianta sa chaint.
4. **Ard na gCeapairí:** ‘Hill of the buttercakes’ an míniú a bheir Seán Ó Donnabháin ar an ainm seo, rud atá ag teacht le seanchas na háite: ‘nuair a bhíodh siad ag buachailleacht thíos fán chladach i bhfad ó shoin ba ghnách leofa theacht le chéile ar an ard sin lena gcuid ceapairí a ithe’. Thíos ag tóin an bhaile fearainn idir Machaire Chlochair agus Machaire Gathláin atá an t-ard.
5. **Bun an Leaca:** Is é an leagan Béarla an rud is suimiúla fá dtaobh den ainm seo. *Brinlack* a scríobhtar i dtólamh agus tá sé suimiúil an dóigh a mbítear ag iarraidh an chéad chuid *brin* a mhíniú mar Ghaeilge. Ach tá an leagan Béarla seo bunaithe ar earráid chló ar chairt farraige MacKenzie 1776, an chéad thagairt don áit atá againn. De réir cosúlachta, is é an rud a tharla gur léadh *u* ar phláta capair mar *-ri-*bun os cionn rud a bheadh iontach furast a dhéanamh. Ar scor ar bith lean an tSuirbhéireacht Ordanáis agus Oifig an Phoist an earráid agus tá sé buanaithe sa Bhéarla ó shoin. Ach is é *Bun-leaca* an leagan Gaeilge a bhí ag Seán Ó Donnabháin agus is é *Bun a Leaca* a bhíos sa chaint i dtólamh. Tá fianaise láidir againn mar sin gurb é *Bun an Leaca* an rud ceart. ‘Taobh cnoic’ an chiall atá le *leaca* agus tá sé firinsneach anseo mar a bhíonn go minic i dTír Chonaill. Mar shampla, tá *Loch an Leaca* ann, idir Míin Chorrbaic agus Loch Achair. Is ionann é agus *leacain* atá measartha coitianta i logainmneacha ar fud na tíre.
6. **An Bun Beag:** Bun na hAbhna a bheirtear ar an cheantar thart ar bhun abhainn na Cláideadh agus is é sin an *bun* atá i gceist san ainm. Bhí dhá bhun ann is cosúil, ceann beag agus ceann mór. *Bun Ghaoth Dobhair* a bhí ar an cheann mhór is cosúil, idir Inis Sionnaigh agus An Pointe, an áit a dtéadh An Gaoth i bhfarraige sular bhris an An Caineál amach idir Inis Sionnaigh agus an tír. Maireann an t-ainm sa logainm *Oileán Bhun Ghaoth Dobhair*. Níl ach 65 acra i mbaile fearainn an Bhuna Bhig agus tá sé ar an cheann is lú sa pharóiste. An áit a dtabhrann siad *An Bun Beag* air sa lá atá inniu ann, is é sin thart ar an Chroisbhealach, is i mbaile fearainn Mhachaire Chlochair atá sé sin. Sampla eile de leathnú logainm.
7. **An Charraig:** Luaitear mar *Carrig* é i Suirbhé Chúiige Uladh (1608). Tá an mhír *carrig* iontach coitianta i logainmneacha na tíre, mar shampla, *Carrig an tSeascainn* i mbaile fearainn Machaire Gathláin. Níl deacracht ar bith leis an ó thaobh céille de.
8. **Cnoc na Stollaire:** Tá cupla ciall leis an fhocal stollaire sa chaint: ‘duine mór, go háirid, cailín mór gan mórán maith’ an míniú is coitianta. Ach is é ‘gallán cloiche’ nó an rud a dtugann lucht



seandálaíochta 'standing stone' air sa Bhéarla, an chiall atá le stollaire san ainm seo. Tá an gallán seo le feiceáil ina sheasamh go fóill ar bharr an chnoic bhig óna bhfuair an baile fearainn a ainm. *An Stollaire* a bheirtear ar an ghallán seo go fóill agus go dtí ar na mallaibh ba ghnách le muintir na háite é a ní le haol gach aon bhliain.

9. **Cnoc Fola:** Luaitear *Knockfalla* i liosta Sléibhte de chuid na contae den bhliain 1613 (*Calendar Patent Rolls James I 257*) Tuigtear gurb í an ghinideach den fhocal *fuil* atá sa dara cuid den ainm agus de réir an tseanchais is í fuil Bhalair a maraíodh ar an chnoc atá i gceist. Tá an nóta seo a leanas ag Seán Ó Donnabháin san ainmleabhar: "Cnoc Fola 'hill of the blood'. Here the celebrated Balor was slain if tradition be a true chroniclar". Aistriúchán Béarla ar Chnoc Fola atá san ainm Béarla Bloody Foreland. Is ar chairt MacKenzie (1776) a fuair mé an chéad thagairt don ainm seo ach thiocfadh leis a bheith níos sine ná sin. Ní thagraíonn an dá ainm don ghné chéanna. Is don rinn tíre agus fíorchorruair don chnoc a thagraíonn an t-ainm *Bloody Foreland* ach is don chnoc amháin a thagraíonn Cnoc Fola. *Rinn Aird Dealbha* atá ar an rinn i nGaeilge. Tá sé suimiúil gur *Runardallacht Pt. or Bloody Farland* atá ag MacKenzie ar an rinn agus Cruick Falla Hill atá aige ar an chnoc.
10. **An Chorrmhín: Cor mhín** 'a smooth round hill' an míniú a thug Seán Ó Donnabháin ar an ainm seo ach ní raibh an ceart aige sa chás seo. Ar an chéad shiolla den ainm a bhíonn an t-aiceann i dtólamh sa chaint rud a bheir le fios gur cheart é a scríobh mar aon fhocal amháin. Comhfhocal den aidiacht *corr* agus an t-ainmfhocal *mín* atá san ainm. Tá *mín* iontach coitianta sa taobh seo tíre agus pléitear thíos é. Is iomaí ciall atá leis an aidiacht *corr* agus bheadh sé deacair a rá céacu ceann ab fhoirstíní anseo, 'éagóthrom' b'fhéidir.
11. **Croithlí:** Is dóiche nach bhfuil mórán ainmneacha eile sa chontae a mbíonn an oiread céanna easaontais fá dtaobh de ná an t-ainm seo. Is é *Croithlí* an leagan oifigiúil Gaeilge ar an ainm ó ritheadh *Acht na Logainmneacha* sa bhliain 1974 ach d'ainneoin sin níl glacadh coitianta leis an leagan sin go fóill. Is iomaí míniú a bheirtear ar an ainm: *Cró Laogh*, *Cró Oiligh*, agus *Croichshlighe* nó *Croichshlí*. Níl an chéad dá leagan ag teacht le fuaimniú an ainm nó is ar an chéad shiolla a bhíos an t-aiceann i dtólamh agus bíonn análu nó *h* le cluinstitín leis an / ann fosta. Is é *Croichshlí* nó *Croichshlighe* is minicí a bhíos le feiceáil anois. Is é Seosamh Laoide a mhol an *Croichshlighe* mar leagan Gaeilge don chéad uair (*Post-Seanchas* 1905). Ó tharla go raibh tacaíocht oifig an phoist taobh thiar den leagan scríofa seo ar feadh trí scór bliain tá sé furast go leor a thuigbheáil cad chuige a bhfuil sé chomh daingean dobhogtha mar atá anois.
- Maítear fosta go léiríonn an seanleagan scríofa seo ciall an ainm rud nach ndéanann an leagan úr Croithlí. (Leoga, bíonn an chosúlacht ann amantaí go mbeadh daoine sásta troid ar son an 'tseanainm' in éadan an ruagaire reatha eile). Glactar leis an leagan *Croichshlighe* mar chomhfhocal den dá fhocal *croch* agus *slighe* agus mínítear é mar 'an tslí nó an bealach crochta'. Fóireann an míniú seo go cruinn,

deirtear, don dóigh a bhfuil an bealach mór fríd an tsráidbhaile 'crochta' ar thaobh an chnoic. Tá cúpla pointe in éadan an mhínithe seo áfach. Ó thaobh na staire de, tá fianaise againn ón chéad eagrán den léarscáil 6'' (uimhir 41) de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis nach raibh bealach ar bith, mór nó beag, ag dul fríd an bhaile sa bhliain 1836 cé go bhfuil tagairt don ainm le fáil ar léarscáil McCrea a foilsíodh sa bhliain 1801. Tá deacracht fán mhíniú seo 'bealach crochta' ó thaobh na logainmeolaíochta de. Tá an comhfhocal ar na structúir logainmneacha is sine dá bhfuil ann. Níl logainmneacha comhfhoclacha fairsing agus tá líon na míreanna a bhíos le fáil iontu teoranta. Ó tharla gur iasacht ón Laidin é an focal *croch* ní bheadh sé sean go leor le bheith ina mhír in ainmneacha den chineál. Rud eile, níl ceachtar den dá leagan *Crochshlí* nó *Croichshlighe* ag freagairt do fhuaim an ainm sa Ghaeilge; tá an leagan Béarla Crolly níos deise don fhuaim ná iad. Tá an fhianaise ar fad mar sin i gcoinne an leagain *Croichshlighe*. Fágann sé sin an leagan *Croithlí*.

Tá an leagan oifigiúil *Croithlí* bunaithe, is cosúil, ar an leagan Gaeilge *Craithlidh*, áit a míníonn Seán Ó Donnabháin é mar 'quagmire'. D'fhéadfaimis glacadh le leagan Uí Dhonnabháin mar thuiséal tabharthach calcaithe de ainmfhocal den dara díochlaonadh le foirceann *-(e)ach*. Is minic *-idh* in áit *-igh* ag Ó Donnabháin. Tá neart samplaí de logainmneacha den chineál seo le *-ach* againn:

Toraigh (SeanGhaeilge *Torach*), muintir *Thorai*; *Corcaigh* (SeanGhaeilge *Corcach*), muintir *Chorcaí*. Mar mhalairt ar '*each*' is minic a fhaigheann muid *-(le)ach*, mar shamplaí, *Corclach* (Co. Chill Chainnigh), *Ceatharlach*, *Breaclach* a bhfuil cuid mhaith samplaí de sa tír, ceann acu ina mhionainm i mbaile fearainn *Chroithlí* é féin. Baineann na logainmneacha seo le *-ach* le haicme atá measartha sean. Tá brí aidiachta leis an *ach* sa mhéad is go gcuireann sé in iúl go bhfuil an rud dá dtagraíonn an chéad chuid den ainm le fáil san áit. Mar shampla, ciallaíonn an t-ainm *Creagach* go bhfuil *creaga* le fáil san áit dá dtagraíonn an t-ainm sin. Mar an gcéanna ciallaíonn an t-ainm *Bogach* gur talamh bog atá san áit.

Tá glac bheag ainmneacha ann a bhfuil an mhír *crith* — *crath* — *croith* — nó *craith* — le fáil iontu agus is cosúil go bhfuil na hainmneacha seo ar fad ag cur síos ar an talamh, is é sin 'talamh bog domasach' nó scraith loinge atá i gceist: *Crathaigh* sna Rosa, *Croithleán* i Maigh Eo, agus *Crithligh* i dTír Eoghain.

Glacaimse leis fosta gur leagan den mhír chéanna atá san ainm *Croithlí*. D'fhéadfaí a rá nach bhfóireann an chiall 'talamh crathach' don chineál talaimh atá i g*Croithlí*. Ach caithfear cuimhneamh, go bhfuil an baile fearainn ag síneadh ó Loch Caol síos chomh fada leis an Ghaoth chóir a bheith agus go gcumdaíonn sé os cionn ceithre mhíle acra. Bheadh sé deacair a rá cad é an chuid den bhaile sin dár thagair an t-ainm an chéad lá. Ach is cinnte go bhfóirfeadh an t-ainm go maith don ghiota talaimh idir an bealach mór agus An Gaoth. Mar sin de, tá an leagan oifigiúil *Croithlí* ag fóirstean go maith don áit ó thaobh céille de. Mar leagan litrithe níl sé gan locht. Sa chéad áit, b'fhearr *-igh* an tabharthaigh in áit *-f* an ghinidigh. Sa dara háit, cé nach mbíonn

duifir ar bith sa chaint itir *-aith-* agus *-oith-* mar shampla sna focail *maith* agus *scoith*, bíonn duifir eatarthu nuair a leanann *-i-* iad; bíonn fuaim *a* gairid le *aith* ach fuaim *-i-* gairid a bhíonn le *-oith-*, mar shampla sna focail *aithleas* agus *roithleán*. Os rud é gurb í an fhuaim *a* gairid atá leis an ainm sa chaint b'fhearr é scríobh mar *Craithligh* mar a bhí i gceist ag Seán Ó Donnabháin. Ach ó tharla gurb é *Croithlí* a leagan oifigiúil anois agus go léiríonn sé ciall chruinn an ainm agus ó tharla go mbeadh acht eile do chuid na Dála a dhiobháil lena athrú, tá sé chomh maith glacadh leis mar leagan scríofa.

12. **Cró na gCúigeadh:** Ainm eile nach bhfuil mórán daoine ar aon fhocal fá dtaobh de! Is é *Cró na gCúigeadh* an leagan atá ag Ó Donnabháin agus míníonn sé mar 'the glen of the Quiggs' é. Ach foghraítear an t-ainm de ghnáth anois mar bheadh *crann* sa chéad chuid. Mínítear an t-ainm go háitiúil mar 'cró' nó 'crann na gcúig fhia' ach níl an míniú seo ag freagairt don fhoghraíocht nó is ar an mhír *-gcúig-* a bhíonn an béim san ainm i dtólamh. Mar sin de, is aon fhocal amháin atá sa chuid deireannach de. Cuireadh míniú eile ar an ainm chun tosaigh ar na mallaibh ar an chlár raidió *Logainmníocht*. De réir na tuairime seo sé *Crannóg Úige* an leagan ceart. 'Dún nó daingean tógtha ar loch' an chiall atá le crannóg agus tá sé le fáil measartha coitianta leis an chiall sin sna logainmneacha. Ach is é mo bharúil nach mbeadh *crannóg* le fáil in áit chom scoite is a bhí an áit seo sa tseanam. Bheirtear 'bun abhna' mar mhíniú amháin ar an fhocal *uige* i bhfoclóir Uí Dhuinnín agus b'fhéidir go bhféadfaí an focal a chosaint ó thaobh céille de sa logainm seo dá mba rud é go raibh sé ag freagairt don fhoghraíocht. Ach níl, nó is é an fhuaim *u* fada a bhíos le cluinstitín sa chuid deiridh den logainm seo i gcónaí. Caithfidh muid an leagan *Crannóg Úige* a chur as an áireamh mar sin. Fágann sé sin leagan Uí Dhonnabháin. Freagraíonn *Cró na gCúigeadh* níos fearr don chaint ná an leagan eile sa mhéad is go bhfuil sé ionchosanta de réir rialacha foghraíochta Ghaeilge Thír Chonaill. Sa chanúint seo níthear guta gairid as guta atá fada ó thaobh na staire de i siollaí neamhaiceanta. Mar shampla, san fhocal *scadán* cé go scríobhtar *-á-* sa tsiolla deireannach is *a* gairid a deirtear. Chomh maith leis sin, tá claonadh i nGaoth Dobhair *-ó-* a fhoghrú mar *-a-* gairid. Mar shampla, foghraítear an focal *faochóg*, mar *faochag* in áit *faochog* go minic. Is é an rud ceanann céanna a tharla sa logainm *Cró na gCúigeadh* is a tharla i bhfocail aonaracha macasamhail, *faochóg*. Tá an focal *cró* neamhaiceanta sa logainm seo. Rinneadh *a* gairid as an *-ó-* fada; deirtear *n-* an ailt mar bheadh *n* dúbailte ann. Thug na hathruithe seo ar fad an fhuaim *crann a-* dúinn.

Is minic a athraítear logainmneacha sa chaint mar seo agus nuair nach mbíonn tuilleadh fianaise againn, mar shampla, leaganacha scríofa ar a laghad ón chéad seo caite, bíonn sé doiligh a bheith iomlán cinnte fá bhunús an ainm. Mar shampla, scríobhtar an logainm *Rinn na Feirste* de ghnáth mar *Rann na Feirste* nó is é sin an rud a deirtear i gcónaí. Ach tá a fhios againn ó leaganacha scríofa mar *Rinifarset* gurb é *rinn* an rud ceart. Thig linn an scéal a mhíniú go simplí de réir rialacha na teanga: San ainm *Rinn na Feirste* níthear *-nn-* leathan as

-*nn*- caol roimh *n*- an ailt; ní bhíonn duifir ar bith idir *r*- caol agus *r*-leathan ag tús focail; ó tharla go bhfuil an chéad shiolla den ainm neamhaiceanta ní bheidh duifir idir an dá ghuta, *i* nó *a* sa chaint. Táchionn muid mar sin go dtig linn cuid mhór dena hathruithe seo i logainmneacha a mhíniú de réir rialacha na teanga. Tiocfaidh muid ar ais chuig Cró na gCúigeadh. Tá an mhír *cró* iontach coitianta i logainmneacha sa taobh seo tíre, mar shampla, tá *Cró Bheithe* sna Rosa agus *Cró Nimhe* agus *Cró na hUladh* i nGaioth Dobhair. ‘Gleann atá druidte ar thrí thaobh’ atá i gceist leis, ciall atá ag fóirstin go maith don áit seo Cró na gCúigeadh. Is é mo bharúil gurb é an focal *Cúigeadh* atá sa dara cuid. Roinnt talaimh atá i gceist le *cúigeadh*, dar liom. Tá na ranna *leath*, *trian*, *ceathrú*, *seisiú* iontach coitianta i logainmneacha agus cé nach bhfuil sé chomh fairsing leis na cinn eile tá samplaí de *cúigeadh* ann fosta; mar shampla, *An Cúigeadh* i Co. Thír Eoghain. Thig linn mar sin, an leagan Cró na gCúigeadh a chosaint ó thaobh teanga agus ó thaobh céille.

13. **Dobhar:** Fuair an baile fearainn seo a ainm ón abhainn a dtugtar Abhainn Chroithlí uirthi sa lá atá inniu ann. Tá mionphlé déanta ar bhunús an ainm faoi *Ghaioth Dobhair* thuas. Tá baile fearainn an lae inniu roinnte i dtrí chuid: *Dobhar Uachtair*, *Dobhar Láir* agus *Dobhar Íochtair*.

14. **Doirí Beaga:** An t-íolra den fhocal *doire* atá san ainm seo. Tá *doire* ar na míreanna logainmneacha is coitianta i dtuaisceart agus i n-iarthar na tíre. ‘Coill darach’ an bhunchiall atá leis an fhocal. Ní chuirtear an t-alt roimh an ainm seo ariamh sa ghnáthchaint; *Doirí Beaga*, *Halla Dhoirí Beaga* agus i *nDoirí Beaga* a deirtear i dtólamh. Ach tá an t-alt ag sleamhnú isteach san ainm le tamall anuas fá thionchar Raidió na Gaeltachta.

15. **Dún Lúiche:** Áirítear *Dún Lúiche* mar dhá bhaile fearainn ar leith *Dunlewy Far(a)*, *Dunlewy Near(b)*. Cumhdaíonn ar bheirt acu 5,500 acra. Ar feadh m’eoilais níl a dhath ag seasamh do *Far* agus *Near* an Bhéarla sa Ghaeilge. Is iad seo leanas na tagarthaí is luaithe don ainm:

Dunlwy	<i>Civil Survey</i> (1654)
Downeley	<i>Census</i> (1659)
Dunluey	Hearth Money Rolls (1665)
Dún Lúighdhe ‘Lewy’s fort’	Seán Ó Donnabháin

Áit chónaithe de chuid na dtuath, go háirid áit mhiontaoisigh a bhí sa *dún*, an chéad chuid den ainm seo. Baineann bunús na logainmneacha a bhfuil *dún* mar mhír iontu le tréimhse na luath-chríostaíochta (c 500-1100). Níl rian ar bith de dhún le feiceáil sa bhaile fearainn anois. Ach tá seanláthair eaglasta ann agus thiocfadh leis gur taobh léi a bhí an dún.

Malairt leagain den ainm pearsanta *Lughaidh* atá sa dara cuid den logainm. De réir an tseanchais is ó *Lugh* nó *Lughaidh Lámhfhada* a bhí i ndeabhaidh le Balor a hainmníodh an dún. Mhothaigh Ó Donnabháin an míniú céanna san aois seo caite. I nóta beag san ainmleabhar scríobh sé ‘said to be from Looee Laughaudee’. Thiocfadh leis an mhíniú seo a bheith ceart nó is minic a hainmnítí

áiteacha as pearsain sa mhíotaseolaíocht agus tá baint mhór ag an cheantar seo le Lugh agus Balar agus leis an Ghlas Gaibhleann. Bhaist Ceiltigh Na Mór-Rinne go leor dá gcuid dúnta as Lugh sa logainm *Lugudunum* a bhfuil iarsmaí de le fáil ar fud na Fraince agus na Beilge sa lá atá inniu ann, mar shampla, *Lyon* sa Fhrainc agus *Leyden* sa Bheilg. Bhainfeadh *Dún Lúiche* leis an tréimhse réamhchríostaíochta dá mba rud gurb é Lugh Lámhfhada a bhí i gceist sa dara cuid de. Ach títhear dom fhéin go dtiocfadh le míniú eile a bheith leis an logainm seo.

Cinéal nó *Tír Luighdheach* a bhí ar an cheantar idir an tSúiligh agus An Dobhar mar a chonaic muid aroimhe:

'On Dobhar díosgair céanna
Triocho Luighdheach mhic Shéadna
 Gus an abhainn is glan lí
 Danab comhainm Súilidhi

Fíon 396

Is cosúil ón véarsa thuas gur ó Lughaidh mac Séadna mhic Fhearghusa mhic Chonaill Ghulban a hainmníodh *Tír Luighdheach*. Ó tharla gur i dTír Luighdheach atá *Dún Lúiche* is é mo bharúil go bhféadfadh sé gur ó Lughaidh mac Séadna a hainmníodh an dún fosta. Níl trácht ar bith ar Lughaidh taobh amuigh dena ginealaigh. Ach de réir *Annála Uladh* cailleadh deartháir le Lughaidh, Ainmhíre mac Séadna a d'fhág a ainm ar Tír Ainmhíreach, an sean-ainm a bhí ar Bhaollach, cailleadh eisean sa bhliain 569. Is féidir glacadh leis gur mhair Lughaidh thart fán am céanna le hAinmhíre. Mar sin de, má ghlacann muid leis gurb ón Lughaidh seo a ainmníodh *Dún Lúiche* thig linn dáta measartha cruinn a chur ar an logainm, is é sin c 550-575 AD.

16. **An Ghlaiseach:** 'Seascann' nó 'sraith loinge' an chiall atá le *glaiseach* de réir na bhfoclóirí agus d'fhóirfeadh sé go maith don áit. Ba le Toraiagh *An Ghlaiseach* go dtí tús an 17ú céad is cosúil: '*Gloshagh ½ qr being Collumkillie's land lying in Tulloghobegly parish now in tenure of O Rohertie*' *Cal. Pat. Rolls* 382 (1609).
17. **Glaisear Chú:** Is é seo an leagan Gaeilge is fearr a moladh go dtí seo. Tá sé de bhuntáiste aige go bhfreagraíonn sé go cruinn do fhuaim an ainm rud nach dtig a rá fán litriú eile atá ag teacht chun cinn le blianta beaga anuas, *Glais Dhobharchú*. Is cosúil go bhfuil mionainm sa bhaile fearainn seo a dtugtar *Cloch an Dobharchú* air agus deirtear gurb é an dobharchú céanna atá i gceist sa dá ainm. Ach níl an leagan *Glais Dhobharchú* ag teacht leis an fhuaimniú chor ar bith. Is ar an mhír *Chú* den logainm a bhíonn an béim i dtólamh sa chaint ach is ar *dobhar* a bhíonn sé san ainmfhocal dobharchú. Níl sé furast a rá cad é an bunús atá leis an logainm seo. Is é *Glashaghoo* gan *r*, an leagan Béarla a bhí ag an tSuirbhéireacht ordanáis ar tús ach is é *Glais air chúmhaidh* a mhothaigh Seán Ó Donnabháin ó fhear de bhunadh na háite, Donnchadh Mac Suibhne, a mhínigh é mar 'stream of the grief'. Cé nach bhfuil mórán céille leis an mhíniú seo, freagraíonn sé go maith do fhuaim an lae inniu agus taispeáineann sé go soiléir nár

shamhail muintir na háite san aois seo caite go raibh aon bhaint ag an logainm seo leis an dobharchú. De bharr easpa fianaise ní féidir a bheith cinnte fá bhunleagan nó fá chiall an ainm seo. Thiocthadh leis gur truailliú é ar rud ineacht cosúil le **Glaise an Chú*, **Glaiseach Chú* nó go fiú **Glaiseach Aodha*.

18. **Gleann Tornáin:** *Glentornane* Hearth Money Rolls (1665) *Gleann Tornain* 'Tornan's or Dornan's Valley' Seán Ó Donnabháin.

Ghlac Seán Ó Donnabháin leis gur ainm duine a bhí sa dara cuid den ainm seo agus de réir an tseanchais is deisceabal de chuid Cholmille an Tornán nó Torannán atá i gceist. Níl trácht ar bith ag Máнас Ó Domhnaill ar Tornán. Luaitear *Torann* amháin i bhfeilirí na naomh. Bhí sé ina abb i mBeannchor (Meitheamh 12) ach ní thig é a cheangailt le Colm Cille. Tá an t-ainm pearsanta *Tornán* le fáil i seanfhoinsí. Ach is é mo bharúil nach ainm duine atá sa dara cuid den logainm seo chor ar bith ach ainm abhna, an ceann a dtugtar *Abhainn Ghleann Tornáin* uirthi sa lá atá inniu ann. Is minic a fhaigheann muid ainm abhna ceangailte le gleann, mar shampla, *Gleann Súill* agus *Gleann Fhinne*. Uaireanta ní mhaireann bunainm na habhna anois ach amháin mar an dara cuid do logainm a bhfuil *Gleann* mar chéad cuid de. Mar shampla, Culdaff River a bheirtear anois ar an abhainn atá ag reachtáil fríd *Gleann Daoile* (Gleneely) i nInis Eoghain. Tá a fhios againn ón tSeanlitríocht gurb é *An Daol* bunainm na habhna seo. Ach ní mhaireann an t-ainm *Daol* ach sa dara cuid den ainm *Gleann Daoile*. *Mar an gcéanna, is é mo bharúil gurb é An Tornán* an t-ainm a bhí ar *Abhainn Ghleann Tornáin* an chéad lá. Bheadh gaol ag an ainm seo leis an ainmfhocal *torann* a chiallaíonn 'tormán' nó 'callán'. Díol suime é go bhfaigheann muid *torann* agus *callán* araon mar ainmneacha ar dhá abhainn is iad sin, *An Callann* in Ard Mhacha agus An Torann (Torrent) i dTír Eoghain.

Dálta an ainm Dobhar, bhainfeadh an t-ainm *Tornán* leis an ghrúpa is sine logainmneacha sa tír. D'fhóirfeadh *An Tornán*, is é an abhainn torannach, callánach, go maith mar ainm ar an abhainn seo.

19. **An Luinneach** Limagh (leg. Linnagh) *Sur. Ult* (1608); *Lenagh Civil Survey* (1654); Luinneach 'abounding in blades' Seán Ó Donnabháin.

De réir cosúlachta, shíl Ó Donnabháin go raibh baint ag an ainm seo le *lann* miníú a mhothaigh mé fhéin ag daoine eile. Ach is é mo bharúil gur mó an seans gurb é an focal *loingeach* atá anseo, focal a mhínítear i bhFoclóir Uí Dhónaill mar 'quaqmire'. Tá claonadh sa chaint *-ing-* a rá mar *-inn-* rud a mhíneodh foghrú an ainm; mar shampla, deirtear *dinneadh* in áit *dingeadh*, *fairsinn* in áit *fairsing*. Thig an focal seo *loingeach* ón fhocal *long* a chiallaíonn 'slugaire' nó 'poll slogtha'. Tá an focal *long* le fáil sa chaint sa dara cuid de *sraith loinge*.

20. **Machaire Chlochair:**

Maghery enclogher

Sur. Ult. (1608)

Maghery Clogher

Civil Survey (1654)

Machaire Chlochair 'plain of the stones' Seán Ó Donnabháin

Is é *Machaire Chlochair* a scríobhtar anois agus b'fhearr cloí leis an litriú sin cé go dtabhrann an chéad thagairt thuas agus an séimhiú ar an dara focal le fios go bhfuil alt báite sa lár, is é sin le rá gurb é **Machaire an Chlochair* an t-ainm bunúsach. Tá *machaire* coitianta i gcuid logainmneacha Thír Chonaill; tá sé le fáil i dtír ainm eile sa pharóiste seo, is iad sin, *Machaire Gathlán*, *Machaire Loiscthe* agus *Na Machaireacha* agus i *Machaire an Tearmainn* sna Rosa. 'talamh íseal cothrom' an chiall atá leis an fhocal. Tá an chuid is mó dena machairí le fáil thíos cois na farraige. 'Áit chlochach' atá i gceist le *clochar* agus níl baint ar bith ag an ainm le *conbhint*. Dálta machaire, tá *clochar* coitianta sna logainmneacha fosta, mar shampla, tá *An Clochar Mór* againn i nDobhar agus *Clochar Mhic Neachtain*, nó *Clochar an tSneachta*, ag barr Chois Cláidí.

21. Machaire Gathlán:

Maghery ogallan Sur Ult (1608) Magherigallen *Civil Survey*
Mackherigallen *Down Survey* (1660)

Magherna Gallon, Magherygallon *Suirbhéireacht Ordanáis*
(1830)

Machaire Gallain 'Gallan's plain' Seán Ó Donnabháin.

Freagraíonn an leagan scríofa thuas do ghnáthfhuaimniú an ainm ach níor míníodh an dara cuid go sásúil go dtí seo. Is cinnte nach bhfuil 'Gallan's plain' Uí Dhonnabháin ceart; bíonn analú nó *h* le cluinstit roimh an / i gcónaí rud a bheir le fios gur *-thl-* nó *-chl-* a bhí sa bhunainm cé nach léirítear i gceann ar bith dena tagarthaí é. An míniú coitianta atá ar fáil sa chaint go bhfuil baint ag *gathlán* leis an fhocal *scáthlán*. 'Teach nó bothóg ar ghnách an t-Aifreann a léamh ann aimsir na géarleanúna' an míniú atá ar *scáthlán* agus deirtear go raibh ceann thíos sa tseanreilig san áit a bhfuil fothracha an tseanteach phobail inniu. Ach níl an míniú seo ag teacht leis an fhianaise. Sa chéad dhul síos, níl rian ar bith de *s-* le feiceáil sna tagarthaí agus *a* gairid atá san ainm agus *a* fada atá san fhocal *scáthlan*. An dara rud, bhí an logainm ann i bhfad roimh aon ghéarleanúint chreidimh. Caithfear míniú eile a lorg mar sin. Tá cupla rud le rá fá dtaobh den ainm ar tús. An chéad rud, ní bhíonn séimhiú ar an *g*, mar sin de níl an t-alt *an* ceilte san ainm mar atá san ainm Machaire Chlochair. Níl focal ar bith cosúil le *gathlán* le fáil sna foclóirí ar scor ar bith agus ní dhéarfainn gur ainm duine nó logainm é ach oiread. Is é mo bharúil náir thoisigh an dara cuid den ainm seo le *g* an chéad lá ach le *c* uraithe agus go bhfuil cá bith rud ba chiontaí leis an urú báite anois. Bheir an leagan is sine den ainm thuas, *Maghery ogallan* le fios gurb é an focal *ó* atá i gceist, is é sin an ginideach iolra den *ó* a fhaightear i sloinnte. Is é an ginideach uatha a fhaigheann muid de ghnáth i logainmneacha mar shampla, *Machaire Uí Robhartaigh*, *Mín Uí Bhaoill*. Na sloinnte *Ó Robhartaigh* agus *Ó Baoill* atá i gceist sna hainmneacha seo. Ach i nglac bheag logainmneacha is é an ginideach iolra den *ó* a fhaigheann muid. Leanann urú an *ó* seo i dtólamh. Tá dornán beag samplaí den phatrún seo logainmneacha sa chontae seo: *Cill Ó dTomrair* (Killodonnell) agus *Cill Ó mBaird* (Killymard). Is le


míreanna eaglasta cosúil le *cill* agus *mainistir* is mó a fhaigheann muid an patrún agus meastar go mbaineann búnus na n-ainmneacha den chineál seo leis an tréimhse roimh an 13ú céad. Tá sé deacair logainmneacha mar seo a mhíniú go beacht. I gcás an ainm *Cill Ó dTomhrair*, d'fhéadfadh sé gurb é an t-íolra den slontheadh *Ó Tomhrair* nó *Ó Tomhnair* (Toner) atá i gceist, is é sin, thiocthadh linn an t-ainm a mhíniú mar

* *Cill Mhuintir Tomhrair*. Ach thiocthadh leis fosta nach bhfuil aon bhaint ag an áit leis an dream a bhfuil an sloinneadh *Ó Tomhrair* orthu ach gur sliocht duine a raibh an t-ainm Tomhrar air atá i gceist. Mar shampla, níl an sloinneadh **Ó Baird* ann agus ní thig linn a rá an í Clann mhic an Bhaird atá i gceist sa logainm *Cill Ó mBaird*. Ar scor ar bith, is é mo bharúil gur logainm den chineál seo le *ó* atá againn i *Machaire Gathlán* agus gurb é an t-ainm pearsanta *Cathalán* a bhí ann go bunúsach; is é sin le rá gurb é **Machaire Ó gCathaláin* an bunleagan den logainm. Cailleadh an *ó* sa chaint sa dóigh chéanna is a cailleadh an *uí* san ainm *Machaire Uí Robhartaigh* agus cailleadh an *a* idir *th* agus *l*. Ach oiread leis na hainmneacha eile le *ó* ní thig linn a rá go cinnte cad é brí atá leis an ainm, nó céacu an é an sloinneadh *Ó Cathaláin* nó sliocht duine darbh *Cathalán* atá i gceist. Níl fianaise ar bith ann lena rá go raibh muintir Chathaláin ariamh sa cheantar seo. Ach ar an láimh eile bhainfeadh logainm den phatrún *Machaire Ó gCathaláin* le tréimhse roimh an 13ú céad is é sin ar a laghad ceithre chéad bliain roimh an chéad thagairt don ainm. Tá rud amháin in éadan na teoirice thuas, is é sin gur 'n' leathan a fhuaimnítear sa chaint sa dara cuid den ainm. Bheadh duine ag súil le 'n' caol. Ach tá go leor samplaí de 'n' leathan agus 'n' caol ag malartú le chéile sa ghinideach in ainmneacha a chríochnaíonn ar '-án', m.sh. Dún Garbhán — Dún Garbháin i bPort Láirge. Mar a dúirt mé aroimhe, an chuid is mó dena logainmneacha le *ó* is ainmneacha eaglasta iad, macasamhail *Cill Ó dTomhrair* thuas, nó *Mainistir Ó dTorna* (Abbeydorney) i gCiaraí. Cé nach gnáthmhír eaglasta é *machaire* is minic a thagraíonn sé do thalamh eaglasta i dTír Chonaill. Talamh eaglasta a bhí i Machaire an Tearmainn sna Rosa agus i Machaire Chlochair araon. Ar ndóighe ba i Machaire Gathlán a bhí seanteach an phobail nó an teampall. Bhí cúram an talaimh eaglasta thart ar an teampall ar airchinneach agus is minic a ainmnítí an teampall nó an talamh a bhain leis ón airchinneach. B'iad muintir Robhartaigh a bhí ina n-airchinnigh ar thalamh eaglasta Thulcha Beaglaioigh agus sin an fáth ar tugadh Machaire Uí Robhartaigh ar an áit. Mar an gcéanna, is é mo bharúil gurb é ainm nó sloinneadh airchinnigh thalamh eaglasta Mhachaire Gathlán atá sa dara cuid den ainm sin. Níl go leor de na fothracha ann anois le haois a chur ar an tseanteampall ach measann lucht sandálaíochta go mbaineann sé leis an tréimhse c. 1200-1500. Ó tharla gur le tréimhse roimh c. 1250 a bhaineann an logainm caithfidh sé go raibh an teampall ann roimh dheireadh na tréimhse sin.

22. **Mín an Chladaigh:** Tá *mín* ar na míreanna is coitianta i gcuid logainmneacha Thír Chonaill agus tá sé pléite agam go mion in áit

eile (*Donegal Annual* 1984 Uimh. 36). Thig an mhír seo isteach i seacht n-ainm baile fearainn sa pharóiste agus níl a fhios cá mhéad mionainmneacha, mar shampla, *Mín Uí Bhaoill* agus *Mín an Fhía* i gCroithlí agus *An Mhín Leathan* ar an Tor. ‘Talamh féarach ar sliabh’ an gnáthmhíniú a thugtar ar an fhocal agus is amuigh sna cnoic atá bunús na n-ainmneacha seo le fáil. Eisceacht é *Mín an Chladaigh* mar a bheir an t-ainm é féin le fios dúinn. Ainm simplí go leor atá ann agus ní thig linn mórán eile a rá fá dtaobh de.

23. **Mín an Iolair:** Ainm eile atá furast a thuigbheáil. Caithfidh sé go mbíodh an t-iolar le feiceáil nó b’fhéidir ag déanamh nead anseo i bhfad ó shoin.
24. **Mín Chorrbaic:** Mí Cormhaic ‘Cormacks misk or field’ an míniú a bheir Seán Ó Donnabháin ar an ainm seo ach ní thioctadh leis a bheith ceart; *Cormac*, agus chan é Cormhac, an t-ainm pearsanta. Mí chor an bhoic, is é sin le rá ‘an áit ar chor nó ar chas an boc’ an míniú is coitianta a mhothaigh mé féin ag muintir na háite. Ach níl an míniú seo ag teacht leis an fhoghraíocht. Is é mo bharúil gurb é an litriú *Mín Chorrbaic* is fear a fhreagraíonn do fhuaim agus do chiall an logainm seo. Glacaim leis gur seanlogainm atá sa dara cuid den ainm. San alt ar thrácht mé air thuas thug mé fianaise ó fhoinsí scríofa de chuid an 17ú céad go gceanglaí an mhír *mín* go minic le logainm bunaithe. I gcásanna áirithe ghreamaigh an *mhín* go bhfuarthas logainm úr, i gcásanna eile níor ghreamaigh sé. Mar shampla, faigheann muid tagarthaí sna foinsí scríofa do *Mhín Loch an Iúir* agus do *Mhín Seascann an Róin*. Níor mhair an *mhín* sna hainmneacha seo ach mhair sé i gcinn eile macasamhail *Mín Leic na Leabhar*. Ba é *Leic* nó *Leac na Leabhar* an t-ainm bunaidh sa chás seo. Is é an rud ceannann céanna a thit amach i gcás an logainm *Mín Chorrbaic* dar liom. Ceanglaíodh an mhír leis an tseanlogainm *Corrbac*. Comhfhocal den aidiacht *corr* agus an t-ainmfhocal *bac* áta san tseanainm. Casadh *corr* orainn aroimhe sa logainm *An Chorrmhín*. Tá an focal *bac* beo sa chaint go fóill sa nathán ‘bac a chur ar dhuine’ agus san abairtín ‘poll an bhaic’. Thig sé isteach sna logainmneacha fosta. Tá *An Bac* le fáil mar ainm ar pharóiste i gCo. Mhaigh Eo agus mar ainm ar bhaile fearainn i gCo. na Gaillimhe. Níl shílím gur taisme é ach oiread go bhfuil an mhír seo *bac* le fáil sa logainm *Bun an Bhaic*, an t-ainm atá ar bhaile fearainn trasna Abhainn an Toir ó Mhín Chorrbaic. ‘Coradh in abhainn’ an chiall atá leis an fhocal sna logainmneacha agus is cinnte go bhféireann an chiall sin sa dá logainm seo. Tá coradh suntasach in Abhainn an Toir idir bun bhaile fearainn Mí Chorrbaic agus baile fearainn Bun an Bhaic díreach sula dtéann an abhainn isteach i Loch an Iúir. Is é mo bharúil gur don choradh seo a thagraíonn an mhír *bac* sa dá logainm, *Bun an Bhaic* agus *Mín Chorrbaic*.
25. **Mín Doire Dhamh:** Is féidir an logainm seo a mhíniú sa dóigh chéanna is a míniú Mí Chorrbaic thuas. Is é sin gur ceanglaíodh *mín* leis an tseanainm, *Doire Dhamh* sa chás seo, go bhfuair muid logainm úr *Mín Doire Dhamh*. ‘Beathach eallaigh fireann’ an bhunchiall atá



leis an fhocal *damh*. Ach i logainmneacha is minic a thagraíonn an focal do ghné aiceanta a bhfuil cosúlacht an daimh air, mar shampla, sa mhionainm *An Damh Beag* in Inis Oirthir. Ach san ainm seo is é an t-ainmhí é féin atá i gceist. Is minic a fhaightear ainmhí leis an mhír doire mar shampla, *Mín Doire Thoirc* sna Rosa. Bhéarfar fá dear nach bhfuil an t-alt *an* san ainm seo rud a léiríonn gur ainm measartha sean é, mar atá an chuid is mó dena hainmneacha a bhfaigheann muid *doire* iontu. Casadh an mhír seo orainn aroimhe san ainm Doirí Beaga. Foghraítear *Mín Doire*- san ainm seo mar aon fhocal amháin, is é sin, *míodar*.

26. **Mín na Cuinge:** ‘Sruthán nó caolas uisce idir dhá loch’ an chiall atá le cuing agus is ón chuing idir dhá Loch na Cuinge a hainmníodh an mhín seo. Níl trácht ar an bhaile fearainn roimh an tSuirbhéireacht Ordanáis ach tá tagairt don loch mar *Loughnecong* sa Civil Survey (1654). Níl *An Chuing* í fhéin ann níos mó ó hardaíodh leibheál an uisce sa loch nuair a tógadh an staisiún ginte leictreachais ar Abhainn na Cláideadh agus go ndearnadh loch amháin as dhá Loch na Cuinge.
27. **Mín na gCopóg:** Tá an t-ainm seo furast go leor a thuigbheáil agus níl mórán le rá fá dtaobh de ach go gcaithfidh sé go raibh copóga fairsing ann.
28. **(a) Muine Beag, (b) Muine Mór**
 ‘Scairt’ nó ‘mothar’, nó ‘thicket’ an Bhéarla, an míniú a bheirtear ar an fhocal seo sna foclóirí nó is é sin an míniú atá ag Ó Donnabháin fosta ar an ainm seo: *Muine Mór* ‘great brake or shrubbert’. Ach in áiteacha eile deir Ó Donnabháin gurb é ‘cnoc’ nó ‘droim’ an chiall is coitianta atá leis an fhocal seo sa Tuaisceart. Is cinnte gurb í sin an chiall atá leis an fhocal san ainm *Muineachán* mar shampla. Tá sé deacair a rá cé acu brí atá leis an fhocal san ainm seo ach is é mo bharúil gur fearr a d’fhóirfeadh an chiall ‘droim’ ná an chiall eile. Tá an dá bhaile fearainn seo díreach ag bun na hEargaile agus tá ‘droim talaimh’ ag reachtáil fríothu. B’fhéidir gur don droim sin a thagraíonn an t-ainm *Muine* ach mar a dúirt mé ní thig linn bheith cinnte.
29. **Muine Dubh:** Níl an t-ainm seo i ngnáth úsáid mórán; *An Machaire Loiscthe* an t-ainm coitianta a bheirtear ar an bhaile fearainn anois. *Meenaduff* an leagan Béarla atá ar an logainm seo rud a chuir Ó Donnabháin ar seachrán nó shíl sé gur *mín* a bhí sa chéad chuid den ainm: *Mine dubh* ‘Black misk or green field’ atá aige san ainmleabhar. Ach is *muine* atá sa chaint agus *Minnyduff* atá ar léarscáil McCrea, rud a fheagraíonn níos fearr do *mhuine* ná do *mhín*. Talamh íseal nó lagán atá sa Mhuine Dhubh agus sllim go bhfóirfeadh an chiall ‘thicket’ don ainm ná an chiall ‘droim’.
30. **An Seascann Beag:** Tá an focal *seascann* iontach coitianta sna logainmneacha sa taobh seo tíre. Tá *Carraig an tSeascainn* i mbaile fearainn Mhachaire Gathláin agus áit a dtabhrann siad *An Seascann Mór* air sa bhaile fearainn seo. Tá an focal beo sa chaint ‘Bogach’ nó ‘talamh bog domasach’ an chiall atá leis.

31. **Sloitheán:** Sluigheán 'a swallow hole' an míniú a bheir Seán Ó Donnabháin ar an ainm seo agus ní i bhfad ar seachrán a bhí sé chor ar bith. Leagan de *loitheán* poll uisce, nó slodán nó lodán' atá i Sloitheán.
32. **Srath Caonach:** Focal eile atá iontach fairsing sna logainmneacha é *srath*, go háirid i gCúige Uladh. Tá sé le fáil fosta in Albain. 'páirc cois abhna' a bhíos measartha fliuch go minic an chiall atá le *srath* agus sin go díreach an chiall atá leis i gcuid logainmneacha an cheantair seo, mar shampla, *Srath an Arbha* ar thaobh Loch an luir agus *Na Srathanna* ar thaobh Abhainn Chroithlí. Thig *srath* isteach in ainmneacha cheithre bhaile fearainn sa pharóiste. Tá na bailte fearainn seo suite sa cheantar chéanna, is é sin cois Abhainn Chró na hUladh. Tá ciall an ainm *Srath Caonach* soiléir go leor; caithfidh sé go raibh an caonach ag fás go fairsing ann. Is cosúil go bhfuil *caonach* ag feidhmiú mar aidiacht san ainm. Tá sé suimiúil nach gcuirtear an t-alt *an* roimh an ainm seo.
33. **Srath Mairtín:** Stramackilmartin an leagan oifigiúil Béarla atá ar an áit seo agus is é Srath Mhic Gilla Martan (sic) an leagan Gaeilge atá ag Ó Donnabháin. Má bhí duine ar bith de chlainn Mhic Giolla Mhairtín san áit fad ó shoin tá dearmad déanta air anois nó is é an leagan gairid *Srath Mairtín* a bhíos sa chaint i dtólamh.
34. **Srath na Brúí:** Srath na brughaidh 'holm of the farm' atá ag Ó Donnabháin ach is firinscne atá an focal *brughach*. Chonaic mé an t-ainm scríofa mar *Srath na Bruaí* ach arís ní bhíonn an focal *bruach* baininscne i gcanúint ar bith de chuid na Gaeilge. Níl le rá faoin ainm ach nach bhfuil muid ábalta ar é a mhíniú ag an pointe seo de thairbhe easpa fianaise.
35. **Srath na Corcrach:** Cinéal caonaigh nó crotal a mbaintí feidhm as i ndathú éadaigh atá i gceist leis an fhocal *corcair* (gin. corcrach) san ainm seo. 'holm of the red cloth' an míniú a bheir Ó Donnabháin air.
36. **An Tor:** Tá *An Tor* ar an bhaile fearainn is mó sa pharóiste. Talamh ard sléibhe is mó atá ann. Tá an focal *tor* iontach coitianta i logainmneacha thart ar chósta an Tuaiscirt ar fad. Is do stacán ard cloiche san fharráige a thagraíonn an focal *tor* de ghnáth agus is é sin go díreach an rud atá i gceist i macasamhla, *An Tor Glas* agus *Tor Uí Arragáin*, dhá stacán san fharráige thart ar Ghabhla. Castar an focal orainn fosta san ainm Toraigh ar ndóighe. Is cosúil go dtig leis an fhocal tagairt do chnoc chomh maith. Mar a dúradh thuas, talamh ard chóir a bheith ar fad atá i mbaile fearainn An Toir agus tá neart cnoc ann. Ach is dóiche gurb é an cnoc a dtugtar *Cnoc an Toir* air go fóill an ceann dá thagraíonn an t-ainm.

OILEÁIN:

- (a) **Gabhla:** Goolagh Sur. Ult (1608), Inishgolagh Cal. Pat. Rolls 265 (1614), Galla Civil Survey (1654).
Gola Léar. McCrea (1801). Gobhla 'forks' Seán Ó Donnabháin

In chóir a bheith gach aon ainm oileáin faigheann muid ceann den dá mhír *inis* nó *oileán* ann a chuireann in iúl gur do oileán a thagraíonn an t-ainm. Ach tá dornán beag ainmneacha ar oileáin ann nach mbíonn ceachtar den dá mhír sin iontu. Ní bhíonn san ainm ach focal lom amháin de ghnáth, gan alt roimhe, nó aidiacht nó ainmfhocal eile ina dhiaidh. Baineann ainmneacha na bpríomhoileán thart ar an chósta leis an aicme seo: *Árainn* (2), *Reachrainn* (3), *Toraigh*, *Acaill*, *Cléire*. Tá na hainmneacha seo i bhfad níos sine ná na cinn a mbíonn *inis* nó *oileán* iontu. Ach caithfidh muid a bheith cúramach nuair a bhíonn muid ag iarraidh ainmneacha na n-oileán a aicmiú mar seo. Tá fianaise ann a bheir le fios go raibh *inis* le fáil i gcuid dena hainmneacha nach bhfuil sé iontu anois. Tóg mar shampla, *Uaigh*, ainm ar oileán, idir Gabhla agus Árainn. Thig linn a rá ó fhoinsí scríofa an 17ú céad gurb é *Inis Uaighe* an t-ainm iomlán agus, mar sin de, nach mbaineann ainm an oileáin seo leis an aicme chéanna is a bhaineann Toraigh agus Árainn. Ní thig linn a bheith iomlán cinnte fá cé acu aicme a bhaineann Gabhla. Thiocfadh leis gur ginideach uatha den fhocal *gabhal* agus gurbh é **Inis Gabhla* an t-ainm bunúsach mar a bhéadh le tuigbheáil ón dara tagairt thuas. Ach is é mo bharúil má bhí an mhír *inis* ceangailte leis an ainm seo an chéad lá ariamh go mbeadh sé le feiceáil sa chéad thagairt thuas fosta. Measaim gur leis an tseanaicme a bhaineann an t-ainm *Gabhla*. Tá *Gabhla* le fáil mar logainm in áiteacha eile sa tír ag tagairt do ghné aiceanta ar an talamh agus tá sé cinnte nach ginideach calcaithe den fhocal *gabhal* atá ann sa chás sin. Glacann Ó Donnabháin mar iolra é ach ní shlíim go bhfuil sé sin ceart ach oiread. Tá sé deacair a rá cad é an chiall bheacht atá leis an ainm ach is cinnte go bhfuil baint aige leis an fhocal gabhal ‘forc’. Is é mo bharúil féin gur brí aidiachta atá leis an *-a* deireannach san ainm. Bíonn an brí seo leis an fhoirceann *-a* i gcuid mhaith dena seanainmneacha.

Ciallaíonn an t-ainm *Gabhla* rud ineacht mar ‘an áit a bhfuil *gabhal*’ má tá an ceart agam. Cad é an gabhal atá i gceist san ainm Gabhla? Tá cúl an oileáin mar bheadh gabhal ann cinnte. Ach chaithfeadh duine a bheith ag amharc anuas ar an oileán, ón spéir nó ar léarscáil, leis an gabhal sin a fheiceáil i gceart rud nach mbeadh in acfainn na ndaoine a bhaist an t-ainm ar an oileán an chéad lá. Is é mo bharúil gur ag breathnú ar an oileán ón tír mór a bhí an té a rinne an baisteadh. Má amharcann duine amach ó na Machaireacha tífidh sé dhá chnoc ard ar an oileán agus talamh íseal eatarthu. Is é seo, dar liom, an gabhal atá i gceist san ainm Gabhla.

- (b) **Inis Meáin:** Inishmaine Civil Survey (1654)
Inis Meádhoín ‘middle Island’

Seán Ó Donnabháin

Níl deacracht ar bith leis an ainm seo; ‘an t-oileán láir’ an míniú atá leis; tá sé sa lár idir Gabhla agus Inis Oirthir. Mar a dúirt mé thuas, bíonn ceann de dhá mhír le fáil in ainm oileáin de ghnáth, *inis* nó *oileán*. Is é *oileán* an gnáthfhocal ar ‘oileán’ agus níl an focal *inis* beo sa chaint anois. Tá *inis* níos sine ná *oileán* mar mhír i logainmneacha. Meastar

nár toisíodh ar fheidhm a bhaint as *oileán* go dtí deireadh thréimhse na MeánGhaeilge, is é sin thart fán 12ú céad. Thart ar an am chéanna a chuaigh inis i léig mar mhír logainm is dóiche. Mar sin de, tá an hainmneacha a bhfuil *inis* le fáil iontu measartha sean rud a mhíneodh cad chuige nach bhfaigheann muid an t-alt iontu.

(c) **Inis Oirthir:**

'An t-oileán thoir' an chiall atá leis an ainm seo. Is suimiúil an rud é go bhfaigheann muid na hainmneacha *Inis Meáin* agus *Inis Oirthir* (*Inis Oírr* anois) fosta ar bheirt d'Oileáin Árann na Gaillimhe.

(d) **Inis Sionnaigh:** Inishenny Sur Ult (1608)

Inis Sionnaigh 'Island of the fox'

Seán Ó Donnabháin.

Is cinnte go bhfuil an ceart ag Ó Donnabháin nuair a deir sé gurb é 'oileán an tsionnaigh nó oileán an mhadaidh rua' an míniú atá ar an ainm seo. Mar a dúirt mé aroimhe, siocair go mbaineann na hainmneacha le inis le tréimhse luath na logainmneacha ní bhíonn an t-alt roimh ainmfhocal ina dhiaidh; is macasamhail *Inis Fhaoigh* agus chan **Inis an Fhraoigh* fhaigheann muid. Tá ar a laghad cupla oileán sa tír a bhfuil Inis Sionnaigh orthu fosta, ceann acu san Rosa. Ní bhíonn an focal *sionnach* le cluinstitín mórán sa chaint ach tá sé coitianta i logainmneacha sa cheantar, mar shampla, *Léim an tSionnaigh* agus *Ruball Sionnaigh*, dhá áit ar Abhainn Chroithlí.



PÁDRAIG Ó DOMHNAILL

(Aer: An Saighdiúir Tréigthe.)

Bhí fuinneamh in Pádraig Ó Domhnaill
Leis an éachta a rinne sé ina lá,
D'fhág a cliseadh sa dlíseacht do chairde
A mhuintir a shíormholadh 's a chrá.

Thug an Dálach a sheal in sna Státaí
I measc Fianna a bhí grámhar dar dtír,
A chur gríosadh sna tréanfhir in Éirinn
's gan íslíú do Shasain le bríb.

I mBaile Cliath 'n sa chaisleán bhí fáras
Nuair a bhí Sasain i réim in gach aird,
Fá'n chreachadh, 'sa stialladh 's ag fiafraí
Ar an loisceadh a rinneadh sa pháirc.

Thug Séamas Ó Carey mór eolas
Nuair a shéan sé a chomrádaí féin,
Ar son bríb agus feall ar na tréanfhir
Agus fáras i ríocht i gcéin.

Thóg Carey a sheoltaí i Sasain
's níor samhlu do námhaid a chomhair,
Ach faoi choim in sa chabán bhí 'an Dálach
Leis an fhealltóir a chaitheamh sa tóir.

Tugadh Pádraig Ó Domhnaill go Londain
Gan trócaire le breithiúnas a fháil,
Agus tugadh do coróin na croiche
As an fhealltóir a dhaoradh chun báis.

Tá cuimhne go fóill ort a Phádraig
Ins gach ríocht ar fud an domhain mhóir,
Is tá do chuimhne mar leacht i nGleann Hualach
Ag do chairde i bpobal Ghaoth Dobhair.

Conall Ó Domhnaill.

**COMÓRTAS AMHRÁIN I gCUIMHNE AR
PHÁDRAIG MHÍCHEÁIL AIRT (UÍ DHÓNAILL)
1883 - 1983**

Nuair a bhí comóradh á dhéanamh ar Phadaí Mhicheáil Airt céad bliain díreach i ndiaidh é James Carey a scaoileadh ar bord loinge amach ó chósta Natal san Afraic theas i mí Iúil, 1883, shocraigh Cumann Seanchais agus Staire Ghaoth Dobhair gur bhíú comórtas amháin a reáchtáil ina onóir fosta. Bhí amhráin fá dtaobh dó i mBéarla againn ach dheomhan ceann a bhí i nGaeilge againn. Bhí dhá chomórtas ann—comórtas do amhrán nuachumtha idir fhonn agus fhocla agus comórtas eile do fhocla nuachumtha a rachadh le seanfhonn a bhí ann cheana féin. Tá an dá amhrán a bhain na duaiseanna le fáil ar na leathanaigh a leanann an réamhrá seo.

Tá amhrán agus fonn eile á chur i gcló anseo fosta againn ar mholadh ón mholtóir a bhí ar an chomórtas. Ní bhfuair an t-amhrán deiridh seo duais ar bith ach bhí an méid seo le rá ag an mholtóir fá dtaobh dó: 'Gidh nach dtig liom an duais a mholadh ar son an amhráin seo molaim é mar amhrán, agus measaim go mb'fhiú é a chur i gcló, más féidir'. Tá súil againn go mbainfidh sibh uilig taitneamh as na hamhráin agus go ndéanfar iad a fhoghlaim agus a cheol lenar tharlaigh amach ó chósta Natal san Afraic Theas ar an 29ú Iúil, 1883 a chur i gcuimhne na nglúnta atá romhainn.





Máire Mhic Niallais, Rúnaí an Choiste Seanchais, ag amharc ar Mhuiris ag bronnadh an chéad duais i gComórtas B ar Chonall Ó Domhnaill, Baile Chonaill, An Fálcarraich.

COMÓRTAS B:

Comórtas d'Amhrán Gaeilge ina gcuirfear focail le sean fhonn Gaelach atá ann cheana féin.

DUAIS £150.

COMÓRTAS A:

Comórtas d'Amhrán Gaeilge nua-chumtha idir cheol agus focail ar an mhodh Gaelach.

DUAIS £200.

← **Muiris Ó Fearraigh, Cisteoir an Choiste Seanchais, ag bronnadh an chéad duais i gComórtaas A ar Shéamas Mac Giolla Bhríde, Buncrannaigh.**

Caoineadh 'n Dálaigh

Le saoirse rithme

Nach tru...aighe mis' a cha...irde croí an...seo liom féin mo léan mo luí, Grian
 fhuar an gheimhridh a' caitheamh scáth, ar bhalla mo chille's mé 'nois faoí chrá, Tá
 mise smaoineamh go luath 's go mall, Ar thús 'moige in Éir...inn thall Tcím
 gleann beag dómhain gan tom gan crann, faoí scáth na gcnoc, fá bhun na mbeann.

Nach truaigh mise a cháirde croí,
 Anseo liom féin mo léan mo luí.
 Grian fhuar a' gheimhridh a' caitheamh scáth,
 Ar bhalla mo chille's mé 'nois faoí chrá.
 Tá mise smaoineamh go luath 's go mall,
 Ar thús mo óige in Éirinn thall.
 Tcím gleann beag dómhain gan tom gan crann,
 Faoí scáth na gcnoc, fá bhun na mbeann.

I dtús mo shaoil ba mhór mo shéan,
 Ach bhí 'n t-anas achan áit mo léan.
 Bhí 'n bia gann, 's bhí 'n talamh bocht,
 Bhí 'n tiarna sanntach, ní orainn bhí 'n locht.
 Ba ghruama brónach ár gceann 's ár gcroí,
 Nuair a dhruid m'athair doras a' toighe.
 Sheoil muid amach tar "Thoraigh na mBeann",
 Go Merioca siar i bhfad ón "Ghleann".

Chaith mise saol go haerach thall,
 I "dTír an Óir" i bhfad ó Ghall.
 Bhí and obair cruaidh ach má bhí is fíor,
 Bhí and pháighe árd 'sbhí rudaí saor.
 I ndiaidh blianta fada chas mise anall,

Ba mhór mo mhian go bfillfinn seal.
Ar thír mo dhúchais 'sar chairde mo chroí,
In earrach na bliana ochtmhó trí.

An samhradh dar gceann sheol mise arís,
Na hAifrice Theas ó Éirinn síos.
Ba dheas mo dhoigh 's mé ar bharr na dtonn,
'S mé ag imeacht lem' ghrá thart sáile anonn.
Ar bhórd a tsoithigh thug mise fa dear,
Bean is páiste is claidhre de fhear.
Labhair mé leis. "Nach trom do chroí",
D'fhág tusa daoine faoi chlár na luí.

Bhí crith ina lámh - bhí cúl le na bheal,
Labhair sé le mionna - d'inis sé 'n scéal.
"Ní mise Power ach Carey cóir",
Agus dhíol mé mo chairde ar ghinieacha óir.
Ansin chuir sé lámh ina phóca isteach,
Agus tharraing sé piostal dubh fada amach.
Scaoil muid urcháir - scaoil mise fá thrí,
Thit sé 's mo choinne gan mhóthú gan bhrí.

B'fhada mo thriall 'sba mhór mo chrá croí,
Tá fhios agaibh anois gur labhair an dlí.
Fa 'n seo amarach beidh m' anam gan chorp,
I bhfad ó mó mhuinntir in uaigh gan marc.
Ach coinnigí cuimhne 'sa bhaile 's i gcéin,
Gur scaoil mé an claidhre 's mé mo shábháil fein.
Ná déanaigí dearmad ar a Dálach go deo,
Fa ghleannta Ghaothdobhair 'fhad bheas sibh beo.

Séamas Mac Giolla Bhríde.

CAOINEADH AR PHÁDRAIG Ó DÓNAILL

Mo chúig chéad slán leat, a phlúr na bhfear
Ba mhór do dhóchas, 's tú lán le greann,
Ag dúil i gcónaí go dtiocfadh an t-am
A siúlfá arís linne siar an gleann.

I mBáighe Algoa, san Afraic theas
Tráthnóna Domhnaigh 's an oíche ag teacht
A scaoil tú Carey a shéan gach reacht
's mo léan tú i ngéibheann, is gan éalódh as.

Is fada an cúrsa é, ó chósta Natal
Le súl san Old Bailey, i gcúirt na gceall,
Ag dréim le saoirse, do chroí go teann
Faraor is mo léan air, 'sé an dlíomh atá cam.

Ar maidin Luan a shiúil tú amach,
Do choiscéim éadrom is an drúcht ina leacht,
An bás a bhí i ndán duit, mo mhíle creach,
Gan súil le faoiseamh, a Rí na bhFeart.

A Phádraig Uí Dhónaill, a phlúr na bhfear,
Ba rogha gach éinne thú, ba mhór a meas,
Do shiúil tú an saol mór, thuaidh is theas
Is go raibh míle fáilte romhat ag Rí na bhFeart.

Máire & Dónall Ó Baoill.

Caoineadh ar Phádraig Ó Dónaill

The musical score is written in treble clef with a key signature of one flat (B-flat) and a time signature of 3/4. It consists of four staves of music with lyrics underneath. The lyrics are: mo chúig chéad slán leat, a phlúr na bhfear, Ba mhór do dhóchas, 's tú lán le greann, Ag dúil i gcón-aí go dtioc-fadh an t-am, A siúlfá arís linne ... e siar an gleann.

